- Roghnóidh an Banc Forbartha Heilléanach na bainc thráchtála mar idirghabhálaithe airgeadais chun páirt a ghlacadh sa tSaoráid, ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, trí ghlao oscailte. Déanfaidh bainc thráchtála iasachtaí athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh arna n-eisiúint faoin tSaoráid a chómhaoiniú. Cuirfear na hiasachtaí sin ar fáil do dhaoine aonair le haghaidh uasghráduithe fuinnimh ina bpríomháiteanna cónaithe nó ina n-áiteanna cónaithe tánaisteacha neamhléasaithe. Leis an struchtúr iasachta, déanfar foráil maidir le cistiú 75 % saor ó ús ón tSaoráid 'Upgrade My Home', agus cistiú 25 % ó bhainc rannpháirteacha ar rátaí an mhargaidh. Áireofar ar na speansais incháilithe, mar shampla, na hidirghabhálacha seo a leanas:

  a. Insliú teirmeach (inmheánach/seachtrach).

  b. Díon glas a shuiteáil.

  c. Frámaí fuinneoige agus pánaí gloine atá tíosach ar fhuinneamh a athsholáthar.

  d. Téitheoir uisce gréine a athsholáthar/a shuiteáil.

  e. Buanchórais scáthaithe sheachtraigh a shuiteáil.

  f. Córais téimh agus fuaraithe a athsholáthar/a shuiteáil (níl breosla iontaise a ghintear incháilithe) trí úsáid a bhaint as foinsí fuinnimh in-athnuaite nó as comhchórais teasa agus cumhachta ardéifeachtúlachta (e.g. teaschaidéil leictreacha, aonaid aerchóirithe inbhéartóra d'aicme fuinnimh A+ nó níos airde).

  g. Córais rialála teirmeastatacha a shuiteáil.

  h. Córais stórála fuinnimh (ceallraí) a shuiteáil ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh.

  i. Stáisiúin fhótavoltacha, tuirbíní gaoithe beaga, agus foinsí fuinnimh in-athnuaite eile a shuiteáil.

  j. Obair shuiteála/Seirbhísí ó chomhairleoirí teicniúla nó innealtóirí.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid 'Upgrade My Home' a chur chun feidhme, síneoidh an Ghréig agus an Banc Forbartha Heilléanach Comhaontú Cur Chun Feidhme. Beidh an t-ábhar seo a leanas sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide 'Upgrade My Home'. Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta

críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.

2. Príomhcheanglais na dtáirgí airgeadais, lena n-áireofar:

a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.

b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de**.**

c. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí don chomhpháirtí cur chun feidhme agus d'idirghabhálaithe airgeadais, agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear an tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

5. Síneoidh an Banc Forbartha Heilléanach Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais na gComhaontuithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina bhfeidhmíonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

- Déanfaidh na hidirghabhálaithe airgeadais an cinneadh críochnaitheach maidir leis na heisiúintí iasachtaí i gcomhréir lena mbeartais agus lena nósanna imeachta, go neamhspleách ar an rialtas.
- An oibleagáid atá ar na hidirghabhálaithe airgeadais a gcinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais beartais infheistíochta a shonraítear thuas.
- Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe le haghaidh idirghabhálaithe airgeadais, lena n-áirítear:
    - An tuairisc ar chóras faireacháin na n-idirghabhálaithe airgeadais chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht arna slógadh.
    - An tuairisc ar nósanna imeachta na n-idirghabhálaithe airgeadais lena n-áiritheofar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    - An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.
    - An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta de chuid na n-idirghabhálaithe airgeadais. Fíorófar an méid seo a leanas leis na hiniúchtaí sin: go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh na

gceanglas maidir le sprioc aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na gcomhaontuithe is infheidhme á n-urramú.

6. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 24 mhilliún ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid 'Upgrade My Home' leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF[1].

[1] Ceanglófar ar idirghabhálaithe airgeadais údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail dá dtugtar tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

B.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Clár Uasghrádaithe Fuinnimh “Upgrade My Home” (16401)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
374	2-1.2. Athchóiriú — 16401_ Clár Uasghrádaithe Fuinnimh ‘Upgrade My Home’	Garsprioc	Mo Bhaile a Uasghrádú — Comhaontú Cur Chun Feidhme idir an Banc Forbartha Heilléanach agus an Aireacht Airgeadais	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
376	2-1.2. Athchóiriú — 16401_ Clár Uasghrádaithe Fuinnimh ‘Upgrade My Home’	Cuspóir sonrach	Uasghrádú Mo Bhaile — Comhaontuithe dlíthiúla sínithe le tairbhithe deiridh — 100 %		Céatadán (%)	0 %	100 %	C2	2026	Beidh comhaontuithe maoiniúcháin dhlíthiúil déanta ag idirghabhálaithe airgeadais le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d’infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF.
377	2-1.2. Athchóiriú — 16401_ Clár Uasghrádaithe Fuinnimh ‘Upgrade My Home’	Garsprioc	Uasghrádú Mo Bhaile — Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht Airgeadais	Deimhniú aistrithe				C2	2026	Aistreoidh an Ghréig EUR 60 milliún chuig an mBanc Forbartha Heilléanach le haghaidh na Saoráide.

C. COMHCHUID 1.3: ATHLUCHTÚ AGUS ATHBHREOSLÚ

Is éard atá sa chomhpháirt athluchtaithe agus athbhreoslaithe de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige athchóirithe agus infheistíochtaí spriocdhírithe chun soghluaisteacht inbhuanaithe a mhéadú, fás eacnamaíoch a fheabhsú, deiseanna fostaíochta a chruthú agus athléimneacht shóisialta a chur chun cinn. Tá na bearta a áirítear faoin gcomhpháirt sin nasctha leis an straitéis náisiúnta maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, rud a thacaíonn dá réir sin le cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA). Rannchuideoidh siad freisin leis an aistriú glas trí thacaíocht a thabhairt d'fhiontair a dhéanann oibríochtaí a bhaineann leis an ngeilleagar ísealcharbóin agus le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Áirítear sa chomhpháirt freisin athchóirithe chun tacú le bonneagar leictrea-shoghluaisteachta a shuiteáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí poiblí uirbeacha agus réigiúnacha iompair do phaisinéirí. Áirítear sa chomhpháirt freisin infheistíochtaí chun tacú le hacmhainneacht táirgeachta soláthairtí a bhaineann le leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt agus feithiclí ceallra-leictreacha a chur in ionad busanna agus tacsaithe.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 de 2020 agus ar Mholadh Tírshonrach 2 de 2019, maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach. Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01) á cur san áireamh.

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: Produc-E Green (sainaitheantas birt: 16831)

Is é is cuspóir don bheart seo rannchuidiú leis an ngeilleagar ísealcharbóin agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú. Is éard atá sa bheart sin aonaid thionsclaíocha a fhorbairt don aistriú glas agus an chéad saoráid stórála CO2 a bhunú sa Ghréig.

Athchóiriú: Creat chun bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil agus a oibriú (sainaitheantas birt: 16281)

Leis an athchóiriú, bunófar creat rialála cuimsitheach chun pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil agus a oibriú. Cuirfidh sé sin an Ghréig i dtreo sprioc PNFA de sciar 30 % d'fheithiclí leictreacha sa mhargadh intíre a bhaint amach faoi 2030. Faoi dheireadh 2022, glacfaidh an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh 300 plean ar a laghad arna gcur isteach ag údaráis áitiúla chun pointí luchtaithe feithiclí leictreacha atá ar fáil go poiblí a shuiteáil. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht: Leictrea-shoghluaisteacht (aitheantas birt: 16924)

Is é is cuspóir don bheart seo tacú leis an leictrea-shoghluaisteacht. Is éard atá sa bheart busanna iompair phoiblí leictreacha nua agus leasú ar oibleagáidí seirbhíse poiblí do chuideachtaí bus.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Príomh-athchóiriú 3: Creat chun bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil agus a oibriú

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thascach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
42	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16281_Creat chun bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil agus a oibriú	Garsprioc	Pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha — Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil	Cinntí Aireachta a glacadh a theacht i bhfeidhm.				C3	2021	Teacht i bhfeidhm na gCinntí Aireachta uile (MDanna) dá bhforáiltear i ndlí 4710/2020 agus arna síniú ag an Aire Comhshaoil agus Fuinnimh; An tAire Bonneagair agus Iompair, an tAire Gnóthaí Baile agus an tAire Airgeadais, ag eagrú mhargadh na bhfeithiclí leictreacha, ag díriú ar mhargadh na seirbhísí luchtaithe agus ag soláthar dreasachtaí cáinbhunaithe chun feithiclí leictreacha a cheannach agus chun bonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil.
43	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16281_Creat chun bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil agus a oibriú	Cuspóir sonrach	Pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha — pleananna áitiúla formheasta		Líon na bpleananna arna nglacadh ag an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh	0	300	R4	2022	300 plean ar a laghad arna gcur isteach ag údaráis áitiúla chun pointí luchtaithe feithiclí leictreacha atá ar fáil go poiblí a shuiteáil glactha ag an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh.

Grúpa 4: Leictrea-shoghluaisteacht

Is iad seo a leanas na bearta a áirítear sa ghrúpa sin:

● Táirgeadh — Glas (ID: 16831)

● Leictrea-shoghluaisteacht (ID: 16924)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
44	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16924_ Leictrea-shoghluaisteacht	Garsprioc	Iompar poiblí — Teacht i bhfeidhm rialáil an mhargaidh le haghaidh Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (busanna)	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil athbhreithnithe.				R4	2021	Rialáil an mhargaidh a neartú trí chreat reachtach athbhreithnithe a thabhairt i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí poiblí uirbeacha agus réigiúnacha iompair do phaisinéirí (i gcomhréir le AE 1370/2007). Leis an gcreat athbhreithnithe, déanfar an méid seo a leanas: soláthar leanúnach iompair phoiblí uirbigh agus réigiúnaigh do phaisinéirí de bhóthar a áirithiú (bealach sceidealta agus seasta); (b) maoirseacht a dhéanamh ar dhearadh, eagrú agus oibriú na ngréasán iompair gaolmhar; iompar poiblí de bhóthar ar ardchaighdeán a áirithiú ar an gcostas is ísle is féidir; rialáil a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le cearta eisiacha a dheonú chun bealaí poiblí réigiúnacha agus uirbeacha a oibriú (bealach sceidealta agus bealaí seasta); agus (e) an leibhéal cúitimh as soláthar na seirbhísí réamhluaite a rialáil. Thairis sin, bunófar leis an dlí na critéir uileghabhálacha maidir le soláthar seirbhísí iompair paisinéirí amach anseo. Bunóidh réigiúin chomhfhreagracha agus aonaid réigiúnacha chomhfhreagracha critéir mhionsonraithe a bhaineann go sonrach le réigiún ar leith lena dtabharfar aird

										chuí ar na riachtanais iompair réigiúnsonracha agus lena ndéanfar an próiseas soláthair a mhionchoigeartú dá réir.
45	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16924_ Leictrea-shoghluaisteacht	Garsprioc	Iompar poiblí — rialáil nua margaidh a chur chun feidhme maidir le hOibleagáid Seirbhíse Poiblí (busanna)	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta tánaistí a bhaineann le creat dlíthiúil athbhreithnithe.				C3	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta tánaistí a léirítear sa chreat dlíthiúil athbhreithnithe chun rialáil an mhargaidh a neartú le haghaidh seirbhísí poiblí uirbeacha agus réigiúnacha iompair do phaisinéirí.
46	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16831_Táirge-E Glas	Garsprioc	Aonaid Thionsclaíocha — seoladh an chláir	Teacht i bhfeidhm an Chinnidh Aireachta/na gCinntí Aireachta.				R4	2022	Seoladh an chláir chun aonaid thionsclaíocha a roghnú agus teacht i bhfeidhm an Chinnidh/na gCinntí Aireachta ábhartha ag an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh ina leagtar amach an méid seo a leanas: — Próiseas roghnúcháin chun díriú ar gheilleagar ísealcharbóin agus ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide; — Sásra cur chun feidhme arna shainiú; — Sásra deimhniúcháin nó sásraí deimhniúcháin chun a bhailíochtú go bhfuil an cuspóir maidir leis an athrú aeráide á chomhlíonadh (lena n-áirítear sonraí faoi ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a d'fhéadfaí a dhéanamh, más gá; agus — Amlíne. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin/incháilitheachta a leagfar síos go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
47	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú	Garsprioc	Pointí luchtaithe	Teacht i bhfeidhm an Chinnidh Aireachta/na				R4	2022	Clár a sheoladh chun níos mó ná 8000 pointe luchtaithe atá inrochtana don

	— 16924_ Leictrea-shoghluaisteacht		feithiclí leictreacha — cláir a sheoladh	gCinntí Aireachta.						phobal a roghnú le haghaidh feithiclí leictreacha ag suíomhanna straitéiseacha uirbeacha agus fo-uirbeacha laistigh de chathracha agus ag pointí leasa ('Leictrea-shoghluaisteacht') agus teacht i bhfeidhm an Chinnidh/na gCinntí Aireachta ábhartha ag an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh ina leagtar amach an méid seo a leanas: — An próiseas roghnúcháin; — Sásra cur chun feidhme arna shainiú; — Sásra deimhniúcháin nó sásraí deimhniúcháin chun a bhailíochtú go bhfuil an cuspóir maidir leis an athrú aeráide á chomhlíonadh (lena n-áirítear sonraí faoi ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a d'fhéadfaí a dhéanamh, más gá; agus — Amlíne
48	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16924_ Leictrea-shoghluaisteacht	Garsprioc	Iompar inbhuanaithe — staidéar féidearthachta	Teacht i bhfeidhm Cinnidh Chomhpháirtigh Aireachta lena nglactar an Staidéar Féidearthachta le haghaidh Gníomhaireacht um Shoghluaisteacht Leictreonach.				R4	2022	Teacht i bhfeidhm Cinnidh Aireachta Chomhpháirtigh lena nglactar staidéar féidearthachta chun gníomhaireacht leictrea-shoghluaisteachta a bhunú lena n-áiritheofar pleanáil agus comhordú iomchuí idir bonneagair iompair agus fuinnimh, rialtais réigiúnacha agus áitiúla, agus lena gcuirfear chun cinn naisc idir an slabhra ríomhsholáthair — lena n-áirítear táirgeoirí ceallraí agus RES — leis an mbonn taighde agus nuálaíochta.
50	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16831_Táirge-E Glas	Garsprioc	Aonaid Thionsclaíocha — cuideachtaí roghnaithe	Formheas iarratas ag an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh				R4	2023	Formheas ón Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh ar iarratais a cuireadh isteach le haghaidh níos mó ná 10 n-aonad thionsclaíocha ('Táirge E-Green'). Roghnófar iarratais i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin/incháilitheachta agus áiritheofar leo go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha

										náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
51	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16831_Táirge-E Glas	Garsprioc	Gabháil agus Stóráil Carbóin (GSC) — cead stórála	An cead stórála a eisiúint agus córas tuairiscithe a bhunú.				R4	2024	Eisiúint an cheada stórála ag an Aireacht atá freagrach as Gabháil agus Stóráil Carbóin (CCS) chuig oibreoir deimhnithe. Beidh ráta insteallta CO2 milliún tona in aghaidh na bliana ag acmhainneacht na saoráide gabhála agus stórála carbóin ar dtús agus soláthróidh sí acmhainneacht ar feadh 20 bliain ar a laghad. Iarratas iomlán arna chur faoi bhráid na hAireachta Comhshaoil agus Fuinnimh ag an iarratasóir, lena n-áireofaí na staidéir ábhartha uile chomh maith le Staidéar ar Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol. Córas tuairiscithe a bhunú le haghaidh tuairisciú bliantúil ar CO_2 a stóráiltear agus deimhniú nach n-eastósctar aon ola, seachas an ola sin atá teoranta do na riachtanais fhíor-riachtanacha a bhaineann le brú a bhainistiú agus sábháilteacht na láithreán stórála a áirithiú, agus go ndéanfar aon phróiseas CO_2 a bhaineann leis an eastóscadh fíor-riachtanach a dheighilt agus a chothú ar ais le haghaidh stóráil bhuan. Oibreoidh an tsaoráid gabhála agus stórála carbóin gan úsáid a bhaint as aon ghníomhaíochtaí eastósctha ola tráchtála nó aisghabhála ola ó thréimhsí an taiscumair ina bhfuil instealladh CO2 ag tarlú. Thairis sin, comhlíonfaidh gabháil agus stóráil carbóin freisin an ceanglas nach mbeidh aon fheidhmeanna teicneolaíochta ann, ná aon chineál saoráidí agus trealaimh a ndearnadh innealtóireacht orthu i dtreo cur i bhfeidhm Aisghabhála Ola Fheabhsaithe (EOR) agus táirgeadh ola méadaithe. Beifear cúramach go ndéanfar aon eastóscadh féideartha ola nó gáis a theorannú do na riachtanais fhíor-riachtanacha a bhaineann le brú a

										bhainistiú agus sábháilteacht na láithreán stórála a áirithiú agus nach ndéanfar aon eastóscadh den sórt sin ach amháin má tá sé fíor-riachtanach chun stóráil shábháilte CO_2 a áirithiú. Déanfar CO_2 le haon ola nó gás a fhéadfar a eastóscadh a dheighilt agus a fhothú ar ais le haghaidh buanstórála.
45a	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16924_ Leictrea-shoghluaisteacht	Garsprioc	Bus iompair phoiblí — glaonna ar thairiscintí a fhoilsiú do na réigiúin	Foilsiú na nglaonna ar thairiscintí do na réigiúin.				C2	2025	Tar éis an gréasán busanna do na línte rialta fadraoin agus uirbeacha d'iompar poiblí paisinéirí de bhóthar a chinneadh, seolfar glaonna ar thairiscintí do réigiúin ar bhealach céimnithe. Beidh dhá chonradh in aghaidh an réigiúin mar thoradh ar gach glao seolta: (a) don ghréasán idiruirbeach (fad-achair); agus (b) don ghréasán uirbeach, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta. Sula bhfoilseofar an glao, déanfar comhairliúchán poiblí. Cuirfear torthaí an chomhairliúcháin phoiblí san áireamh sna glaonna.
52	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16924_ Leictrea-shoghluaisteacht	Cuspóir sonrach	Busanna — busanna leictreacha a chur ina n-ionad agus conradh seirbhíse poiblí a dhámhachtain go díreach le haghaidh seirbhísí rialta iompair de bhus do limistéir uirbeacha aonad réigiúnach Thessaloniki.		Líon na mbusanna ceallra-leictreacha nua	0	425	R4	2025	Tarraingíodh siar seachadadh 425 bhus leictreacha nua agus 425 sheanbhus ó chúrsaíocht. Fógra maidir le dámhachtain dhíreach conartha seirbhíse poiblí le haghaidh seirbhísí tráthrialta iompair de bhus i limistéir uirbeacha aonad réigiúnach Thessaloniki faoi dhlínse Údarás Iompair Thessaloniki S.A. (OSETH).
53	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16831_Táirge-E Glas	Garsprioc	CCS — Tobar amháin a dhruileáil	Oibríonn druileáil le haghaidh tobar amháin den tSaoráid Gabhála agus Stórála Carbóin.				R4	2025	Trealamh druileála a sheachadadh, agus deimhniú lena bhfíoraítear druileáil tobair amháin
54	3-1.3. Athluchtú agus athbhreoslú — 16831_Táirge-	Garsprioc	Aonaid thionsclaíocha — oibreacha	Oibreacha foirgníochta a chur i gcrích agus trealamh a shuiteáil				R4	2025	Beidh oibreacha foirgníochta agus suiteálacha trealaimh críochnaithe ag aonaid thionsclaíocha roghnaithe.

	E Glas		foirgníochta a chur i gcrích agus trealamh a shuiteáil							

D. COMHCHUID 1.4: ÚSÁID INBHUANAITHE ACMHAINNÍ, ATHLÉIMNEACHT AERÁIDE AGUS COSAINT CHOMHSHAOIL

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige an t-aistriú glas a chur chun cinn. Cuimsítear leis athchóirithe agus infheistíochtaí spriocdhírithe chun feabhas a chur ar chosaint agus ar athbhunú an chomhshaoil nádúrtha, lena n-áirítear cosaint na bithéagsúlachta, feabhas a chur ar bhonneagar comhshaoil agus caillteanais i gcumhdach foraoise a aisghabháil. Thairis sin, áirítear leis athchóiriú ar bhainistiú dramhaíola lena n-áirítear go háirithe Rialtóir Náisiúnta Dramhaíola a bhunú chun tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach bunaithe ar dhramhaíl a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil. Bunaítear leis freisin Údarás Náisiúnta Rialála Uisce, d'fhonn inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí agus na n-infheistíochtaí fóntais uisce a fheabhsú. Le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a áirítear sa chomhpháirt, méadófar an éifeachtúlacht maidir le hacmhainní nádúrtha a úsáid agus cuirfear chun cinn an chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol don tsochaí agus don gheilleagar araon. Áirítear sa chomhpháirt freisin infheistíochtaí chun feabhas a chur ar sholáthar uisce óil agus ar sholáthar séarachais, agus chun dúshláin chomhshaoil i ngeall ar an athrú aeráide a chosc agus a mhaolú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 de 2020 agus ar Mholadh Tírshonrach 2 de 2019, maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach. Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01) á cur san áireamh.

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: Plean Náisiúnta um Athfhoraoisiú, athbhunú agus cosc ('antiNERO'), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte (aitheantas birt: 16849)

Is é cuspóir an bhirt éiceachórais foraoise dhíghrádaithe sa Ghréig a athbhunú agus tubaistí nádúrtha amach anseo a chosc. Is éard atá sa bheart gníomhaíochtaí athfhoraoisithe, coiscthe falscaithe, frithchreimthe agus cosanta ar thuilte.

Infheistíocht: Bonneagair Bainistithe Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda ó Chóireáil Fuíolluisce (sainaitheantas birt: 16846)

Is é cuspóir an bhirt truailliú an chomhshaoil a eascraíonn as cóireáil fuíolluisce a laghdú. Is éard atá sa bheart bonneagair líonra séarachais agus gléasraí cóireála fuíolluisce (WWTPanna) a thógáil, WWTPanna atá ann cheana a athchóiriú agus bonneagair bainistithe sloda ó WWTPanna a thógáil.

Athchóiriú: An Straitéis Náisiúnta Uisce (sainaitheantas an bhirt: 16285)

Is é cuspóir an bhirt creat a bhunú chun acmhainní uisce a úsáid go héifeachtúil agus go hinbhuanaithe agus tacú le hatheagrú píolótach soláthraithe seirbhísí uisce. Is éard atá i gceist leis an mbeart an Straitéis Náisiúnta Uisce a ghlacadh, agus an gníomh dlí chun freagrachtaí EYDAP (Cuideachta soláthair uisce agus séarachais na hAithne) agus EYATH (Cuideachta soláthair uisce agus séarachais Thessaloniki) a leathnú.

Infheistíocht: Bonneagair Soláthair agus Coigiltis Uisce Óil (aitheantas birt: 16850)

Is é cuspóir an bhirt infhaighteacht agus cáilíocht uisce óil a fheabhsú, agus rioscaí sceite agus sláinte poiblí a bhaineann le bonneagar uisce a laghdú. Is éard atá sa bheart bonneagair soláthair uisce a thógáil, teiliméadracht a shuiteáil — córais chianrialaithe agus méadair uisce dhigiteacha.

Infheistíocht: Modhanna aeir le haghaidh bainistiú géarchéime (aitheantas birt: 16911)

Is é cuspóir an bhirt an acmhainneacht aeir le haghaidh bainistiú géarchéime a mhéadú. Is éard atá sa bheart modhanna aeir a sholáthar le haghaidh bainistiú géarchéime.

Infheistíocht: Trealamh comhraicthe dóiteáin, coiscthe agus freagartha foraoise (sainaitheantas birt: 16912)

Is é cuspóir an bhirt acmhainneachtaí comhraicthe dóiteáin foraoise, coiscthe agus freagartha a mhéadú. Is éard atá sa bheart trealamh comhraicthe dóiteáin agus freagartha a sheachadadh.

Infheistíocht: Cosaint na bithéagsúlachta mar spreagadh don fhás inbhuanaithe (sainaitheantas birt: 16851)

Is é cuspóir an bhirt comhshaol nádúrtha na Gréige a chosaint trína hoidhreacht nádúrtha a chaomhnú agus a thaispeáint. Is éard atá sa bheart faireachán agus caomhnú na bithéagsúlachta, bunú líonraí iarnróid agus athchóiriú músaeim.

Infheistíocht: Bainistiú agus faireachán na cosanta sibhialta (aitheantas birt: 16910)

Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar an gcóras bainistithe agus faireacháin le haghaidh cosaint shibhialta. Is éard atá sa bheart trealamh a sheachadadh agus a shuiteáil agus oibreacha tógála agus athchóirithe i bhfoirgnimh réamhshainithe.

Infheistíocht: Ionaid Réigiúnacha um Chosaint Shibhialta (PEKEPP) a chur chun feidhme trí scéimeanna PPP (cód aitheantais an bhirt: 16283)

13 Lárionad Réigiúnacha um Chosaint Shibhialta a thógáil trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha. Is é cuspóir na hinfheistíochta a áirithiú go ndéanfar rioscaí agus géarchéimeanna a bhainistiú go tráthúil agus go héifeachtach ar an leibhéal réigiúnach. Comhlíonfaidh na foirgnimh nuathógtha Príomhéileamh Fuinnimh (PED) atá 20 % níos ísle ar a laghad ná ceanglas NZEB (foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh, treoracha náisiúnta). Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ (2021/C58/01) á cur san áireamh. Go háirithe, ceanglaítear leis an mbeart ar na hoibreoirí eacnamaíocha a dhéanann na hoibreacha foirgníochta a áirithiú go ndéanfar 70 % ar a laghad (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d’ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 lena n-ionadaítear Cinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíola de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus Cinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2000) 1147)) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, lena hathchúrsáil nó le haisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal

Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh. Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: Dlí maidir le bainistiú dramhaíola le haghaidh líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe (cód aitheantais an bhirt: 16772)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo cosc, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a mhéadú. Is éard atá sa bheart seo athbhreithniú ar an reachtaíocht bainistithe dramhaíola atá ann cheana agus bunú agus feidhmiú rialtóra bainistithe dramhaíola.

Athchóiriú: Údarás rialála nua uisce agus fuíolluisce a bhunú (cód aitheantais an bhirt: 16979)

Leis an athchóiriú, bunófar comhlacht aonair, an tÚdarás Náisiúnta Rialála Uisce (NWRA), a bheidh freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme maidir le bainistiú réasúnach acmhainní uisce arna cheapadh ag an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh. Neartóidh an tÚdarás nua an creat institiúideach agus déanfaidh sé maoirseacht ar an earnáil, lena n-áirítear cuíchóiriú an bheartais um tharaifí uisce i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus inbhuanaitheacht na seirbhísí uisce sa Ghréig a áirithiú. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht: Réamhiniúchadh ar fhriotaíocht sheismeach foirgneamh (aitheantas birt: 16983)

Is é cuspóir na hinfheistíochta measúnú a dhéanamh ar athléimneacht i gcrith talún i bhfoirgnimh chriticiúla éagsúla sa tír. Is éard atá sa bheart réamh-Chigireachtaí Amhairc Meara (RVI).

Infheistíocht: Clár Forbartha don Rialtas Áitiúil ‘Antonis Tritsis’ (aitheantas birt: 16404)

Is é is cuspóir don infheistíocht sin tacú leis an bhforbairt uirbeach, leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus le haistriú glas bhardais na Gréige.

Is éard atá san infheistíocht idirghabhálacha spáis phoiblí i limistéir uirbeacha, oibreacha maolaithe tuilte, feithiclí leictreacha a cheannach agus bonneagar luchtaithe a shuiteáil, agus infheistíochtaí i mbonneagair uirbeacha uisce óil agus fuíolluisce.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Príomh-athchóiriú 4: Bainistiú dramhaíola agus athchóiriú uisce le haghaidh úsáid inbhuanaithe acmhainní

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
56	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16772_Dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le bainistiú dramhaíola	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				C3	2021	Teacht i bhfeidhm dlí maidir le hathchúrsáil agus líonadh talún chomh maith le dreasachtaí a thabhairt isteach do bhardais chun rátaí arda athúsáide agus athchúrsála a bhaint amach agus cáin líonta talún a chur chun feidhme. Cuirfear an cháin ar líonadh talún i bhfeidhm amhail ón gcéad ráithe de 2022 agus tiocfaidh méadú de réir a chéile ar na taraifí go dtí go sroichfidh siad uastairseach na cánach ar líonadh talún faoin tríú ráithe de 2024.
57	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16772_Dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dhlí an rialtóra bainistithe dramhaíola	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				C3	2022	Teacht i bhfeidhm dlí chun an méid seo a leanas a dhéanamh: - údarás Náisiúnta Rialála Dramhaíola a bhunú, a oibriú agus a fhreagrachtaí; - Athchóiriú na gcomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla bainistithe dramhaíola (FOSDA); agus - Beartais fhónta chostála agus phraghsála a thabhairt isteach i gcomhréir leis na prionsabail 'íoc mar a chaitheann tú uait' agus 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir'.
58	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le rialtóir uisce	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R4	2022	Teacht i bhfeidhm dlí chun Údarás Rialála Uisce agus Fuíolluisce nua a bhunú agus a oibriú.

	aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16979_Údarás rialála nua uisce agus fuíolluisce a bhunú									
59	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16772_Dlí maidir le bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme	Garsprioc	Bunú agus feidhmiú an rialtóra bainistithe dramhaíola	Teacht i bhfeidhm Cinnidh Aireachta Chomhpháirtigh agus na mbeart riaracháin agus reachtach uile is gá chun an tÚdarás a bhunú				R4	2023	Tá áitreabh ag an Údarás Náisiúnta Rialála Dramhaíola nua agus tá an t-áitreabh sin feistithe ann.
59a	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16772_Dlí maidir le bainistiú dramhaíola le haghaidh líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe	Garsprioc	Deimhniú na gcomhlachtaí bainistithe dramhaíola soladaí (FODSAnna) ag an Údarás Rialála	Deimhniú na 14 chomhlacht bainistithe dramhaíola soladaí (FODSAnna) ag an Údarás Rialála um Dhramhaíl, Fuinneamh agus Uisce (RAAEY)				R4	2025	Deimhneoidh an tÚdarás Rialála um Dhramhaíl, Fuinneamh agus Uisce (RAAEY) go gcomhlíonann 14 chomhlacht bainistithe dramhaíola soladaí na Gréige (FODSAnna) na híosleibhéil acmhainneachta i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.
60	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16979_Údarás rialála nua uisce agus fuíolluisce a bhunú	Garsprioc	Bunú agus feidhmiú an rialtóra bainistithe uisce	Teacht i bhfeidhm Cinnidh Aireachta Chomhpháirtigh agus na mbeart riaracháin agus reachtach uile is gá chun an tÚdarás a bhunú				R4	2023	Tá áitreabh ag an Údarás Náisiúnta Rialála Uisce agus Fuíolluisce nua agus tá an t-áitreabh sin feistithe ann.

316	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16285_An Straitéis Náisiúnta Uisce	Garsprioc	An Straitéis Náisiúnta Uisce, agus freagrachtaí dhá fhóntas uisce a leathnú	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí chun an Straitéis Náisiúnta Uisce a ghlacadh agus chun freagrachtaí EYDAP (Cuideachta soláthair uisce agus séarachais na hAithne) agus EYATH (Cuideachta soláthair uisce agus séarachais Thessaloniki) a leathnú				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí seo a leanas: An Straitéis Náisiúnta Uisce lena ndéantar measúnú ar staid reatha an bhainistithe uisce agus lena mbunaítear treoracha beartais chun cosaint agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní uisce a áirithiú; príomhghníomh dlí chun freagrachtaí EYDAP (cuideachta soláthair uisce agus séarachais na hAithne) agus EYATH (cuideachta soláthair uisce agus séarachais Thessaloniki) a leathnú gogeografach, chomh maith lena bhfreagrachtaí a leathnú chuig seirbhísí uisce uisciúcháin.

An cúigiú teascán: Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe agus Cosaint na Bithéagsúlachta

Is iad seo a leanas na bearta a áirítear sa ghrúpa sin:

- Plean Náisiúnta um Athfhoraoisiú, athbhunú agus cosc (‘antiNERO’), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte (ID: 16849)
- Cosaint na bithéagsúlachta mar spreagadh don fhás inbhuanaithe (ID: 16851)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
61	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16849_ Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, athbhunú agus cosc (‘antiNERO’), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte	Garsprioc	Athfhoraoisiú, athbhunú agus cosc — conarthaí 1	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí				C2	2023	Fógra faoi dhámhachtain na gconarthaí uile le haghaidh chláir Antinero I agus II chun 37 500 ha d’éiceachórais foraoise dhíghrádaithe a uasghrádú, lena n-áirítear imréitigh foraoisí agus coillearnaí agus cothabháil an ghréasáin bóithre foraoise agus na gcriosanna dóiteáin atá ann cheana.
62	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16849_ Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, athbhunú agus cosc (‘antiNERO’), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte	Garsprioc	Athfhoraoisiú, athbhunú agus cosc — conarthaí 2	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí				R4	2023	Fógra faoi dhámhachtain na gconarthaí uile le haghaidh na nithe seo a leanas: 1. 5 700 ha d’éiceachórais foraoise dhíghrádaithe sa Ghréig a athchóiriú trí phlanduithe a phlandú agus úsáid á baint as 50 % ar a laghad de speicis dhúchasacha; agus 2. Uasghrádú agus nuachóiriú na gceithre phlandlann foraoise; agus 3. Cur chun feidhme píolótach an Phlean Náisiúnta Athfhoraoisithe; agus 4. Bearta frithchreimthe agus friththuilte in Evros agus in Rhodopes lena gcumhdaítear 5000 heicteár san iomlán d’oibreacha frithchreimthe agus 175 000 m² d’oibreacha cosanta ar thuilte.

63	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16849_ Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, athbhunú agus cosc (‘antiNERO’), bearta frithchreimthe agus cosanta ar thuilte	Garsprioc	Athfhoraoisiú, athbhunú agus cosc — forghníomhú	Oibreacha a dhéanamh				R4	2025	- 5 084 ha d’éiceachórais foraoise dhíghrádaithe a athchóiriú; - AntiNERO I, II, III, IV & V chun 91 640 ha d’éiceachórais dhíghrádaithe a uasghrádú; - Bearta frithchreimthe lena gcumhdaítear 8 020 ha; - Bearta friththuilte lena gcumhdaítear 401 437 m²
64	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16851_Cosaint na bithéagsúlachta mar spreagadh don fhás inbhuanaithe	Garsprioc	Bithéagsúlacht	Seachadadh tionscadal mar a thuairiscítear sa tuairisc ar an ngarsprioc				R4	2025	- Líonra cosán agus conairí siúlóireachta a bhunú; - Athchóiriú ar Mhúsaem Staire Nádúrtha na Créite; - Aitheantas a thabhairt do Mhúsaem Staire Nádúrtha Goulandris mar Mhúsaem Náisiúnta Staire Nádúrtha; - Trealamh a sheachadadh le haghaidh - córas faireacháin agus patróil le haghaidh limistéir faoi chosaint.

Grúpa 6: Bonneagar fuíolluisce agus uisce, coigilteas uisce

Is iad seo a leanas na bearta a áirítear sa ghrúpa sin:

● Bonneagair Bainistithe Fuíolluisce agus Sloda Uirbigh (ID: 16846)

● Bonneagair Soláthair agus Coigiltis Uisce Óil (ID: 16850)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
66	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16850_Bonneagair Soláthair agus Coigiltis Uisce Óil	Garsprioc	Iarratais ar bhonneagair uisce a fhormheas	Iarratais arna bhformheas ag an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh				C2	2023	Glao ar léiriú spéise a eisiúint le haghaidh tionscadail bonneagair uisce, chun na ceanglais seo a leanas a chur san áireamh: (i) go mbeidh Innéacs Sceite Bonneagair (ILI) ag córais nuathógtha a bheidh níos lú ná nó cothrom le 1,5 (ii) le haghaidh gníomhaíochtaí athchóirithe chun an sceitheadh a laghdú níos mó ná 20 % nó chun an meántomhaltas fuinnimh a laghdú níos mó ná 20 % agus (iii) go mbeidh gléasraí díshalannaithe nasctha le foinsí fuinnimh in-athnuaite agus go mbeidh meántomhaltas fuinnimh acu a bheidh níos lú ná nó cothrom le 0.5 kWh.
68	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16846_ Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda ó Chóireáil Fuíolluisce	Garsprioc	Fógra faoi dhámhachtain conartha le haghaidh tionscadail fuíolluisce	Fógra faoi dhámhachtain na gconarthaí go léir				R4	2023	Fógra faoi dhámhachtain conartha le haghaidh tionscadail bainistithe fuíolluisce agus sloda: 1. Bonneagar líonra séarachais agus Gléasraí Cóireála Fuíolluisce (WWTP). 2. Gléasraí Cóireála Fuíolluisce a uasghrádú, a leathnú agus a nuachóiriú agus uisce cóireáilte a athúsáid. 3. Bonneagar bainistithe sloda ó ghléasraí cóireála dramhaíola uisce a chur chun feidhme.
73	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe	Garsprioc	Tionscadail Bhonneagar	70 tionscadal tógtha				R4	2025	70 tionscadal a thógáil i réimsí amhail: - bonneagair líonraí séarachais, píopaí nasctha

	acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16846_ Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda ó Chóireáil Fuíolluisce		Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda arna dtógáil							séarachais agus gléasraí cóireála fuíolluisce (WWTPanna); - WWTPanna a uasghrádú, a leathnú agus a nuachóiriú agus uisce cóireáilte a athúsáid; agus - bonneagair bainistithe sloda ó WWTPanna.
74	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16850_Bonneagair Soláthair agus Coigiltis Uisce Óil	Garsprioc	Tionscadail bonneagair uisce a cuireadh i gcrích	50 tionscadal ar a laghad curtha i gcrích				R4	2025	50 tionscadal soláthair uisce agus tionscadail bonneagair choigiltis ar a laghad a chur i gcrích, lena n-áirítear: (a) bonneagair soláthair uisce a thógáil i seacht limistéar ar a laghad agus trí ghléasra díshalannaithe ar a laghad (b) suiteáil teiliméadrachta — córais chianrialaithe chun sceitheadh a bhrath i líonraí soláthair uisce agus (C) méadair uisce dhigiteacha a shuiteáil

Grúpa 7: Tionscadail Cosanta Sibhialta

Is iad seo a leanas na bearta a áirítear sa ghrúpa sin:

- Modhanna aeir le haghaidh bainistiú géarchéime (ID: 16911)
- Bainistiú agus faireachán na cosanta sibhialta (ID: 16910)
- Trealamh comhraicthe dóiteáin, coiscthe agus freagartha foraoise (ID: 16912)
- Ionaid Réigiúnacha um Chosaint Shibhialta (PEKEPP) a chur chun feidhme trí scéimeanna PPP (ID: 16283)
- Réamhiniúchadh ar fhriotaíocht sheismeach foirgneamh (ID: 16983)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
77	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16283_ Lárionaid Réigiúnacha um Chosaint Shibhialta (PEKEPP) a chur chun feidhme trí scéimeanna PPP	Garsprioc	Tairiscint le haghaidh 13 Lárionad Réigiúnacha	Fógra tairisceana a fhoilsiú				C3	2021	Fógra tairisceana a fhoilsiú chun 13 ionad réigiúnacha cosanta sibhialta a thógáil.
78	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16910_Córas Faireacháin agus Bainistíochta	Garsprioc	Conradh le haghaidh GPS	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí				R4	2022	Fógra faoi dhámhachtain conartha don Chóras Faireacháin GPS agus don Chóras Luathrabhaidh.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
79	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16911_Aermhodhanna le haghaidh bainistiú géarchéime	Garsprioc	Dhá héileacaptar comhraic dóiteáin mheánmhéide a cheannach	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí				R4	2023	Fógra faoi dhámhachtain an chonartha chun dhá héileacaptar comhraic dóiteáin meánmhéide a cheannach le haghaidh riachtanais cosanta sibhialta agus comhraic dóiteáin.
81	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16910_ Bainistiú agus faireachán ar chosaint shibhialta	Garsprioc	Bainistíocht agus faireachán ar an gcosaint shibhialta a chur i gcrích	Seachadadh agus suiteáil trealaimh agus oibreacha tógála agus athchóirithe i bhfoirgnimh réamhshainithe				R4	2025	1. Córas Bainistíochta Cabhlaigh GPS a sheachadadh le haghaidh Feithiclí Seirbhíse Dóiteáin, Feithiclí Cosanta Sibhialta na Réigiún agus na mBardas. Uasghrádú ar an gcóras faisnéise “gabháil”; 2. Stáisiúin Mheitéareolaíocha a sheachadadh le haghaidh Luathrabhadh Tubaistí Nádúrtha; 3. Stáisiúin chumarsáide éigeandála a sheachadadh agus sonraí aeráide maidir le réimsí spéise (raidiair) a sholáthar; 4. Oibreacha foirgníochta a cuireadh i gcrích i bhFoirgnimh Faros agus Atlantas, do riachtanais an tSásra Náisiúnta Bainistithe Tubaistí agus Freagartha Riosca; 5. Athchóiriú ar fhoirgnimh Institiúidí Oideachais um Chosaint Shibhialta agus seachadadh agus suiteáil trealaimh; 6. Seachadadh trí aerárthach mar lárionaid rialaithe agus bainistíochta aerfhaireachais. 7. Seachadadh riaracháin mhóibíligh agus lárionad rialaithe ar an láthair in 13 Réigiún.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
82	4-1.4. Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil — 16911_Aermhodhanna le haghaidh bainistiú géarchéime	Garsprioc	Tionscadal modhanna aeir le haghaidh bainistiú géarchéime a chur i gcrích	Modhanna aeir le haghaidh bainistiú géarchéime curtha ar fáil				R4	2025	Seachadadh: 1. 2 héileacaptar áisiúlachta meánmhéide agus méide le haghaidh úsáid leighis; 2. 2 héileacaptar comhraicthe dóiteáin meánmhéide agus méide; 3. 1 héileacaptar amháin chun Foireann Bainistithe Teagmhas ARCP a iompar. Ní mór do gach aerárthach sainchuspóireach a bheith ina léiriú ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil is fearr atá ar fáil ina n-aicme.
119	6-2.2. Nuachóiriú — 16736_Córas nua um Sholáthar Poiblí	Garsprioc	Seachadadh an chórais nua um sholáthar poiblí	Seachadadh an 'chórais nua um sholáthar poiblí'				R4	2025	An córas nua um Sholáthar Poiblí a sheachadadh chun tairseach ríomhsholáthair nua (ESIDIS) a chur i bhfeidhm, le fochórais

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										uasghrádaithe, idir-inoibritheacht le córais eile, gnéithe slándála nua, agus uirlisí tacaíochta d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis chonarthacha.
120	6-2.2. Nuachóiriú — 16824_Clárlanna	Garsprioc	Tionscadal na gClárlann Eorpach a chur i gcrích	Tionscadal 'r-chlárlanna' a sheachadadh				R4	2025	Na hardáin 'Ríomhchlárlanna' a sheachadadh le haghaidh clárlanna sa riarachán poiblí.

Grúpa 10: Tionscnaimh a bhaineann le hionchorprú teicneolaíochtaí nua i dtreo aistriú digiteach agus nuachóiriú an Riaracháin Phoiblí

- Teicneolaíochtaí nua agus treochtaí i dtreo ardseirbhísí an Riaracháin Phoiblí a ionchorprú, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú, agus costais oibriúcháin, uasghrádaithe agus chothabhála na gcóras a laghdú (ID: 16928)
- Cathracha cliste (ID: 16854)
- Soláthar Bonneagair agus Seirbhísí Ríomhaireachta Néalríomhaireachta Lárnaí (ID: 16853)
- Uasghrádú ar bhonneagar agus ar sheirbhísí néalríomhaireachta na mBonneagar Náisiúnta Taighde agus Teicneolaíochta (GRNET) (ID: 16955)
- Leathnú Syzefksis II (ID: 16956)
- Straitéis agus beartais Rialachais Sonraí don Earnáil Phoiblí (ID: 16827)
- BI lárnach — Anailísíocht Sonraí (ID: 16842)

Sraith Uimh.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
121	6-2.2. Nuachóiriú — 16842_BI Lárnach — Anailísíocht Sonraí	Garsprioc	Dámhachtain conartha Faisnéis Lárnach Ghnó (BI)	Fógra faoi dhámhachtain conartha				R4	2022	Conradh dámhachtana dámhachtana ag an Aireacht Rialachais Dhigitigh le haghaidh na hionstraime gnó Lárnaí — Sonraí. Anailísíocht, lena gcumhdófar: a) Creat rialachais sonraí a fhorbairt agus a bhailíochtú, Foclóir Sonraí agus Príomhtháscairí Feidhmíochta a shainaithint b) Eochairtháscairí feidhmíochta a shainaithint C) Foclóir Sonraí d) Creat Rialachais Sonraí e) An Cur Chuige Ailtireachta & Pointí Lánpháirtíochta a dhearadh f) Cumraíocht an Stórais Sonraí g) Comhtháthú le Córais Faisnéise Cúloifige h) Tuarascálacha agus Anailísíocht BI a thógáil

Sraith Uimh.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										i) Tacaíocht d'Oibríochtaí Éiceachóras BI ar feadh 3 bliana j) Ceadúnais Táillí le haghaidh 200 úsáideoir ag a bhfuil pribhléidí sár-riarthóra agus 200 TB Stórála.
122	6-2.2. Nuachóiriú — 16853 Soláthar Bonneagair agus Seirbhíse Néalríomhaireachta Lárnaí	Garsprioc	Bonneagar agus seirbhís néalríomhaireachta lárnaí a chur i gcrích	Tuarascáil ón Aireacht Rialachais Dhigitigh ina ndéantar doiciméadú ar chur i gcrích bhunú chomhpháirteanna agus bhonneagar paraiméadrachta uile an tionscadail le haghaidh an tionscadail bonneagair agus seirbhísí néalríomhaireachta lárnaí.				C2	2024	Tús a chur le hoibríochtaí chun comhpháirteanna agus bonneagar paraiméadrachta uile an tionscadail a chur ar bun le haghaidh an tionscadail bonneagair agus seirbhísí néalríomhaireachta lárnaí. An tionscadal bonneagair agus seirbhísí néalríomhaireachta lárnaí a thabhairt isteach agus a oibríochtú. Áireofar sa bhonneagar nua suiteáilte meaisíní fíorúla agus líonraí fíorúla comhfhreagracha (bonneagar mar sheirbhís), ardán mar sheirbhís, dhá eagar imeall-ríomhaireachta, dhá chomhéadan speisialta de shnáithín optúil ardluais agus seirbhísí oiliúna agus tacaíochta don tionscadal foriomlán. Ceanglófar ar Lárionaid Sonraí an tSoláthraí Néalseirbhísí an 'Cód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí' a chomhlíonadh.
123	6-2.2. Nuachóiriú — 16854_Cathracha cliste	Cuspóir sonrach	Tionscadail 'cathrach cliste' a chur i gcrích		Líon na mbardas a chruthaíonn go bhfuil tionscadail 'cathracha cliste' á seachadadh	0	11	R4	2025	Tionscadail 'cathracha cliste' curtha i gcrích ag 11 bhardas Ghréagacha
124	6-2.2. Nuachóiriú —	Garsprioc	Creat chun	Creat a ghlacadh				R4	2025	Creat a bhunú chun teicneolaíochtaí agus

Sraith Uimh.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	16928_Teicneolaíochtaí agus treochtaí nua a ionchorprú i dtreo ardseirbhísí an Riaracháin Phoiblí, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú, agus costais oibriúcháin, uasghrádaithe agus chothabhála córas a laghdú		teicneolaíochtaí nua a ionchorprú sa riarachán poiblí	chun teicneolaíochtaí nua a ionchorprú sa riarachán poiblí						uirlisí nua a thabhairt isteach (ríomhaireacht néalríomhaireachta, Intleacht Ghnó, Intleacht Shaorga — IS, Meaisínfhoghlaim, Teicneolaíocht Mórleabhar Dáilte — DLT) sa riarachán poiblí.
125	6-2.2. Nuachóiriú — 16955_Uasghrádú ar bhonneagar agus seirbhísí néalríomhaireachta na mBonneagar Náisiúnta Taighde agus Teicneolaíochta (GRNET)	Garsprioc	GRNET	Uasghrádú bhonneagar agus sheirbhísí néalríomhaireachta GRNET a sholáthar, Céim A Daedalus a chur i gcrích agus comhaontú léasaithe le haghaidh bonneagar snáthoptaice a shíniú				R4	2025	Uasghrádú ar bhonneagar agus ar sheirbhísí néalríomhaireachta na mBonneagar Náisiúnta Taighde agus Teicneolaíochta (GRNET). Forghníomhú ‘Céim A — Cur Chun Feidhme Sár-ríomhaire Daedalus’, mar a leagtar amach sa chonradh ábhartha. Lárionad sonraí a bhunú chun tacú leis an sár-ríomhaire nua, le suiteáil bogearraí, le cumraíocht agus le hoibríocht phíolótach. Comhaontú léasa a shíniú le haghaidh bonneagar snáthoptaice.
125a	6-2.2. Nuachóiriú — 16955_Uasghrádú ar bhonneagar agus seirbhísí néalríomhaireachta na mBonneagar Náisiúnta Taighde agus Teicneolaíochta (GRNET)	Garsprioc	Uas-scálú GRNET	Uasghrádú threalamh líonra GRNET a chur i gcrích agus bonneagar lárionaid sonraí GRNET a athnuachan				R4	2025	Uasghrádú ar threalamh líonra GRNET ag os cionn 100 suíomh ar fud na tíre, rud a mhéadaíonn luasanna ón 1-10 Gbps atá ann faoi láthair go 100-400 Gbps. Bonneagar ríomhaireachta agus stórála a athnuachan ag lárionaid sonraí GRNET, lena n-áirítear soláthar croíleacán CPU 40,000-60,000 agus 10-15 PB (Peta Byte = 1 000 000 GB) den toilleadh stórála iomlán.

Sraith Uimh.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
127	6-2.2. Nuachóiriú — 16956_Leathnú ar Syzefksis II	Garsprioc	Syzefksis II	Uasghrádú Syzefksis II				R4	2025	Bonneagar agus seirbhísí teileachumarsáide uasghrádaithe a sholáthar, lena n-áirítear uasghráduithe acmhainneachta líonra, uasghráduithe nascachta agus trealamh soláthair cumhachta do-idirbhriste a shuiteáil.
128	6-2.2. Nuachóiriú — 16827_Straitéis agus beartais Rialachais Sonraí don Earnáil Phoiblí	Garsprioc	Foilsiú na Straitéise maidir le Rialachas Sonraí Néalríomhaireachta, creat le haghaidh rialachas sonraí poiblí, beartas le haghaidh sonraí oscailte agus in-athúsáidte	Foilsíodh Straitéis an Rialtais maidir le Rialachas Sonraí Néalríomhaireachta, creat le haghaidh rialachas sonraí poiblí, beartas le haghaidh sonraí oscailte agus in-athúsáidte				R4	2025	Foilsiú (a) Straitéis an Rialtais maidir le Rialachas Sonraí Néalríomhaireachta, (b) creat le haghaidh rialachas sonraí poiblí, (c) beartas maidir le sonraí oscailte agus in-athúsáidte
129	6-2.2. Nuachóiriú — 16842_BI Lárnach — Anailísíocht Sonraí	Garsprioc	An Táscaire Gnó Lárnach a Sheachadadh	Tionscadal lárnach BI a chur i gcrích.				R4	2025	Seachadadh an tionscadail Lár-BI — Anailísíocht Sonraí, arna fhianú le seoladh an réitigh faisnéise gnó deais náisiúnta,

G. COMHCHUID 2.3: DIGITEÁIL GNÓ

Baineann an chomhpháirt sin de théarnamh agus athléimneacht na Gréige le caipiteal a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na Gréige chun an infheistíocht i dteicneolaíochtaí digiteacha agus ceannach seirbhísí gaolmhara a mhaoiniú. Is é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar na leibhéil ísle aibíochta digití atá ann faoi láthair, lena n-áirítear mar gheall ar scileanna digiteacha ísle, agus táirgiúlacht agus forbairt gnólachtaí nuálacha á gcothú ag an am céanna. Ag an am céanna, táthar ag súil go gcuideoidh sé le gnólachtaí den sórt sin dul in oiriúint do dhúshláin nua agus leas a bhaint as treochtaí gnó atá ag teacht chun cinn. Go háirithe, déantar foráil leis an gcomhpháirt maidir le margadh aonair digiteach a bhunú, a mbeidh rochtain ag soláthróirí na dtáirgí agus na seirbhísí sin araon air. Is príomhspriocanna de chuid na comhpháirte sin iad úsáid íocaíochtaí leictreonacha agus díolacháin leictreonacha a chur chun cinn, cláir airgid thirim agus éiceachóras POS a uasghrádú, agus táirgí sonraí tionsclaíocha a fhorbairt. Thairis sin, tá sé d'aidhm ag an gcomhpháirt freisin cuidiú le héiceachóras gnó digiteach a chruthú a chuideoidh le claochlú digiteach fiontar beag agus meánmhéide. Tá sé beartaithe freisin go mbeidh sásra lárnach tacaíochta ann d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-éascófar cláir oiliúna agus feasachta a sholáthar ionas go bhféadfaidh siad an leas is fearr is féidir a bhaint as na huirlisí agus na seirbhísí a thairgtear tríd an margadh digiteach.

Measter go bhfreagróidh na bearta don aistriú digiteach agus do na dúshláin a eascraíonn as, ós rud é go measter go rannchuideoidh siad le glacadh teicneolaíochtaí digiteacha agus le huas-sciliú digiteach fiontar beag agus meánmhéide sa Ghréig. Thairis sin, táthar ag súil freisin go n-éascóidh na bearta fás cliste agus inbhuanaithe trí infheistíocht phríobháideach a spreagadh tuilleadh, rud a chuideoidh le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach (CSR 3 2020). Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01) á cur san áireamh.

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: Éiceachóras gnó digiteach a bhunú chun claochlú digiteach FBManna a éascú (beart ID 16973)

Is é is cuspóir don athchóiriú éiceachóras gnó digiteach a chruthú le haghaidh chlaochlú digiteach FBManna. Is éard atá san athchóiriú creat a thabhairt isteach le haghaidh na nithe seo a leanas: (a) margadh digiteach a bhunú chun seirbhísí agus uirlisí digiteacha a sholáthar agus a cheannach, agus (b) monarcha IS 'Pharos' a bhunú.

Infheistíocht: Claochlú Digiteach FBManna (aitheantas birt 16706)

Is é cuspóir na hinfheistíochta claochlú digiteach FBManna na Gréige. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht táirgí digiteacha a bheith á seachadadh agus á gceannach ag FBManna na Gréige.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Barrinfheistíocht 4: Claochlú Digiteach FBManna

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
130	7 2.3. Digiteáil gnólachtaí — 16706_Claochlú Digiteach FBManna	Garsprioc	Claochlú digiteach FBManna — glaonna ar thograí	Glao foilsithe ar thograí				C1	2022	Seoladh gach glao iomaíoch ar thograí le haghaidh cistiú don scéim dearbhán um Chlaochlú Digiteach Gnólachtaí (fothionscadail 1), Ardáin Sonraí Thionsclaíocha agus Spásanna Sonraí (fothionscadail 2) agus Cláir Airgid Thirim agus uasghrádú éiceachóras POS (fothionscadail 4), le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Díreofar infheistíochtaí ar theicneolaíochtaí agus ar sheirbhísí chun digitiú fiontar beag agus meánmhéide a chothú, eadhon ríomhíocaíocht, ríomhdhíolacháin agus feidhmchláir ríomhshonrasctha, uirlisí le haghaidh fógraíocht dhigiteach, córais le haghaidh teilea-oibre, anailísíocht ghnó, uas-sciliú digiteach, seirbhísí cúltaca agus athshlánaithe ó thubaiste, intleacht shaorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, soláthar réiteach comhtháite le haghaidh seirbhís éadadhaill, córais chibearshlándála, néalbhonneagair agus néalseirbhísí, teimpléid agus bogearraí ardán sonraí tionsclaíocha, Cláir airgid agus uasghrádú éiceachóras POS.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
131	7 2.3. Digiteáil gnólachtaí — 16706_Claochlú Digiteach FBManna	Garsprioc	Claochlú digiteach FBManna — Tacaíocht digitithe trí scéimeanna dearbhán	—Fuair 100 000 FBM tacaíocht digitithe a maoiníodh le scéim dearbhán — 190000 clár airgid agus 45 00 POS nua, uasghrádaithe nó curtha ina ionad le réitigh ríomhaire-bhunaithe a mhaoinítear le scéim dearbhán				C2	2025	—Fuair 100 000 FBM tacaíocht digitithe a maoiníodh le scéim dearbhán — 190000 clár airgid nua, uasghrádaithe nó curtha ina n-ionad le réitigh ríomhaire-bhunaithe agus 45000 córas POS nua, athsholáthraithe nó uasghrádaithe, maoinithe le sceamall dearbhán
131a	7 2.3. Digiteáil gnólachtaí — 16706_Claochlú Digiteach FBManna	Garsprioc	Claochlú digiteach FBManna — Tionscadail infheistíochta le haghaidh táirgí digiteacha a chur i gcrích	150 tionscadal infheistíochta curtha i gcrích				R4	2025	150 tionscadal infheistíochta ar a laghad atá dírithe ar tháirgí digiteacha a chur i gcrích
132	7 2.3. Digiteáil gnólachtaí — 16973_Éiceachóras gnó digiteach a bhunú chun claochlú digiteach FBManna a éascú	Garsprioc	Claochlú digiteach FBManna — Athchóiriú reachtach chun glacadh teicneolaíochtaí a dhreasú	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun an eMarketPlace agus an Mhonarcha IS ‘Pharos’ a				C2	2025	Teacht i bhfeidhm an chreata rialála maidir le (a) bunú an ríomhmhargaidh chun soláthar agus cur chun feidhme uirlisí agus próiseas digiteach a mhaoiniú agus (b) bunú an eintitis dhlítheanaigh chun Pharos IS a bhainistiú, chun sonraí arna soláthar ag eintitis san earnáil phoiblí a bhainistiú, agus chun seirbhísí a sholáthar, mar shampla rochtain ar

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				bhunú.						shonraí, acmhainní ríomhaireachtúla agus oiliúint do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna.

H. COMHCHUID 3.1: CRUTHÚ POST AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT SA MHARGADH SAOTHAIR A CHUR CHUN CINN

Is éard atá i gceistleis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige bearta chun beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a athdhearadh agus a neartú, feabhas a chur ar éifeachtúlacht na seirbhísí poiblí fostaíochta agus líontán sábhála éifeachtach a chur ar fáil in aghaidh na dífhostaíochta agus, ag an am céanna, dreasachtaí a neartú maidir le hathiontráil i margadh an tsaothair. Tá formhór na mbeart comhpháirte dírithe ar Bheartais Ghníomhacha maidir leis an Margadh Saothair lena n-áirítear cláir ghníomhachtaithe lena bhfóirdheonaítear fostaíocht san earnáil phríobháideach agus lena gcuirtear uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair chun cinn, chomh maith le hinfheistíochtaí chun borradh a chur faoi acmhainneacht na seirbhíse poiblí fostaíochta (OAED go dtí an 18 Aibreán 2022, DYPA ina dhiaidh sin) trí sheirbhísí feabhsaithe digitithe agus comhairleoireachta. Faoin athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha maidir leis an Margadh Saothair, is é is aidhm don Phlean feabhas a chur ar chumhdach agus ar dháileadh sochar dífhostaíochta, an líontán sábhála sóisialta a neartú, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc grúpaí leochaileacha, agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais cosanta sóisialta a fheabhsú. Tá an chomhpháirt i gcomhréir leis na moltaí tírshonracha chun tacaíocht ghníomhachtaithe éifeachtach sa mhargadh saothair a áirithiú, infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus infhostaitheacht, agus feabhas a chur ar dhigitiú an riaracháin phoiblí (moladhtírshonrach2 agus 3 2020 agus moladh tírshonrach 2 2019). Thairis sin, trí dhíriú ar scileanna agus ar fhostaíocht a chur chun cinn san earnáil dhigiteach agus san earnáil ghlas i measc earnálacha eile, tacaíonn an chomhpháirt leis an aistriú digiteach agus glas. Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ (2021/C58/01) á cur san áireamh.

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: Nuachóiriú agus Simpliú Dhlí an tSaothair (sainaitheantas birt: 16744)

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú Dlí Saothair cuimsitheach a theacht i bhfeidhm lena gcuíchóireofar príomhghnéithe de mhargadh an tsaothair d’fhonn a fheidhmiú a fheabhsú. Go háirithe, beidh sé d’aidhm ag an athchóiriú a) an dlí maidir le saothar aonair, b) an dlí maidir le saothar comhchoiteann agus dlí na gceardchumann, c) córas TF ERGANI na hAireachta Saothair a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar mhargadh an tsaothair agus chun obair neamhdhearbhaithe agus tearcdhearbhaithe a bhrath, agus d) an creat maidir le cothromaíocht oibre is saoil. Is iad cuspóirí uileghabhálacha an athchóirithe cruthú post agus iomaíochas a mhéadú, obair neamhdhearbhaithe agus tearcdhearbhaithe a chomhrac, cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú agus an bhearna fostaíochta idir na hinscní a dhúnadh. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Infheistíocht: Claochlú Digiteach na gCóras Saothair (aitheantas birt: 16750)

Is é is cuspóir don bheart an riarachán poiblí a nuachóiriú agus cur lena chumas seirbhísí níos fearr agus níos tapúla a thairiscint d’fhostaithe agus d’fhostóirí. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht bonneagair dhigiteacha na n-údarás poiblí atá i gceannas ar fhaireachán ar mhargadh an tsaothair agus ar shaincheisteanna slándála sóisialta a uasghrádú agus a leathnú.

Athchóiriú: Athchóiriú ar Bheartais Ghníomhacha maidir leis an Margadh Saothair (sainaitheantas birt: 16747)

Is é is cuspóir don athchóiriú cláir ghníomhacha mhargadh an tsaothair a athdhearadh agus a neartú. Is éard atá san athchóiriú cláir oiliúna agus fostaíochta agus feabhsú agus uas-sciliú sealadach fhoireann chomhairleoireachta na seirbhíse poiblí fostaíochta.

Athchóiriú: Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha an Mhargaidh Saothair chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht (beart ID: 16746)

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeartas éighníomhach maidir leis an margadh saothair. Is éard atá i gceist leis an athchóiriú sochair agus liúntais dhífhostaíochta a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú, deireadh a chur le dídhreasachtaí maidir le huas-sciliú/athsciliú i measc daoine dífhostaithe,agus treoirthionscadal amháin chun córas árachais dífhostaíochta sa Ghréig a thástáil.

Infheistíocht: Athstruchtúrú agus athbhrandáil bhrainsí áitiúla DYPA chun fostaíocht a chur chun cinn (KPA2) (sainaitheantas birt: 16941)

Is é cuspóir na hinfheistíochta feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na seirbhísí a thairgeann seirbhís phoiblí fostaíochta na Gréige (DYPA). Is éard atá i gceist leis an infheistíocht athchóiriú foirgneamh ar bhrainsí áitiúla DYPA.

Infheistíocht: Claochlú digiteach na seirbhíse poiblí fostaíochta (DYPA) (aitheantas birt: 16942)

Is é cuspóir na hinfheistíochta éifeachtúlacht agus éifeachtacht na seirbhíse poiblí fostaíochta (DYPA) a fheabhsú. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht bonneagar TF agus uirlisí digiteacha na seirbhíse poiblí fostaíochta a leathnú agus a nuachóiriú.

H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Príomh-athchóiriú 6: Dlí an tSaothair agus Claochlú Digiteach na gCóras Saothair a nuachóiriú agus a shimpliú

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
133	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16744_Nuachóiriú agus Simpliú Dhlí an tSaothair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí saothair	Foráil sa dlí lena sonraítear an teacht i bhfeidhm —				C3	2021	Teacht i bhfeidhm an Dlí Saothair lena nuachóireofar a) an dlí maidir le saothar aonair, b) an dlí maidir le saothar comhchoiteann agus dlí na gceardchumann, c) córas TF ERGANI na hAireachta Saothair a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar mhargadh an tsaothair agus chun obair neamhdhearbhaithe agus tearcdhearbhaithe a bhrath, agus d) an creat maidir le cothromaíocht oibre is saoil.
134	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16750_Claochlú Digiteach na gCóras Saothair	Garsprioc	Dámhachtain conartha córas TF saothair	Fógra faoi dhámhachtain conarthaí				R4	2022	Dámhachtain conartha a chur i gcrích le haghaidh na dtionscadal seo a leanas: — Córas TF aonair chun faireachán a dhéanamh ar an margadh saothair (ARIADNE) — Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair (HERIDANOS) — Próiseas socraithe pá íosta reachtúil —Digitiú stair árachais an Chiste Pinsin Aonair (e-EFKA) — Córas faisnéise comhtháite nua le haghaidh e-EFKA (EFKA IITS) — Uasghrádú ar an gcóras digiteach dámhachtana pinsean (ATLAS)
135	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16942_Aistriú Digiteach na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta (DYPA)	Garsprioc	DYPA Digitiú, stóráil agus comhdú cartlann	Deimhniú glactha maidir le táirgí insoláthartha an tionscadail				R4	2023	Digitiú, stóráil agus comhdú chartlanna DYPA a chur i gcrích.
135a	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur	Garsprioc	Claochlú digiteach DYPA	Tionscadail a, b agus c a chur i gcrích				C2	2025	Seachadadh na dtionscadal seo a leanas: a) Córais TF a cheannach (VET OPS, FMIS, HRM, Cibearshlándáil, Chatbot, Bonneagar Deisce Fíorúla

	chun cinn — 16942_Aistriú Digiteach na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta									(VDI)); (b) DYPA OPS a athdhearadh, córas cinnteoireachta nua fianaisebhunaithe agus sonraíbhunaithe; uirlis chun cabhrú leis an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta an próiseas meaitseála idir an soláthar agus an t-éileamh saothair a bharrfheabhsú.
134a	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16750_Claochlú Digiteach na gCóras Saothair	Garsprioc	Seachadadh córas TF saothair	Tionscadail 1-3 a chur i gcrích				R4	2025	Seachadadh na dtionscadal seo a leanas: 1. Córas TF aonair chun faireachán a dhéanamh ar an margadh saothair (ARIADNE) Stair árachais an Chiste Pinsin Aonair (r-EFKA) a dhigitiú 2. — Córas faisnéise comhtháite nua le haghaidh e-EFKA (EFKA IITS), lena n-áirítear uasghrádú ar an gcóras digiteach dámhachtana pinsean (ATLAS)

Grúpa 11: Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair/Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna a chur chun cinn- DYPA — Athchóirithe agus Infheistíochtaí

- Athstruchtúrú agus athbhrandáil bhrainsí áitiúla DYPA chun fostaíocht a chur chun cinn (KPA2) (ID: 16941)
- Athchóiriú ar Bheartais Ghníomhacha maidir leis an Margadh Saothair (ID: 16747)
- An córas printíseachta a neartú (ID: 16794)
- Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha an Mhargaidh Saothair chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht (ID: 16746)
- Sciliú, athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú Gairmoideachais agus Gairmoiliúna) (ID: 16792)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
141	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16941_SPFanna áitiúla DYPA a athstruchtúrú agus a athbhrandáil (KPA2)	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le hathchóiriú eagraíochtúil DYPA	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				C3	2021	Teacht i bhfeidhm athchóiriú eagraíochtúil na hEagraíochta Heilléanaí um Fhostaíocht Daonchumhachta (DYPA), a seirbhísí poiblí fostaíochta áitiúla a athstruchtúrú, a athchóiriú agus a athbhrandáil d'fhonn cáilíocht, acmhainneacht agus éifeachtacht na seirbhísí a thairgtear a fheabhsú.
141a	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16941_Brainsí áitiúla DYPA a athstruchtúrú agus a athbhrandáil chun fostaíocht a chur chun cinn (KPA2)	Garsprioc	Athchóiriú ar KPA2	Seachadadh an tionscadail				R4	2025	Seachadadh an tionscadail seo a leanas: — Athchóiriú foirgneamh ar 40 brainse áitiúil DYPA chun fostaíocht a chur chun cinn (KPA2).
142	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn —	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir leis an	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				C3	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun an creat oibleagáidí frithpháirteacha a athchóiriú, lena leagtar amach an caidreamh idir an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta (SPF) agus an cuardaitheoir poist. I measc

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	16746_Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha an Mhargaidh Saothair chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht		gcreat um oibleagáid fhrithpháirteach a athchóiriú							nithe eile, áireofar san athchóiriú sainmhíniú nua ar chuardach gníomhach poist agus ar smachtbhannaí dóibh siúd atá dífhostaithe nach gcloíonn leis na rialacha nua.
142a	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16746_Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha an Mhargaidh Saothair chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht	Garsprioc	Reachtaíocht maidir le sochair dhífhostaíochta agus liúntais dhífhostaíochta	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R4	2024	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun sochair dhífhostaíochta agus liúntais dhífhostaíochta a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú, agus chun deireadh a chur le dídhreasachtaí maidir le huas-sciliú/athsciliú i measc daoine dífhostaithe trína dteidlíocht ar shochair dhífhostaíochta a choinneáil le linn rannpháirtíochta in oiliúint.
142b	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16746_Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha an Mhargaidh Saothair chun Tacú le hAistrithe chuig an bhFostaíocht	Garsprioc	Treoirthionscadal maidir le comhdhlúthú agus cuíchóiriú sochar dífhostaíochta	Treoirthionscadal a chur ar fáil				R4	2025	Treoirthionscadal a chur i gcrích lena gcuirfear innéacsú na sochar dífhostaíochta comhcheangailte i bhfeidhm maidir leis an leibhéal glanphá laethúil is déanaí.
144	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn — 16747 _Athchóiriú gníomhach ar bheartais mhargadh an tsaothair	Garsprioc	Clár fostaíochta oiliúna ALMP a chur i gcrích	Clár oiliúna a chur ar fáil agus dul i mbun fostaíochta				R4	2024	Clár oiliúna a chur ar fáil agus dul i mbun fostaíochta do 7000 duine dífhostaithe ar a laghad
144a	8-3.1. Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn —	Garsprioc	Clár fostaíochta ALMP a chur i gcrích	Tionscadail a, b agus c a chur i gcrích				C2	2025	Seachadadh na dtionscadal seo a leanas: ceithre chlár ghearrthéarmacha spriocdhírithe lena bhfóirdheonaítear fostaíocht san earnáil phríobháideach do 30600 duine dífhostaithe ar a

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	16747_Athchóiriú ar Bheartais Ghníomhacha maidir leis an Margadh Saothair									laghad foireann chomhairleoireachta na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta a fheabhsú go sealadach trí 600 comhairleoir breise a earcú agus oiliúint 1000 comhairleoir fostaíochta sa tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta.

I. COMHCHUID 3.2: OIDEACHAS, GAIRMOIDEACHAS AGUS GAIRMOILIÚINT, AGUS SCILEANNA

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige feabhas a chur ar cháilíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras oideachais agus foghlama ar feadh an tsaoil. Áirítear sa chomhpháirt infheistíocht i gcláir chothrománacha uas-scilithe i scileanna digiteacha, glasa agus litearthachta airgeadais le haghaidh 628000 tairbhí san iomlán. Ag gabháil leis sin tá athchóiriú ar an gcóras foghlama ar feadh an tsaoil chun feabhas a chur ar sholáthar oiliúna, agus pacáiste athchóirithe agus infheistíochtaí lena ndírítear ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint (VET) agus ar chórais phrintíseachta chun feabhas a chur ar a n-ábharthacht i margadh an tsaothair. Maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, is é is aidhm don phlean bonneagair agus trealamh gairmoideachais agus gairmoiliúna a uasghrádú, agus na curaclaim atá ann cheana a nuachóiriú. Thairis sin, déantar foráil sa phlean maidir le straitéis nua barr feabhais in ollscoileanna, arb é is aidhm di feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht taighde agus ar a gcáilíocht oideachais trí infheistíochtaí in uasghrádú bonneagar taighde agus oideachais, agus trí thacaíocht do thionscadail taighde. In éineacht leis na hathchóirithe sin tá infheistíochtaí i ndigitiú an chórais oideachais, a leithdháiltear cuid mhór díobh ar chórais foghlama idirghníomhacha i mbunscoileanna agus i meánscoileanna agus dearbháin do dhaltaí agus do mhic léinn ó theaghlaigh ar ioncam íseal chun trealamh TF a cheannach.

Tá an chomhpháirt i gcomhréir leis na Moltaí Tírshonracha chun infheistíocht a dhéanamh san oideachas, san infhostaitheacht agus i scileanna agus chun feabhas a chur ar dhigitiú an riaracháin phoiblí (moltaí tírshonracha 3 2020 agus 2 2019). Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ (2021/C58/01) á cur san áireamh.

I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: Straitéis Nua maidir le Scileanna ar Feadh an tSaoil: Córas Uas-scilithe agus Athscilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú (sainaitheantas birt: 16913)

Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar an gcreat náisiúnta um fhoghlaim ar feadh an tsaoil d’fhonn a cháilíocht agus a ábharthacht don mhargadh saothair a mhéadú. Is éard atá sa bheart a) teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha agus tánaistí lena leagtar amach príomhghnéithe an chreata nua um fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus b) cláir oiliúna do ghrúpaí agus d’ábhair éagsúla sa daonra.

Athchóiriú: Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht (sainaitheantas birt: 16289)

Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar fheidhmíocht taighde agus ar iarsmaí ollscoileanna na Gréige. Is éard atá san athchóiriú tionscadail taighde chomhoibríocha, tionscadail d’ollscoileanna na Gréige, agus cinntí formheasa le haghaidh cláir iarchéime.

Athchóiriú: An Córas Printíseachta a Neartú (aitheantas an bhirt: 16794)

Is é cuspóir an bhirt an córas náisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) a uasghrádú. Is éard atá ann creat dlíthiúil nua don chóras gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus modúil agus bonneagar foghlama nuachóirithe.

Athchóiriú: Sciliú, athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú Gairmoideachais agus Gairmoiliúna) (aitheantas birt: 16792)

Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar rialú cáilíochta agus córas gairmoiliúna na seirbhíse poiblí fostaíochta (DYPA) a thabhairt cothrom le dáta chun freastal ar riachtanais mhargadh an tsaothair. Is éard atá sa bheart seo infheistíochtaí lena gcuirtear chun cinn córas rialaithe cáilíochta chóras gairmoiliúna DYPA agus cláir oiliúna earnála.

Athchóiriú: Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú (aitheantas birt: 16934)

Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint (VET). Is éard atá i gceist leis an athchóiriú cláir oiliúna a fhorbairt, agus ábhar foghlama atá ann cheana a thiontú ina mhodúil ríomhfhoghlama.

Infheistíocht: Claochlú digiteach an Oideachais (aitheantas birt: 16676)

Is é cuspóir an bhirt an claochlú digiteach san oideachas a chumasú. Tá na comhpháirteanna seo a leanas san infheistíocht: Ábhar digiteach i scoileanna; trealamh digiteach i scoileanna; forbairt ghairmiúil na múinteoirí i scoileanna, agus seirbhísí digiteacha i scoileanna.

Infheistíocht: Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú: Soláthar trealaimh saotharlainne do Lárionaid Saotharlainne do SAEK, EPAL, don Ghrád Iar-Dhara Bliain-Printíseachta agus do Scoileanna Gairmoiliúna (sainaitheantas birt: 16933)

Is é is cuspóir don bheart bonneagair saotharlainne na n-institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna ar fud na Gréige a nuachóiriú. Is éard atá sa bheart nuachóiriú bonneagair do Scoileanna Ardoiliúna Gairmoideachais (SAEK), Ardscoileanna Sinsearacha Gairmoideachais (EPAL), rang Printíseachta Iar-Dhara Bliain agus Scoileanna Gairmoiliúna.

I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Barrinfheistíocht 5: Straitéis Nua maidir le Scileanna ar Feadh an tSaoil: Córas Uas-scilithe agus Ath-scilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
138	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16913_A New Strategy for Lifelong Skilling: Córas Uas-scilithe agus Ath-scilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú	Garsprioc	Straitéis foghlama ar feadh an tsaoil teacht i bhfeidhm reachtaíochta	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha agus tánaistí				C2	2022	Ar bhonn na Straitéise Náisiúnta don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, tiocfaidh reachtaíocht phríomha agus thánaisteach i bhfeidhm ina leagfar amach príomhghnéithe an chreata nua don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (lena n-áirítear forálacha chun an Chomhairle Scileanna náisiúnta a bhunú mar chomhlacht lárnach maoirseachta, chun cuntais scilithe ar feadh an tsaoil, Liosta agus Scórchárta Soláthraí Oiliúna Incháilithe náisiúnta agus sásra diagnóise ar mhargadh an tsaothair a chur ar bun).
139	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16913_A New Strategy for Lifelong Skilling: Córas Uas-scilithe agus Ath-scilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú	Cuspóir sonrach	Cláir oiliúna maidir le straitéis foghlama ar feadh an tsaoil a bhailíochtú		Líon na ndaoine a fuair deimhniú rannpháirtíochta rathúla i gclár oiliúna	0	150 000	R4	2022	Cláir oiliúna maidir le scileanna litearthachta digití, glasa agus airgeadais a chur i gcrích do 150000 rannpháirtí ar a laghad agus scileanna a fuarthas do gach rannpháirtí rathúil a bhailíochtú agus a dheimhniú. Leis an infheistíocht sin, téitear i ngleic leis an ngá atá le scileanna litearthachta digití, glasa agus airgeadais na ngrúpaí daonra seo a leanas: a) dífhostaithe, go háirithe daoine óga agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, b) fostaithe, go háirithe iad siúd a bhfuil riosca ard dífhostaíochta ag baint leo agus iad siúd atá fágtha ar lár ag teicneolaíocht an spáis oibre, c) fostaithe, go háirithe ag FBManna a bhfuil cumas teoranta oiliúna inmheánaí acu, d) fostaithe san earnáil phoiblí, lena n-áirítear múinteoirí. Is iad seo a leanas na scileanna a thairgtear: a) Scileanna digiteacha bunlíne, b) Scileanna digiteacha meánleibhéil, c) Scileanna glasa agus d) Scileanna litearthachta airgeadais.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
140	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16913_A New Strategy for Lifelong Skilling: Córas Uas-scilithe agus Ath-scilithe na Gréige a Nuachóiriú agus a Uasghrádú	Garsprioc	Cláir oiliúna straitéis foghlama ar feadh an tsaoil bailíochtú agus deimhniú na scileanna a fuarthas	Cláir oiliúna a chur ar fáil agus na scileanna a fuarthas a bhailíochtú agus a dheimhniú				R4	2025	Cláir oiliúna maidir le scileanna digiteacha, scileanna glasa agus scileanna litearthachta airgeadais a chur ar fáil do 350000 rannpháirtí agus na scileanna a fuarthas a bhailíochtú agus a dheimhniú. As líon iomlán na rannpháirtithe faoin mbeart seo, beidh cláir oiliúna a bhaineann le scileanna glasa agus poist ghlasa sa gheilleagar glas curtha i gcrích ag 33 % ar a laghad (165000 rannpháirtí as 500000 rannpháirtí).
143	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16792_Sciliú, athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú Gairmoideachais agus Gairmoiliúna)	Garsprioc	Dámhachtain conartha chóras rialaithe cáilíochta an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna	Fógra faoi dhámhachtain conartha				C2	2023	Bhí sé d'aidhm ag dámhachtain conartha don chóras rialaithe cáilíochta don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint (VET) feabhas a chur ar rialú cáilíochta ar aonaid ghairmoiliúna na hEagraíochta Heilléanaí um Fhostaíocht Daonchumhachta (DYPA), den chuid is mó trí mheasúnú a dhéanamh ar a haschur agus dul chun cinn agus feidhmíocht oiliúnaithe i margadh an tsaothair a rianú.
145	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16794_An Córas Printíseachta a Neartú	Garsprioc	Cúrsaí oiliúna digitithe	Cúrsaí digitithe a sheachadadh				R4	2025	250 cúrsa oiliúna digitithe ar a laghad de Ghairmscoileanna Printíseachta DYPA (EPAS) a sheachadadh.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
145a	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16794_An Córas Printíseachta a Neartú	Garsprioc	Creat dlíthiúil córas náisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R4	2024	Teacht i bhfeidhm dlí maidir leis an gcóras náisiúnta gairmoideachais agus gairmoiliúna.
145b	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16794_An Córas Printíseachta a Neartú	Garsprioc	Athchóiriú curaclaim, nuachóiriú an bhonneagair gairmoideachais agus gairmoiliúna, athchóiriú foirgneamh	Tionscadail 1-3 a chur i gcrích				R4	2025	Seachadadh na dtionscadal seo a leanas: 1) curaclaim 34 chlár oiliúna a thabhairt cothrom le dáta; 2) Bonneagar gairmoideachais agus gairmoiliúna a nuachóiriú (61 shaotharlann agus a dtrealamh); 3) Athchóiriú ar 6 fhoirgneamh EPAS;
146	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16792_Sciliú, athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú Gairmoideachais agus Gairmoiliúna)	Garsprioc	Córas rialaithe cáilíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna, cláir oiliúna earnála a chur ar fáil	Tionscadail a agus b a chur i gcrích				R4	2025	Seachadadh na dtionscadal seo a leanas: a) córas rialaithe cáilíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna na hEagraíochta Náisiúnta Fostaíochta (DYPA) cláir oiliúna earnála.

Grúpa 12: An Aireacht Oideachais agus Gnóthaí Reiligiúnacha — Athchóirithe agus Infheistíochtaí

- Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú: Soláthar trealaimh saotharlainne do Lárionaid Saotharlainne do SAEK, EPAL, don Ghrád Iar-Dhara Bliain-Printíseachta agus do Scoileanna Gairmoiliúna (ID: 16933)
- Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú (ID: 16934)
- Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht (ID: 16289)
- Claochlú digiteach an Oideachais (ID: 16676)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
147	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16289_Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht	Garsprioc	Cinntí maidir le Formheas na nOllscoileanna Barr Feabhais agus na mBraislí Barr Feabhais Taighde	Cinntí formheasa arna n-eisiúint ag an Aireacht Oideachais, Gnóthaí Reiligiúnacha agus Spóirt				R4	2023	Cinntí formheasa ón Aireacht Oideachais, Gnóthaí Reiligiúnacha agus Spóirt a eisiúint do na hollscoileanna roghnaithe chun a mbonneagair thaighde agus oideachais a uasghrádú agus a fheabhsú (mar shampla saotharlanna trealaimh nó taighde), réimsí taighde nua a leathnú agus feabhas a chur ar an oiliúint a chuirtear ar fáil. Cinneadh formheasa ón Aireacht Oideachais, Gnóthaí Reiligiúnacha agus Spóirt a eisiúint le haghaidh 70 tionscadal taighde comhoibríoch idir ollscoileanna agus an earnáil phríobháideach faoin tionscnamh maidir le Braislí Barr Feabhais Taighde.
148	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16676_Claochlú digiteach an Oideachais	Cuspóir sonrach	Suiteáil córas idirghníomhach a chur i gcrích		Líon na gcóras foghlama idirghníomhach atá suiteáilte	0	36 000	C2	2024	36000 córas foghlama idirghníomhach ar a laghad a shuiteáil do sheomraí ranga i mbunscoileanna agus i meánscoileanna
148a	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16676_Claochlú digiteach an Oideachais	Garsprioc	Straitéis chun curaclaim a thabhairt cothrom le dáta, seirbhísí a chuíchóiriú agus faireachán a dhéanamh ar thoradh Chlaochlú	Straitéis athchóirithe a fhoilsiú chun curaclaim a thabhairt cothrom le dáta, seirbhísí a chuíchóiriú agus an mhodheolaíocht a shainiú				C2	2025	Straitéis athchóirithe a fhoilsiú chun curaclaim a thabhairt cothrom le dáta, seirbhísí a chuíchóiriú agus an mhodheolaíocht a shainiú chun faireachán a dhéanamh ar thoradh

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			Digiteach an Oideachais	chun faireachán a dhéanamh ar thoradh chlaochlú digiteach an oideachais						chlaochlú digiteach an oideachais
148b	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16676_Claochlú digiteach an Oideachais	Garsprioc	Claochlú digiteach an oideachais	Tionscadail dhigiteacha a chur i gcrích in earnáil an oideachais				R4	2025	Seachadadh na dtionscadal seo a leanas: 1. Curaclaim agus ábhar oideachasúil a chuirtear ar fáil ar líne, go foinse oscailte, agus idirghníomhach 2. Córais foghlama idirghníomhacha a shuiteáil do sheomraí ranga na mbunscoileanna agus na meánscoileanna 3. Dearbháin a sholáthar do dhaltaí agus do mhúinteoirí chun trealamh digiteach a cheannach 4. Bonneagar foghlama róbataice agus ETIM a sholáthar do scoileanna poiblí 5. Uirlisí digiteacha a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu 6. Forbairt na nIonad Nuálaíochta 7. Seirbhísí digiteacha scoileanna agus ollscoileanna a uasghrádú
149	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16933_Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú (VET): Soláthar trealaimh saotharlainne do Lárionaid Saotharlainne do SAEK, EPAL, don Ghrád Iar-Dhara Bliain-Printíseachta agus do Scoileanna Gairmoiliúna	Garsprioc	Ionaid saotharlainne gairmoideachais agus gairmoiliúna a athnuachan agus a nuachóiriú	Trealamh nua-aimseartha a cheannach do shaotharlanna in Aonaid Ghairmoideachais agus Ghairmoiliúna				R4	2025	Trealamh nua-aimseartha a cheannach le haghaidh 376 shaotharlann in Aonaid Ghairmoideachais agus Ghairmoiliúna

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
150	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16289_Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht	Garsprioc	Tionscadail taighde chomhoibríocha agus tionscadail d'ollscoileanna na Gréige a chur i gcrích, agus cinntí formheasa a eisiúint le haghaidh cláir iarchéime	Tionscadail taighde chomhoibríocha agus tionscadail d'ollscoileanna na Gréige a chur i gcrích, agus cinntí formheasa a eisiúint le haghaidh cláir iarchéime				R4	2025	70 tionscadal taighde comhoibríoch (Braislí Barr Feabhais Taighde) a chur i ngníomh d'acadóirí le cuideachtaí san earnáil phríobháideach. tionscadail a bhaineann le bonneagair ollscoileanna na Gréige a roghnaíodh i gcomhthéacs an bhirt a chur i ngníomh. cinntí formheasa a eisiúint chun 35 chlár staidéir chomhpháirteacha agus/nó dhéchéime le hollscoileanna eachtracha a mhaoiniú.
152	9-3.2. Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna — 16934_Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú	Garsprioc	Uasghrádú an chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna SAEK, Samhail EPAL a dhearadh agus a fhorbairt, EOPPEP a dhigitiú	Tionscadail 1, 2 agus 3 a chur i gcrích				R4	2025	Seachadadh na dtionscadal seo a leanas: 1. Treoracha oiliúna, cláir oiliúna agus oiliúint d'oiliúnóirí a dhearadh agus a fhorbairt do 5 Scoil Théamacha agus 10 Scoil Thurgnamhacha Ardoiliúna (SAEK); 2. Curaclaim, cláir oiliúna agus oiliúint d'oiliúnóirí a dhearadh agus a fhorbairt le haghaidh 25 Lyceum Eiseamláireach Gairme (Samhail EPAL); 3. Digitiú na hEagraíochta Náisiúnta um Dheimhniú Cáilíochtaí agus Gairmthreoir (EOPPEP), lena n-áirítear ardán a fhorbairt le haghaidh ríomhscrúdaithe agus ardán ríomhfhoghlama le haghaidh gairmoideachais agus gairmoiliúna.

J. COMHCHUID 3.3: ATHLÉIMNEACHT, INROCHTAINEACHT AGUS INBHUANAITHEACHT AN CHÚRAIM SLÁINTE A FHEABHSÚ

Díríonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige ar athléimneacht an chórais cúraim sláinte a mhéadú trí idirghabhálacha éagsúla. Díríonn cuid de na bearta sin ar fheabhsuithe bonneagair, fisiceacha agus digiteacha araon, agus oibríochtúla chun an córas ospidéil agus líonra na n-ionad sláinte a nuachóiriú agus a uasghrádú. Is é is aidhm do chinn eile tacú le rochtain, éifeachtúlacht agus athléimneacht na hearnála cúraim sláinte agus iad a fheabhsú. Go sonrach, áirítear orthu sin bearta chun an tsláinte phoiblí agus cosc a neartú, acmhainneacht an chórais cúraim sláinte a mhéadú chun seirbhísí meabhairshláinte agus cúraim baile a sholáthar, tacú leis an aistriú i dtreo earnáil cúraim sláinte phríomhúil níos láidre agus caiteachas cógaisíochta a chuíchóiriú agus tacú le T & F cógaisíochta. Tá sé de chuspóir ag an bplean maidir le digitiú córas agus seirbhísí cúraim sláinte éifeachtúlacht a chur chun cinn, rochtain a fheabhsú agus trédhearcacht agus cáilíocht fhoriomlán an chaiteachais phoiblí sa chóras a mhéadú. Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ (2021/C58/01) á cur san áireamh.

J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte (sainaitheantas birt: 16816)

Is é cuspóir an bhirt laghdú aisghlámtha agus rialú ar chaiteachas cógaisíochta. Is éard atá i gceist leis an athchóiriú sprioc cheangailteach a leagan síos maidir le laghdú aisghlámtha do na blianta 2022 go 2025 agus fritháireamh páirteach ar dhliteanais aisghlámtha cuideachtaí trí thriail chliniciúil, T & F nó caiteachas infheistíochta eile do na blianta 2021 agus ina dhiaidh sin.

Athchóiriú: Athchóiriú ar an bPríomhchóras Cúraim Sláinte (sainaitheantas birt: 16755)

Is é is cuspóir don bheart bonneagar agus trealamh leighis na n-aonad cúraim sláinte phríomhúil a uasghrádú agus an córas cúraim sláinte phríomhúil a atheagrú trí bhaill foirne a athoiliúint chun gníomhú mar chúram céadlíne. Is éard atá i gceist leis an mbeart athchóiriú a dhéanamh ar aonaid cúraim sláinte phríomhúil le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus trealamh leighis a sheachadadh. Is éard atá ann freisin tograí a chur isteach chun athchóiriú a dhéanamh ar Phríomhchúram Sláinte (PHC), sásra atreorúcháin píolótach, oiliúint d’fhoireann PHC, agus ardán digiteach do chinnteoireacht PHC. Ar deireadh, áirítear ann méadú ar infhaighteacht curaclam leighis teaghlaigh i gcuraclaim leighis agus cruthú aonad bainistithe galar ainsealach.

Athchóiriú: Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Shláinte Phoiblí ‘Spiros Doxiadis’ (NPP ‘SD’) (sainaitheantas birt: 16783)

Is é is cuspóir don bheart córas cuimsitheach a chruthú chun an tsláinte phríomhúil agus an tsláinte thánaisteach a chosc. Is éard atá sa bheart idirghabhálacha coiscthe sláinte agus idirghabhálacha scagthástála daonra, chomh maith le Córas Faireacháin Sláinte.

Athchóiriú: Athchóiriú i réimsí na meabhairshláinte agus na handúile (sainaitheantas birt: 16820)

Is é is aidhm don athchóiriú seo rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte ar ardchaighdeán a áirithiú do phobail shonracha a bhfuil meabhairghalar agus andúil acu, chun a n-imeallú nó a n-institiúidiú a chosc. Is éard atá i gceist leis seirbhísí meabhairshláinte a leathnú trí aonaid mheabhairshláinte d'othair a bhfuil néaltrú agus galar Alzheimer orthu, agus d'othair a bhfuil uathachas orthu agus d'othair san aoisghrúpa leanaí, déagóirí agus daoine fásta óga, chomh maith le seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine aonair a bhfuil andúil acu. Beidh forbairt feidhmchlár gréasáin agus digitiú seirbhísí meabhairshláinte ag gabháil leis sin. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú: Athchóirithe Eagraíochtúla sa Chóras Sláinte (sainaitheantas birt: 16756)

Is é is cuspóir don bheart aisíocaíocht gnáthamh leighis ospidéil a chuíchóiriú. Is éard atá sa bheart 1) ardáin a chruthú d'Institiúid na Gréige a bhaineann le diagnóis (DRG) (KETEKNY), 2) léarscáil sláinte náisiúnta a chruthú lena dtaifeadtar éileamh agus soláthar seirbhísí sa chóras sláinte, 3) an liosta feithimh le haghaidh obráidí roghnacha a laghdú, agus 4) uirlisí agus seirbhísí a chruthú chun cabhrú le saoránaigh dul i ngleic leis an gcóras sláinte.

Infheistíocht: Bonneagar Sláinte (sainaitheantas an bhirt: 16795)

Is é cuspóir an bhirt athchóiriú a dhéanamh ar an mbonneagar agus ar na huirlisí is gá chun seirbhísí sláinte a sholáthar ar bhealach níos fearr. Is éard atá sa bheart ospidéil ar fud na Gréige atá á n-athchóiriú agus/nó á dtógáil (lena n-áirítear le hoibreacha éifeachtúlachta fuinnimh), agus trealamh leighis atá á sheachadadh.

Infheistíocht: Claochlú Digiteach na Sláinte (DigHealth) (aitheantas birt: 16752)

Is é cuspóir an bhirt an córas sláinte náisiúnta a dhigitiú. Is éard atá sa bheart tionscadail dhigiteacha a chur i gcrích in earnáil an chúraim sláinte.

Infheistíocht: Ionad Radaiteiripe ag Ospidéal Galar Tóracsach "Sotiria" na hAithne (aitheantas birt: 16757)

Is é cuspóir an bhirt Lárionad Radaiteiripe a bhunú in Ospidéal Sotiria chun cabhrú le freastal ar riachtanais na n-othar ailse sa tír. Is éard atá sa bheart foirgneamh nua a tógadh in Ospidéal Sotiria chun an roinn nua radaiteiripe a chur ann, chomh maith le bonneagar ospidéil a tógadh agus/nó a athchóiríodh.

Infheistíocht: Córais Cúraim Sláinte Baile & Ospidéil sa Bhaile a bhunú (aitheantas birt: 16753)

Is é cuspóir an bhirt córas cúraim baile a bhunú d'othair faoi mhíchumas ainsealach. Is éard atá sa bheart ocht láithreán tagartha cúraim baile (ceann amháin i ngach údarás sláinte réigiúnach) a bunaíodh, feidhmchláir theilileighis agus trealamh a seachadadh, clárlann náisiúnta d'othair a cóireáladh trí chúram baile a soláthraíodh, agus prótacail theiripeacha chaighdeánaithe, chomh maith le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta, a formhuiníodh.

Infheistíocht: Teiripí Cille & Géinteiripí agus Saotharlanna Cliniciúla Téamaiteolaíochta laistigh d'Ospidéal Ginearálta Thessaloniki 'Papanikolaou' (aitheantas birt: 16793).

Is é is cuspóir don bheart cuidiú leis na ceanglais mhéadaithe maidir le cúram othar a chomhlíonadh d'othair a bhfuil galair haemaiteolaíocha urchóideacha orthu. Is éard atá sa bheart foirgneamh nua a tógadh in Ospidéal Papanikolaou ina bhfuil Saotharlanna Theirip an Chill & an Ghéinis agus an Chlinic Hemateolaíochta.

Athchóiriú: Athchóiriú ar dhochtúir pearsanta (sainaitheantas an bhirt: 16984)

Is é cuspóir an bhirt líon na ndochtúirí pearsanta atá cláraithe sa chóras dochtúirí pearsanta a mhéadú chun cumhdach daonra agus clárú daonra a bhaint amach. Is éard atá sa bheart creat reachtach nua chun na dochtúirí tuaithe atá ann faoi láthair a shíniú mar dhochtúirí pearsanta, poist nua a chruthú atá cosúil le poist dochtúirí pearsanta agus sásra a thabhairt isteach chun dochtúirí a dhreasú chun a bheith ina gcónaitheoirí sa Leigheas Ginearálta/Míochaine Teaghlaigh nó sa Leigheas Inmheánach. Áirítear leis freisin gníomhachtú na gcóras clárúcháin agus atreoraithe.

J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Príomh-athchóiriú 7: Athchóirithe agus dlús a chur le hinfheistíochtaí san Earnáil Cúraim Sláinte — Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte (ID: 16816)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
153	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16816_ Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte	Garsprioc	Aisghlámadh — teacht i bhfeidhm reachtaíochta	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta athbhreithnithe lena dtugtar isteach comhroinnt riosca agus na spriocanna ceangailteacha le haghaidh laghdú aisghlámtha íosta de réir na hamlíne a leagtar amach sa Tuairisc.				C3	2021	Teacht i bhfeidhm creata dhlíthiúil (dlí príomha) le haghaidh comhroinnt riosca i ríomh an aisghlámtha trí sprioc cheangailteach a leagan síos maidir le laghdú aisghlámtha sna blianta amach romhainn. Is é is aidhm don athchóiriú laghdú íosta EUR 50000000 (2022), EUR 150000000 (2023), EUR 300000000 (2024) agus EUR 400000000 (2025) faoi seach ar mhéideanna aisghlámtha, ó leibhéil 2020. A mhéid nach mbainfear é sin amach, ní aisghlámfar an difríocht idir an laghdú spriocdhírithe agus an laghdú iarbhír le haghaidh gach bliana ón tionscal cógaisíochta agus íocfar an méid ábhartha as buiséad an stáit suas go dtí an laghdú spriocdhírithe ar na méideanna aisghlámtha.
154	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16816_ Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte	Cuspóir sonrach	Laghdú aisghlámtha 50000000 — céim 1		Laghdú ar an méid aisghlámtha i gcomparáid le leibhéil 2020 (EUR milliún)	0	50	C2	2023	Bearta feabhsaithe éifeachtúlachta a glacadh roimhe seo a fhorfheidhmiú chun laghdú EUR 50000000 a bhaint amach ar aisghlámadh cógaisíochta 2022 le haghaidh cógais d'othair sheachtracha agus d'othair chónaitheacha araon i gcomparáid le leibhéil 2020. A mhéid nach mbainfear é sin amach, ní aisghlámfar an difríocht idir an laghdú spriocdhírithe agus an laghdú iarbhír le haghaidh gach bliana ón tionscal cógaisíochta agus íocfar an méid ábhartha as buiséad an stáit suas le EUR 50000000.
155	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte	Cuspóir sonrach	Laghdú aisghlámtha 150000000 — céim 2		Laghdú ar an méid aisghlámtha i gcomparáid le leibhéil 2020 (EUR	0	150	C2	2024	Bearta feabhsaithe éifeachtúlachta a glacadh roimhe seo a fhorfheidhmiú chun laghdú EUR 150000000 a bhaint amach ar aisghlámadh cógaisíochta 2023, le haghaidh cógais d'othair sheachtracha agus d'othair chónaitheacha araon, i gcomparáid le leibhéil 2020, lena dtacaítear le hathléimneacht an chórais cúraim sláinte. A mhéid nach

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	a fheabhsú — 16816_ Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte				milliún)					mbainfear é sin amach, ní aisghlámfar an difríocht idir an laghdú spriocdhírithe agus an laghdú iarbhír le haghaidh gach bliana ón tionscal cógaisíochta agus íocfar an méid ábhartha as buiséad an stáit suas le EUR 150000000.
156	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16816_ Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte	Cuspóir sonrach	Cruthúnas ar infheistíocht chógaisíochta T & F — céim 1		Infheistíocht (in EUR milliún), arna cur i bhfeidhm trí fhrithváirimh de mhéid coibhéiseach leis na haisghlámtha	0	117	C2	2024	Infheistíochtaí a dhéanamh in T & F cógaisíochta ar mhéid EUR 117000000. Deimhneofar na hinfheistíochtaí trí dheimhnithe aisghlámtha frithváirimh de mhéid EUR 117000000 a eiseoidh an tÚdarás Inniúil.
156a	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16816_ Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte	Cuspóir sonrach	Cruthúnas ar infheistíocht chógaisíochta T & F — céim 2		Infheistíocht (in EUR milliún), arna cur i bhfeidhm trí fhrithváirimh de mhéid coibhéiseach leis na haisghlámtha	117	250	R4	2025	Infheistíochtaí a dhéanamh i gcógaisíocht, T & F nó in infheistíochtaí incháilithe eile ar mhéid breise EUR 133000000 chun méid iomlán EUR 250000000 d'infheistíochtaí a bhaint amach (céim charnach 1 agus céim 2). Deimhneofar na hinfheistíochtaí trí dheimhnithe aisghlámtha frithváirimh de mhéid EUR 133000000 a eiseoidh an tÚdarás Inniúil.
157	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16816_ Laghdú	Cuspóir sonrach	Laghdú aisghlámtha 300000000 — céim 3		Laghdú ar an méid aisghlámtha i gcomparáid le leibhéil 2020 (EUR milliún)	0	300	C2	2025	Laghdú EUR 300000000 ar aisghlámadh cógaisíochta i gcomparáid le leibhéil 2020. I gcás nach mbainfear é sin amach, ní aisghlámfar an difríocht idir an laghdú spriocdhírithe agus an laghdú iarbhír ón tionscal cógaisíochta agus íocfar an méid ábhartha as buiséad an stáit suas le EUR 300000000

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte									
158	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16816_ Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú caiteachais ar chúram sláinte	Cuspóir sonrach	Laghdú aisghlámtha 400000000 — céim 4		Laghdú ar an méid aisghlámtha i gcomparáid le leibhéil 2020 (EUR milliún)	0	400	C2	2026	Laghdú EUR 400000000 ar aisghlámadh cógaisíochta i gcomparáid le leibhéil 2020. I gcás nach mbaintear é sin amach, ní aisghlámfar an difríocht idir an laghdú spriocdhírithe agus an laghdú iarbhír ón tionscal cógaisíochta agus íocfar an méid ábhartha as buiséad an stáit suas le EUR 400000000

Grúpa 13: Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú

- Athchóirithe Eagrúcháin sa Chóras Sláinte (ID: 16756)
- Athchóiriú i réimsí na meabhairshláinte agus na handúile (ID: 16820)
- Athchóiriú ar an bPríomhchóras Cúraim Sláinte (ID: 16755)
- Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Shláinte Phoiblí a Chosc ‘Spiros Doxiadis’ (ID: 16783)
- Athchóiriú dochtúirí pearsanta (ID: 16984)

Sraith Uimh.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistío	Cloch mhíle Cuspóir son	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir gcríoch		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
159	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú - 16755_Athchóiriú an Chórais Phríomhchúraim Sláinte	Garsprioc	Curaclaim leighis teaghlaigh um Chúram Sláinte Príomhúil a ghníomhachtú	Cruthúnas gur cuireadh tús le cúrsaí do gach curaclam acadúil nuaghníomhachtaithe sa leigheas teaghlaigh agus gur cuireadh modúl leighis teaghlaigh san áireamh i ngach curaclam leighis.				R4	2022	Líon na gcuraclam acadúil gníomhach sa leigheas teaghlaigh a leathnú chuig 75 % ar a laghad de scoileanna leighis sa Ghréig agus modúl éigeantach sa leigheas teaghlaigh a chur san áireamh i ngach curaclam leighis. Áireofar leis sin doiciméadacht, do na hollscoileanna lena mbaineann, ina leagfar béim ar ailtireacht nua céimeanna: 1) curaclaim nuabhunaithe agus 2) an modúl éigeantach a áireamh sa leigheas teaghlaigh i gcuraclaim atá ann cheana).
160	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16820_Athchóiriú i réimsí na meabhairshláinte agus na handúile	Cuspóir sonrach	Meabhairshláinte — 50 aonad ar oscailt — céim 1 de 2		Líon na nAonad Meabhairshláinte a cuireadh i gcrích agus atá oibríochtúil	0	50	R4	2022	50 Aonad Meabhairshláinte a bhunú agus a oibriú go hiomlán (a chuirtear chun feidhme trí athchóiriú a dhéanamh ar aonaid atá ann cheana) le tacaíocht ón bPlean Straitéiseach Náisiúnta chun tacú leis an meabhairshláinte (as 106 aonad meabhairshláinte san iomlán)
162	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16820_Athchóiriú i	Cuspóir sonrach	Meabhairshláinte — 106 aonad ar oscailt — céim 2 de 2		Líon na nAonad Meabhairshláinte a bunaíodh nó a athchóiríodh	50	106	R4	2023	25 Aonad Meabhairshláinte nua a bhunú agus tús a chur lena n-oibríochtaí agus athchóiriú a dhéanamh ar 31 aonad meabhairshláinte atá ann cheana a fhaigheann tacaíocht ón bPlean Straitéiseach Náisiúnta chun tacú leis an meabhairshláinte, chomh maith le feidhmchláir ghréasáin a fhorbairt

	réimsí na meabhairshláinte agus na handúile									agus seirbhísí meabhairshláinte a dhigitiú (ina bhfuil léarscáil dhigiteach d'aonaid mheabhairshláinte agus ardán digiteach chun maoirseacht a dhéanamh ar eintitis neamhbhrabúis a sholáthraíonn seirbhísí meabhairshláinte)
163	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16756_Athchóirithe Eagraíochtúla sa Chóras Sláinte	Garsprioc	Institiúid KETEKNY DRG na Gréige agus an Ghníomhaireacht nua um Dhearbhú Cáilíochta i gCúram Sláinte ODIPY	Ardáin, straitéis agus creat reachtach, agus beartais, caighdeáin agus nósanna imeachta.				C2	2025	Chun an chloch mhíle sin a chomhlíonadh, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh: i) Tá an síneadh idir-inoibritheachta — Comhéadain Feidhmchláir Chódaithe DRG (APInna) ar líne agus inrochtana ii) tá an t- ardán comhairliúcháin maidir le códú leighis le haghaidh Aicmiú Idirnáisiúnta Galar (ICD) agus Nósanna Imeachta Leighis na Gréige (ETIP) ar líne agus inrochtana iii) tá an t-ardán bailithe sonraí Airgeadais agus Cuntasaíochta ar líne agus inrochtana iv) tá an Léarscáil Sláinte náisiúnta (le haghaidh éileamh agus soláthar seirbhísí sa chóras sláinte) ar líne agus inrochtana v) teacht i bhfeidhm an chreata reachtaigh maidir le dearbhú cáilíochta, sábháilteacht othar agus rannpháirtíocht othar, beartais chúraim agus sábháilteachta, agus an straitéis náisiúnta ghaolmhar mar iarscríbhinn.
164	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16756_Athchóirithe Eagraíochtúla sa Chóras Sláinte	Cuspóir sonrach	Córas sláinte — oiliúint KETEKNY		Líon na ngairmithe cúraim sláinte atá deimhnithe le haghaidh oiliúint maidir le Códú agus Billeáil chliniciúil	0	3462	C2	2025	Deimhniú 3462 ghairmí cúraim sláinte le haghaidh oiliúint ar Chódú agus ar Bhilleáil chliniciúil.
164a	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16 756_Athchóirithe Eagraíochtúla sa Chóras Sláinte	Cuspóir sonrach	Laghdú ar liosta feithimh na n-obráidí		Líon na n-obráidí a rinneadh d'othair a bhí ag fanacht ar feadh tréimhse níos faide ná 4 mhí.	0	20 000	R4	2025	An riaráiste a laghdú 90 % ar a laghad de líon iomlán na n-obráidí atá ar feitheamh d'othair a bhí ag fanacht níos faide ná 4 mhí ar an Liosta Aonair Digiteach de Mháinliachtaí (bunaithe ar stádas an liosta an 16 Deireadh Fómhair 2024). 20000 obráid ar a laghad a dhéanamh d'othair a bhí ag fanacht níos faide ná 4 mhí, lena n-áirítear 8000 obráid ar a laghad díobh sin d'othair a bhí ag fanacht níos faide ná 8 mí. Baineann na obráidí sin le tairbhithe ó liosta stádais an 16 Deireadh Fómhair

										2024 agus leo siúd a tháinig chun bheith incháilithe ó shin i leith.
164b	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16 756_Athchóirithe Eagraíochtúla sa Chóras Sláinte	Garsprioc	Loingseoireacht córas sláinte agus treoir do shaoránaigh	Uirlisí agus seirbhísí le haghaidh na loingseoireachta agus treoraíochta do shaoránaigh				C2	2026	Tá an líne theileafóin saor in aisce (1566) le haghaidh iarrataí ó shaoránaigh in úsáid. Tá suíomh gréasáin ag a bhfuil cumais chúntóra dhigitigh agus aip mhóibíleach chun iarrataí ó shaoránaigh a bhainistiú agus a phróiseáil ar líne agus inrochtana. Cruthaítear líonra oifigeach allamuigh oilte chun seirbhísí treorach agus loingseoireachta a sholáthar do shaoránaigh i struchtúir agus i seirbhísí sláinte.
165	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16783_Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Shláinte Phoiblí a Chosc ‘Spiros Doxiadis’ (NPP ‘SD’)	Garsprioc	Clár Náisiúnta um Chosc ar Shláinte Phoiblí ‘Spiros Doxiadis’ — Príomhchosc	Príomh-idirghabhálacha coisc agus forálacha sa ghníomh dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí.				R4	2025	Chun an chloch mhíle sin a chomhlíonadh, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh: idirghabhálacha chun Cleachtadh Fisiciúil agus Itheachán Sláintiúil a Chur Chun Cinn: teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil chun bia folláin a ithe i gceaintíní scoile, oiliúint itheacháin shláintiúil a thabhairt isteach i gcuraclam scoile, gníomhaíochtaí pobail, agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta an Lárionad Eorpach um Murtall a bhunú, (e) uirlisí digiteacha a sheachadadh, idirghabhálacha litearthachta sláinte lena ndírítear ar na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann le mí-úsáid alcóil, idirghabhálacha chun fadhbanna síceasóisialta i sláinte leanaí agus i sláinte leanaí a chosc, idirghabhálacha chun sláinte do dhéagóirí a chur chun cinn trí fheasacht agus litearthacht maidir le sláinte mhíosta; idirghabhálacha chun meabhairshláinte déagóirí agus daoine óga a chur chun cinn trí iompar féindíobhálach neamhshicídeach a bhrath agus a bhainistiú; ionad Barr Feabhais Domhanda a bhunú sna Néareolaíochtaí agus san Fhorbairt Leanaí; idirghabhálacha chun feasacht a mhéadú agus

										dearcthaí, iompraíochtaí agus noirm shóisialta na sochaí a athrú maidir le meabhairshláinte teaghlaigh, agus cártaí réamhíoctha a úsáidtear le haghaidh cúraim fiaclóireachta leanaí a eisiúint.
165a	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16783_Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Shláinte Phoiblí a Chosc 'Spiros Doxiadis' (NPP 'SD')	Garsprioc	Clár Náisiúnta um Chosc ar Shláinte Phoiblí 'Spiros Doxiadis' — Cosc tánaisteach	Idirghabhálacha um Scagadh Coisc				R4	2025	Chun an chloch mhíle sin a chomhlíonadh, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) Idirghabhálacha scagthástála a chosc maidir le hailse chíche, ailse cheirbheacs, ailse chalaireicteach agus galair chardashoithíocha (CVD), lena gcumhdaítear: - 1,515,000 idirghabháil scagthástála ar a laghad curtha i gcrích le haghaidh ailse cheirbheacs. - 3,585,000 idirghabháil scagthástála ar a laghad a rinneadh le haghaidh galair chardashoithíocha. - 1,030,000 idirghabháil scagthástála ar a laghad curtha i gcrích le haghaidh ailse chíche - 1,130,000 idirghabháil scagthástála ar a laghad curtha i gcrích le haghaidh ailse cholaireicteach. idirghabhálacha a fhorghníomhaítear le haghaidh Scagadh Réamhbhreithe i gceantair iargúlta agus scagadh Peanbhreithe Náisiúnta.

165b	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16783_Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Shláinte Phoiblí a Chosc ‘Spiros Doxiadis’ (NPP ‘SD’)	Garsprioc	Faireachán ar an tSláinte	Tá an t-ardán le haghaidh úsáid thánaisteach sonraí sláinte ar líne agus inrochtana.				C2	2026	Córas Faireacháin Sláinte: Chun an gharsprioc sin a chomhlíonadh, ní mór an t-ardán le haghaidh úsáid thánaisteach sonraí sláinte a bheith ar líne agus inrochtana, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí amhail anailísíocht IS/ML agus cásanna úsáide.
166	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16755_Infheistíochtaí glasa — Athchóiriú ar an gCóras Príomhchúraim Sláinte	Cuspóir sonrach	PHC — aonaid cúraim sláinte phríomhúil ag a bhfuil bonneagar athchóirithe — céim 1		Líon na n-aonad Príomhchúraim Sláinte ina ndéantar athchóiriú ar bhonneagar	0	15	R4	2025	I gcás 15 aonad cúraim sláinte phríomhúil ar a laghad, athchóiriú bonneagair le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus Aonad Bainistíochta Galar Ainsealach a chruthú i ngach aonad cúraim sláinte phríomhúil.
166a	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16755_Infheistíochtaí glasa — Athchóiriú ar an gCóras Príomhchúraim Sláinte	Cuspóir sonrach	PHC — aonaid cúraim sláinte phríomhúil ag a bhfuil bonneagar athchóirithe — céim 2		Líon na n-aonad Príomhchúraim Sláinte ina ndéantar athchóiriú ar bhonneagar	15	55	C1	2026	I gcás 40 aonad cúraim sláinte phríomhúil breise ar a laghad, athchóirithe bonneagair le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus Aonad Bainistíochta Galar Ainsealach a chruthú i ngach aonad cúraim sláinte phríomhúil.
166b	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16755_Infheistíochtaí glasa — Athchóiriú ar an gCóras Príomhchúraim Sláinte	Cuspóir sonrach	PHC — aonaid cúraim sláinte phríomhúil ag a bhfuil bonneagar athchóirithe — céim 3		Líon na n-aonad Príomhchúraim Sláinte ina ndéantar athchóiriú ar bhonneagar	55	156	C2	2026	I gcás 101 aonad cúraim sláinte phríomhúil bhreise ar a laghad, athchóirithe bonneagair le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus Aonad Bainistíochta Galar Ainsealach a chruthú i ngach aonad cúraim sláinte phríomhúil.
166c	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16755_Infheistíochtaí glasa — Athchóiriú ar an	Garsprioc	PHC — trealamh leighis	Seachadadh trealaimh leighis				C2	2026	Trealamh leighis a sholáthar don Phríomhchóras Cúraim Sláinte ar fud seacht Réigiún Sláinte.

	gCóras Príomhchúraim Sláinte									
166d	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16755_Infheistíochtaí glasa — Athchóiriú ar an gCóras Príomhchúraim Sláinte	Garsprioc	PHC — Athchóiriú agus oiliúint	Tograí le haghaidh athchóiriú PHC, sásra atreorúcháin píolótach, ardáin dhigiteacha agus oiliúint dhigiteach				C2	2026	Aighneacht: 1) Tograí maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar Phríomhchúram Sláinte, 2) Sásra atreorúcháin píolótach, 3) Oiliúint foirne arb é is aidhm di feabhas a chur ar acmhainneacht lucht saothair PHC, 4) Ardán digiteach le haghaidh cinnteoireacht shonraíbhunaithe in PHC. Oiliúint a chur ar 10000 gairmí cúraim sláinte phríomhúil ar a laghad.
335	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16984_ Athchóiriú an Dochtúir Phearsanta	Garsprioc	Athchóiriú ar dhochtúirí pearsanta — teacht i bhfeidhm na reachtaíochta	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena leagtar amach na príomhghnéithe a bhaineann le clárú dochtúirí tuaithe le córas na ndochtúirí pearsanta, cruthú post comhchosúil nua i gceantair uirbeacha, fho-uirbeacha agus thuaithe agus maidir leis an sásra dreasachta				C1	2024	Tiocfaidh reachtaíocht i bhfeidhm lena leagfar amach príomhghnéithe chlárú na ndochtúirí tuaithe sa chóras dochtúirí pearsanta, cruthú post comhchosúil nua i gceantair uirbeacha, fho-uirbeacha agus thuaithe, i gcás ina bhfuil easpa dochtúirí pearsanta fós ann, agus an sásra dreasachta chun go mbeidh dochtúirí ina gcónaitheoirí sa Leigheas Ginearálta/Míochaine Teaghlaigh nó sa Leigheas Inmheánach.
336	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16984_ Athchóiriú an Dochtúir Phearsanta	Garsprioc	Athchóiriú ar dhochtúirí pearsanta — clárú	Tá ardáin le haghaidh clárúcháin agus tarchuir ar líne agus inrochtana				C2	2025	Tá an t-ardán chun clárú le dochtúir pearsanta ar líne agus inrochtana. Tá an t-ardán le haghaidh atreorú chuig cúram speisialtachta ar líne agus inrochtana.

Grúpa 14: Bearta bonneagair agus digiteacha chun an córas cúraim sláinte a nuachóiriú agus a uasghrádú

- Claochlú digiteach na Sláinte (ID: 16752)
- Bonneagar sláinte (ID: 16795)
- Ionad Radaiteiripe a bhunú ag Ospidéal Galar Tóracsach “Sotiria” na hAithne (ID: 16757)
- Saotharlanna Cliniciúla Teiripí Cille & Géanóim laistigh d’Ospidéal Ginearálta Thessaloniki ‘Papanikolaou’ (ID: 16793)
- Córais Cúraim Sláinte Baile & Ospidéil sa Bhaile a bhunú (ID: 16753)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
167	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16752_Claochlú Digiteach na Sláinte (DigHealth)	Garsprioc	Claochlú digiteach an Chúraim Sláinte — Taifead Sláinte Digiteach Náisiúnta (fothionscadal 1)	Tuarascáil lena bhfianaítear cur i gcrích mhóreilimintí uile Fhothionscadal 1 (Taifead Sláinte Digiteach — féach Tuairisc)				C2	2024	Na gnéithe seo a leanas ar a laghad d’Fhothionscadal 1 a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm lena dtacaítear le claochlú digiteach an chórais cúraim sláinte chun taifead sláinte digiteach náisiúnta a dhéanamh oibríochtúil: 1) doiciméid chliniciúla, 2) seirbhísí téarmaíochta, 3) creat náisiúnta idir-inoibritheachta ríomhshláinte, 4) na torthaí saotharlainne uile a bhailiú sa taifead ríomhshláinte, 5) litreacha urscaoilte a bhailiú.
168	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16752_Claochlú Digiteach na Sláinte (DigHealth)	Garsprioc	Claochlú digiteach — Leathnú ar an gcóras cruthaithe agus bainistithe coinní faoi chuimsiú an Chláir Náisiúnta Vacsaínithe i gcoinne COVID-19, uasghrádú bonneagair ar an gCóras um Eisreachtú Leictreonach	1. An córas cruthaithe agus bainistíochta ceapachán a leathnú faoi chuimsiú an Chláir Náisiúnta Vacsaínithe in aghaidh COVID-19 2. Uasghrádú bonneagair ar an gCóras Ríomh-Shaintreorach				C2	2025	1. An córas cruthaithe agus bainistíochta ceapachán a leathnú faoi chuimsiú an Chláir Náisiúnta Vacsaínithe in aghaidh COVID-19 2. Uasghrádú bonneagair ar an gCóras Ríomh-Shaintreorach
169	10-3.3. Athléimneacht,	Garsprioc	Cúram baile —	Ocht láithreán				C2	2025	Fuair ocht láithreán tagartha cúraim baile

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16753_Córais Cúraim Sláinte Baile & Ospidéil sa Bhaile a bhunú		suíomhanna tagartha a oscailt	tagartha cúraim baile a bunaíodh						deimhnithe formheasa ón Údarás Sláinte Réigiúnach lena ndeonaítear rannpháirtíocht i líonra ospidéil agus tá foireann acu (2 san Aithin, ceann amháin in Thessaloniki, ceann amháin in Alexandroupolis, ceann amháin in Patra, ceann amháin in Ioannina, ceann amháin in Iraklion agus ceann amháin in Larisa). Feidhmeanna agus trealamh teililéighis, lena n-áirítear oiliúint, a sheachadadh. Tá clárlann náisiúnta d'othair a chóireáiltear trí chúram baile ar líne agus inrochtana. Formhuiníonn an Aireacht Sláinte prótacail theiripeacha chaighdeánaithe, chomh maith le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta.
170	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16795_ Bonneagar sláinte	Cuspóir sonrach	Uasghrádú ar Bhonneagar NHS — céim 1		Ospidéil athchóirithe	0	9	R4	2025	Oibreacha athchóirithe agus/nó tógála do naoi n-ospidéal san iomlán.
170a	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16795_ Bonneagar sláinte	Cuspóir sonrach	Uasghrádú ar Bhonneagar NHS — céim 2		Ospidéil athchóirithe	0	10	C1	2026	Oibreacha athchóirithe agus/nó tógála do 10 n-ospidéal san iomlán sa 1ú agus sa 2ú Réigiún Sláinte.
170b	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16795_ Bonneagar sláinte	Cuspóir sonrach	Uasghrádú ar Bhonneagar NHS — céim 3		Ospidéil athchóirithe	0	9	C1	2026	Oibreacha athchóirithe agus/nó tógála do 9 n-ospidéal san iomlán i Réigiúin Sláinte seachas 1 agus 2.
170c	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus	Cuspóir sonrach	Uasghrádú ar Bhonneagar NHS —		Ospidéil athchóirithe	10	23	C2	2026	Oibreacha athchóirithe agus/nó tógála do 13 ospidéal bhreise sa 1ú agus sa 2ú Réigiún Sláinte.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16795_ Bonneagar sláinte		céim 4							
170d	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16795_ Bonneagar sláinte	Cuspóir sonrach	Uasghrádú ar Bhonneagar NHS — céim 5		Ospidéil athchóirithe	9	48	C2	2026	Oibreacha athchóirithe agus/nó tógála le haghaidh 39 n-ospidéal bhreise i Réigiúin Sláinte seachas 1 agus 2.
170e	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16795_ Bonneagar sláinte	Garsprioc	Uasghrádú ar Bhonneagar NHS — trealamh leighis	Seachadadh trealaimh leighis				C2	2026	Trealamh agus feistí leighis a sheachadadh do 80 ospidéal.
171	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16757_Ionad Radaiteiripe a bhunú ag Ospidéal Galar Tóracsach ‘Sotiria’ na hAithne	Garsprioc	Ionad Radaiteiripe Sotiria	Tógáil agus bunú roinn Radiotherapy Sotiria				C2	2025	Foirgneamh a thógáil in Ospidéal Sotiria ina mbeidh aonaid radaiteiripe agus ceimiteiripe, clinicí othar seachtrach agus ranna saotharlainne nua. Tá ceadúnas bunaíochta faighte ag roinn nua radaiteiripe Ospidéal Sotiria. Athchóiriú ar fhoirgneamh ‘300 Andron Men’, lena n-áirítear clinicí. Droichead a thógáil lena n-idirnasctar foirgneamh ‘300 Andron Men’ agus líonra droichid an ospidéil atá ann cheana.
172	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16793_ Teiripí Cealla & Géinteiripí agus	Garsprioc	Ospidéal Papanikolaou	Tógáil foirgneamh chun an Ceallra & an Ghéinteiripe agus an Chlinic Heiteolaíochta a lonnú				R4	2025	Foirgneamh a thógáil chun 1) saotharlanna speisialaithe de chuid an Chealla & na Teiripe Géinitígus na Clinice Heamaiteolaíochta agus 2) aonad altranais speisialta. Bainfear amach leis an bhfoirgneamh nua Príomhéileamh Fuinnimh (PED) atá 20 % níos

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	Saotharlanna Cliniciúla Téamaeolaíochta laistigh d'Ospidéal Ginearálta Thessaloniki 'Papanikolaou'									ísle ar a laghad ná ceanglas NZEB.
173	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16752_Claochlú Digiteach na Sláinte (DigHealth)	Garsprioc	An claochlú digiteach — gach fothionscadal curtha i gcrích, céim 1	Seachadtar an taifead náisiúnta digiteach ar shláinte othar, agus leathnaítear acmhainneacht an Líonra Náisiúnta Teilileighis				R4	2025	Chun an chloch mhíle a chomhlíonadh, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh: an taifead náisiúnta sláinte digití a sheachadadh, lena n-áirítear caint chuig teicneolaíochtaí teicneolaíochta ina n-úsáidtear an Intleacht Shaorga (IS), scrúduithe raideolaíocha a dhéantar san earnáil phríobháideach a chur san áireamh, an próiseas diagnóise cianda a chur sa stór íomhánna raideolaíocha méadú toillte an Líonra Náisiúnta Teilileighis, lena n-áirítear stáisiúin teilileighis nua
173a	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16752_Claochlú Digiteach na Sláinte (DigHealth)	Garsprioc	An claochlú digiteach — gach fothionscadal curtha i gcrích, céim 2	Cuirtear ullmhacht dhigiteach an ospidéil ar fáil				R4	2025	Ullmhacht dhigiteach ospidéil a sholáthar, lena n-áirítear: fardal trealaimh leighis a bhunú, idir-inoibritheacht DRG, ríomhorduithe, córais faisnéise cliniciúla a bhunú agus/nó a uasghrádú chun taifid leighis in ospidéil a chur san áireamh.
173b	10-3.3. Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú — 16752_Claochlú Digiteach na Sláinte (DigHealth)	Garsprioc	An claochlú digiteach — gach fothionscadal curtha i gcrích, céim 3	Cuirtear clár claochlaithe dhigitigh an chúraim oinceolaíochta/hemateolaíochta ar fáil, déantar córas faisnéise comhtháite				R4	2025	a) seachadadh an chláir um chlaochlú digiteach maidir le hoinceolaíocht/cúram haemaiteolaíochta, lena n-áirítear: An Córas Faisnéise um Chóireáil Ailse in 12 ospidéal ar a laghad (lena n-áirítear prótacail theiripeacha le haghaidh ceimiteiripe), an chlárlann náisiúnta ailse a chur in úsáid/a bhunú, Clárlann

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
				EOPYY a uasghrádú, agus déantar an córas ríomhoidis a leathnú chun cúram othar cónaitheach a chumhdach						na nOthar a leathnú chun othair a bhfuil siadaí neamhurchóideacha orthu a chur san áireamh b) uasghrádú digiteach chóras faisnéise comhtháite EOPYY (an Eagraíocht Náisiúnta um Sholáthar Seirbhísí Sláinte), lena n-áirítear bainistiú agus faireachán caiteachais, bainistiú sonraí, anailísíocht, agus idir-inoibritheacht le tríú páirtithe c) An córas r-Oideas a leathnú chun cúram othar cónaitheach a chumhdach

K. COMHCHUID 3.4: ROCHTAIN AR BHEARTAIS SHÓISIALTA ATÁ ÉIFEACHTACH AGUS CUIMSITHEACH A MHÉADÚ

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus réitigh na Gréige cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí leochaileacha, agus tacú le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair ag an am céanna. Tá cuid mhór den chomhpháirt tiomnaithe d'oideachas agus do chúram na luath-óige, go háirithe i bhfoirm fóirdheontas chun 1000 aonad nua cúraim leanaí a chruthú i mbardais. Ceadaítear leis an bPlean freisin bearta gníomhachtúcháin sa mhargadh saothair do ghrúpaí leochaileacha lena n-áirítear tairbhithe ioncaim íosta ráthaithe, dídeanaithe, daoine gan dídean, Romaigh agus daoine a bhfuil neamhoird speictrim uathachais orthu. Is príomhghnéithe den phlean freisin iad clár oiliúna ar mhórscála do ghnólachtaí beaga maidir le feasacht ar an éagsúlacht agus roinnt treoirthionscadail bheaga amhail dí-institiúidiú leanaí, tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus tithíocht shóisialta. Tá an chomhpháirt i gcomhréir leis na Moltaí Tírshonracha maidir leis an margadh saothair agus leis an mbeartas sóisialta (Moltaí Tírshonracha 2 2020 agus 1 2019) agus leis an infheistíocht (Moltaí Tírshonracha 3 2020 agus 2 2019). Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01) á cur san áireamh.

K.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: Cosaint Leanaí (aitheantas an bhirt: 16919)

Is é cuspóir an bhirt tacú le cosaint leanaí. Is éard atá sa bheart infheistíochtaí lena gceadaítear dí-institiúidiú agus feabhas a chur ar infhostaitheacht daoine suas le 26 bliana d'aois.

Athchóiriú: Míchumas (aitheantas an bhirt: 16904)

Is é cuspóir an bhirt tacú le cuimsiú sóisialta, maireachtáil neamhspleách, infhostaitheacht agus idirghabháil luath-óige do dhaoine faoi mhíchumas. Is éard atá i gceist leis an mbeart an méid seo a leanas a sholáthar: (a) cistiú le haghaidh bonneagar inrochtaineachta agus tacaíochta do dhaoine a bhfuil lagú soghluaisteachta agus céadfach orthu, agus cúnamh maireachtála neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas; tacaíocht d'idirghabhálacha luath-óige (cláir theiripeacha nó oideachais).

Infheistíocht: Lánpháirtiú Sóisialta (cód aitheantais an bhirt: 16922)

Is é cuspóir an bhirt lánpháirtiú sóisialta daoine leochaileacha a mhéadú, lena n-áirítear tairbhithe Ioncaim Íosta Ráthaithe, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas. Is éard atá sa bheart: (a) tacú leis na grúpaí is leochailí chun iad a (ath)lánpháirtiú sa mhargadh saothair; oiliúint dhigiteach do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas; (C) tacaíocht tithíochta sóisialta.

Infheistíocht: Claochlú Digiteach an chórais tacaíochta sóisialta (aitheantas birt: 16925)

Is é is cuspóir don bheart seo nuachóiriú agus claochlú digiteach na gcóras cosanta sóisialta agus leasa shóisialta a éascú. Is éard atá i gceist leis an mbeart Tairseach Náisiúnta um shochair mhíchumais a bhunú agus cártaí míchumais a sheachadadh ar thairbhithe.

Athchóiriú: Sochair Shóisialta a Bharrfheabhsú (aitheantas birt: 16726)

Is é cuspóir an bhirt aistriú sochar sóisialta a bharrfheabhsú trí chártaí réamhíoctha a úsáid. Is éard atá sa bheartréamhrá maidir le cártaí réamhíoctha chun formhór na sochar sóisialta a íoc, lena n-áirítear dreasachtaí do thairbhithe chun iad a úsáid chun earraí agus seirbhísí a cheannach.

Infheistíocht: Feasacht ar an Éagsúlacht (sainaitheantas an bhirt: 16685)

Is é cuspóir an bhirt feasacht a mhúscailt maidir leis an éagsúlacht. Is éard atá sa bheart: cláir oiliúna éagsúlachta d'fhostaithe san earnáil phríobháideach; teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil lena ndéantar foráil maidir le sásra le haghaidh córais dámhachtana d'fhiontair/eagraíochtaí a chuireann éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn.

Infheistíocht: Lánpháirtiú an daonra dídeanaithe sa mhargadh saothair a chur chun cinn (cód aitheantais an bhirt: 16688)

Is é cuspóir an bhirt lánpháirtiú an daonra dídeanaithe sa mhargadh saothair a chur chun cinn. Is éard atá sa bheart gairmoiliúint agus tréimhsí oiliúna do dhídeanaithe, d'imircigh dhleathacha agus d'iarrthóirí tearmainn.

Infheistíocht: Claochlú digiteach an chórais inimirce agus tearmainn (aitheantas birt: 16763)

Is é cuspóir na hinfheistíochta feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí d'imircigh agus d'iarrthóirí tearmainn. Is éard atá i gceist leis an mbeart earraí agus seirbhísí a sholáthar chun an córas Imirce agus Tearmainn a dhigitiú.

Athchóiriú: Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne (aitheantas birt: 16402)

Is é cuspóir an bhirt rochtain ar thithíocht inacmhainne agus ardcháilíochta a mhéadú do theaghlaigh ar ioncam íseal agus infhaighteacht tithíochta sóisialta a mhéadú do ghrúpaí leochaileacha. Tá dhá ghné sa bheart, (i) straitéis tithíochta náisiúnta a ghlacadh agus (ii) athruithe reachtacha a bhaineann leis an gclár um malartú cómhalartach maoine poiblí ('Kinoniki Antiparochi').

K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Grúpa 15: Rochtain ar bheartais shóisialta atá éifeachtach agus cuimsitheach a mhéadú

- Cosaint Leanaí (ID: 16919)
- Míchumas (ID: 16904)
- Tairbhí Sóisialta a Bharrfheabhsú (16726)
- Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne (16402)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
174	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16904_ Míchumas	Garsprioc	An dlí maidir le cúnamh pearsanta faoi mhíchumas agus scéim phíolótach na chéad chéime a chur i bhfeidhm	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha agus tánaistí (tagairt don Iris Oifigiúil) agus foilsiú an fhógra faoin scéim um Ghlao ar Iarratais ar Chúnamh Pearsanta.				C1	2022	Cúnamh pearsanta: Teacht i bhfeidhm an dlí chun dí-institiúidiú cúraim míchumais a chumasú, agus glao ar iarratais chun páirt a ghlacadh i dtreoirthionscadal céadchéime lena n-áirítear próiseas incháilitheachta bunaithe ar mheasúnú leighis agus feidhmiúil ar mhíchumas ag coiste meastóireachta ildisciplíneach
174a	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16904_ Míchumas	Garsprioc	Bonneagar inrochtaineachta agus tacaíochta, idirghabhálacha luath-óige, an scéim náisiúnta um míchumas Cúnaimh Phearsanta a chur i bhfeidhm	Bonneagar a sheachadadh, conarthaí a shíniú agus glao a fhoilsiú do thairbhithe an chur i bhfeidhm náisiúnta (an scéim um míchumas maidir le Cúnamh Pearsanta).				R4	2025	1. Seachadadh: (a) bonneagar inrochtaineachta agus tacaíochta i dtithe príobháideacha, in ionaid oibre agus i bhfoirgnimh phoiblí arna roghnú trí ghlao chun rochtain a éascú do dhaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta agus céadfacha acu; conarthaí sínithe idir tuismitheoirí agus eagraíochtaí a sholáthraíonn idirghabhálacha luath-óige (cláir theiripeacha nó oideachais) do leanaí a roghnaítear trí ghlao 2. Foilsiú glao ar thairbhithe an chur i bhfeidhm ar fud na tíre don scéim um míchumas Cúnaimh Phearsanta
175	11-3.4. Rochtain ar	Garsprioc	Sochair	Cártaí réamhíoctha a				R4	2024	Cártaí réamhíoctha a eisiúint chun formhór na

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16726 Sochar Sóisialta a Bharrfheabhsú		Shóisialta Cártaí réamhíoctha a bharrfheabhsú	eisiúint chun sochair shóisialta a sholáthraíonn an dá sheirbhís sin a íoc						sochar sóisialta arna soláthar ag an Údarás Íocaíochta Sochar Leasa Aonair (OPEKA) agus ag an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta (DYPA) a íoc
175a	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16726 Sochar Sóisialta a Bharrfheabhsú	Garsprioc	Sochair Shóisialta Cártaí réamhíoctha barrfheabhsaithe	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				C2	2024	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí lena gcuirtear dreasachtaí ar fáil do thairbhithe as cártaí réamhíoctha a úsáid chun earraí agus seirbhísí a cheannach.
176	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16904_Míchumas	Garsprioc	Measúnú ar mhíchumas maidir le cúnamh pearsanta	Cúntóirí pearsanta a shanntar do 1500 tairbhí ar a laghad.				R4	2024	Cúntóirí pearsanta a shannadh do 1500 tairbhí ar a laghad, lena n-áirítear próiseas measúnaithe míchumais ag coiste meastóireachta ildisciplíneach.
178	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16919_Cosaint Leanaí	Garsprioc	Árasáin mhaireachtála neamhspleácha chun daoine suas le 26 bliana d'aois a dhí-institiúidiú	Gníomh dlí a ghlacadh lena gceadaítear daoine suas le 26 bliana d'aois a chur in árasáin bheo leath-neamhspleácha				R4	2025	Gníomh dlí a ghlacadh lena gceadaítear 200 duine atá suas le 26 bliana d'aois agus a bhfuil cónaí orthu faoi láthair in Aonaid um Chosaint Leanaí (CPUnna) a chur in árasáin agus sa mhaireachtáil tacaithe.
179	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16904_ Míchumas	Garsprioc	Cur i bhfeidhm náisiúnta na scéime um míchumas Cúnaimh Phearsanta agus seachadadh na meastóireachta dara céim ar mheasúnú	teacht i bhfeidhm gnímh dlí maidir le feidhmiú céimneach náisiúnta agus b) tuarascáil mheastóireachta ar an scéim phíolótach agus ar an gcóras measúnachta maille le staidreamh agus moltaí.				R4	2025	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí chun feidhmiú céimneach náisiúnta na scéime um míchumas Cúnaimh Phearsanta a chumasú, lena n-áirítear an próiseas measúnaithe leighis agus feidhmiúil agus seachadadh tuarascála meastóireachta ar an scéim phíolótach le staidreamh agus moltaí.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			míchumais cúnaimh phearsanta							
181	11-3 Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16402_Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne	Garsprioc	An Straitéis Náisiúnta Tithíochta	Formheas na Straitéise Tithíochta ag Comh-Aireacht na nAirí				C1	2026	An Straitéis Náisiúnta Tithíochta a ghlacadh, tar éis comhairliúcháin phoiblí, lena n-áireofar: - Anailís ar fheidhmiú an mhargaidh tithíochta. - Mapáil ar an stoc tithíochta ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear maoin phríobháideach nach bhfuil áitithe agus maoin atá faoi úinéireacht an stáit atá ar fáil nó a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun críoch tithíochta sóisialta, mar aon le hanailís ar fhorbairtí ar phraghsanna tithíochta agus ar a ndeitéarmanaint a bhfuil sonraí agus táscairí staidrimh mar thaca leo; - Anailís ar riachtanais tithíochta de réir codanna den daonra (i.e. grúpaí daonra a bhfuil saintréithe ar leith acu amhail aois, ioncam indiúscartha, comhdhéanamh teaghlaigh, ar an leibhéal bardasach agus réigiúnach, i gceantair thuaithe nó uirbeacha, i gcathracha beaga nó i gcathracha móra); - Mionsonraí na ngníomhaíochtaí éagsúla beartais cur chun feidhme, lena n-áirítear le haghaidh gach údaráis fhreagraigh, gach foinse buiséid agus cistiúcháin, gach tosaíochta agus gach tairbhí a bhfuiltear ag súil leis; - Tuairisc ar an struchtúr rialachais a bheidh freagrach as an straitéis a chur chun feidhme agus as í a thabhairt cothrom le dáta amach anseo, agus tuairisc ar an amlíne cur chun feidhme.
181a	11-3 Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus	Garsprioc	Modhnú ar ghníomh dlí	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil				C1	2025	Beidh gníomh dlíthiúil tagtha i bhfeidhm chun dreasachtaí a sholáthar d'fhorbróirí na hearnála príobháidí chun infheistíocht a dhéanamh i dtógáil

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	chuimsitheacha a mhéadú — 16402_Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne									nua nó in athchóiriú nua sócmhainní réadmhaoine atá faoi úinéireacht an stáit, an fhéidearthacht úinéireacht a fháil ar chuid den mhaoin, lena n-áirítear chun críoch tráchtála, agus sciar de na maoine á thiontú ina dtithíocht shóisialta agus inacmhainne ag an am céanna. Tabharfar cuireadh d'fhorbróirí réadmhaoine príobháidí trí phróiseas trédhearcach iomaíoch tabhairt faoi fhorbairt nó athchóiriú sócmhainní réadmhaoine atá faoi úinéireacht stáit. Sonrófar sa dlí róil na hAireachta um Chomhtháthú Sóisialta agus Gnóthaí Teaghlaigh mar údarás lárnach chun an clár um malartú cómhalartach maoine poiblí a bhainistiú ('Kinoniki Antiparochi').

Grúpa 16: Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — Imirce agus Tearmann

- Digitiú an chórais Imirce agus Tearmainn (ID: 16763)
- Claochlú Digiteach an Chórais Tacaíochta Sóisialta (ID: 16925)
- Feasacht ar éagsúlacht (ID: 16685)
- Lánpháirtiú Sóisialta (ID: 16922)
- Lánpháirtiú an daonra dídeanaithe sa mhargadh saothair a chur chun cinn (ID: 16688)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	

182	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16925_Claochlú Digiteach an chórais tacaíochta sóisialta	Garsprioc	Cártaí míchumais a eisiúint do thairbhithe	Cártaí míchumais a eisiúint do thairbhithe				R4	2025	150000 cárta míchumais a eisiúint do thairbhithe Ionchorprófar le cártaí míchumais sochair chultúrtha agus iompair do dhaoine faoi mhíchumas
182a	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16925_Claochlú Digiteach an chórais tacaíochta sóisialta	Garsprioc	Tairseach Náisiúnta Míchumais	An Tairseach Náisiúnta Míchumais a Sheachadadh				R4	2025	Le Tairseach Náisiúnta Míchumais, cuirtear rochtain ar líne ar fáil d'úsáideoirí ar a sonraí pearsanta agus ar na sochair a chomhfhreagraíonn dá míchumas
183	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16922_Lánpháirtiú Sóisialta	Garsprioc	Iontráil sna cláir tacaíochta fostaíochta agus deimhniú lena ndeimhnítear rannpháirtíocht in oiliúint d'fhaighteoirí GMI	Cruthúnas ar dhul isteach sna cláir tacaíochta fostaíochta agus deimhniú lena ndeimhnítear rannpháirtíocht in oiliúint d'fhaighteoirí GMI				R4	2025	Dul isteach sna cláir tacaíochta fostaíochta le haghaidh 7000 faighteoir Ioncaim Ísosta Ráthaithe agus eisiúint scileanna sealbhaithe deimhniúcháin ag an Eagraíocht Náisiúnta lena ndeimhnítear a rannpháirtíocht in oiliúint.
184	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16685_Feasacht ar an Éagsúlacht	Garsprioc	Deimhnithe oiliúna arna n-eisiúint d'fhostaithe i ngnólachtaí san earnáil phríobháideach	Deimhnithe oiliúna maidir le feasacht ar an éagsúlacht arna n-eisiúint do 80000 fostaí i ngnólachtaí san earnáil phríobháideach				C3	2024	Deimhnithe oiliúna maidir le feasacht ar an éagsúlacht arna n-eisiúint do 80000 fostaí i ngnólachtaí san earnáil phríobháideach
184a	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16685_Feasacht ar an Éagsúlacht	Garsprioc	Gníomh dlí lena sonraítear ról na Faireachlainne um Chomhionannas, agus gníomh dlí lena bhforáiltear do thús a chur le treoirthionscadal don chóras meastóireachta agus dámhachtana	Foráil sna gníomhartha dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí				C1	2025	Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena sonraítear ról na Faireachlainne um Chomhionannas mar bhrainse oibriúcháin den Aireacht um Chomhtháthú Sóisialta agus um Ghnóthaí Teaghlaigh, agus lena sanntar don Fhaireachlann um Chomhionannas an ról a bhaineann le tuarascálacha a eisiúint ina ndéantar measúnú ar staid na himeartha maidir le comhionannas

			d'fhiontair/eagraíochtaí a chuireann éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn							deiseanna. Teacht i bhfeidhm gnímh dlí lena bhforáiltear do thús a chur le treoirthionscadal chun meastóireacht a dhéanamh ar chóras dámhachtana d'fhiontair/eagraíochtaí a chuireann éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn.
185	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16763_Claochlú Digiteach an chórais inimirce agus tearmainn	Garsprioc	Digitiú an Chórais Tearmainn Imirce	Tionscadail digitithe le haghaidh an Chórais Tearmainn Imirce				C2	2025	1. Digitiú agus córas bainistithe doiciméad maidir le himirce dhleathach na hAireachta Imirce agus Tearmainn chun bainistiú aontaithe a dhéanamh ar shaolré iomlán na nósanna imeachta a bhaineann le sreabha dídeanaithe. 2. Seirbhísí comhtháite imirce digití agus seirbhísí bonneagair cibearshlándála a chruthú chun Bonneagair Faisnéise na hAireachta Imirce agus Tearmainn a chosaint 3. Idirlíon ardluais a chur ar fáil do na saoráidí cóiríochta sealadaí (REA) 4. Córas bainistíochta a chruthú d'iarrthóirí tearmainn (HYPERION). 5. Córas comhtháite digiteach bainistíochta slándála agus slándála fisiciúla (KENTAVROS) a chruthú. 6. Idirlíon ardluais a sholáthar do na saoráidí cóiríochta sealadaí (REA)
186	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16922_Lánpháirtiú Sóisialta	Cuspóir sonrach	Athchóiriú tithíochta sóisialta á chur i gcrích árasán		Árasáin athchóirithe	0	50	C2	2025	50 árasán athchóirithe.
186a	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16922_Lánpháirtiú	Garsprioc	Lánpháirtiú sóisialta grúpaí leochaileacha, oiliúint dhigiteach	Ghlac daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas páirt in oiliúint tar éis sheoladh an ghlao ar				R4	2025	Ghlac 5400 duine scothaosta agus duine faoi mhíchumas páirt in oiliúint dhigiteach

	Sóisialta			iarratais						
187	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16688: Lánpháirtiú an daonra dídeanaithe sa mhargadh saothair a chur chun cinn	Garsprioc	Lánpháirtiú dídeanaithe i margadh an tsaothair	Clár gairmoiliúna				R4	2025	Clár gairmoiliúna le haghaidh 3600 dídeanaí sonraithe lena n-áirítear dídeanaithe aitheanta (tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta) a bhfuil cónaí orthu i saoráidí cóiríochta de chuid na hAireachta Imirce agus Tearmainn nó sa limistéar uirbeach, tairbhithe de chosaint shealadach, imircigh dhlíthiúla, agus iarrthóirí tearmainn. As measc na dtairbhithe sin, tá conarthaí oiliúna sínithe ag 1800 díobh.

K.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht: Clár Tithíochta Inacmhainne 'Mo Bhaile II' (beart ID 16400)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí sa tSaoráid'Mo BhaileII', chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú in earnáil tithíochta na Gréige a fheabhsú. Feidhmeoidh an tSaoráid trí iasachtaí a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach. Ar bhonn Infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid 'Mo Bhaile II' maoiniú EUR 1000 milliún ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é an Banc Forbartha Heilléanach, inacháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid 'MoBhaile II'. Áireofar sa tSaoráid an líne táirgí seo a leanas:

- Roghnóidh an Banc Forbartha Heilléanach na bainc thráchtála mar idirghabhálaithe airgeadais chun páirt a ghlacadh sa tSaoráid, ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, trí ghlao oscailte. Déanfaidh bainc thráchtála na hiasachtaí a eiseofar faoin tSaoráid a chómhaoiniú. Cuirfear na hiasachtaí sin ar fáil do dhaoine aonair chun príomháit chónaithe a fháil. Soláthrófar leis an struchtúr iasachta cistiú 50 % saor ó ús ón tSaoráid "Mo Bhaile II", agus cistiú 50 % ó bhainc rannpháirteacha ar rátaí an mhargaidh.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid 'Mo Bhaile II' a chur chun feidhme, síneoidh an Ghréig agus an Banc Forbartha Heilléanach Comhaontú Cur Chun Feidhme. Beidh an t-ábhar seo a leanas sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide 'MoBhaile II'. Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.

2. Príomhcheanglais na dtáirgí airgeadais, lena n-áireofar:

a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.

b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

c. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí don chomhpháirtí cur chun feidhme agus d'idirghabhálaithe airgeadais, agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear an tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

5. Síneoidh an Banc Forbartha Heilléanach Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais na gComhaontuithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina bhfeidhmíonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

- Déanfaidh na hidirghabhálaithe airgeadais an cinneadh críochnaitheach maidir leis na heisiúintí iasachtaí i gcomhréir lena mbeartais agus lena nósanna imeachta, go neamhspleách ar an rialtas.
- An oibleagáid atá ar na hidirghabhálaithe airgeadais a gcinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais beartais infheistíochta a shonraítear thuas.
- Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe le haghaidh idirghabhálaithe airgeadais, lena n-áirítear:
    - An tuairisc ar chóras faireacháin na n-idirghabhálaithe airgeadais chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht arna slógadh.
    - An tuairisc ar nósanna imeachta na n-idirghabhálaithe airgeadais lena n-áiritheofar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    - An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.
    - An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta de chuid na n-idirghabhálaithe airgeadais. Fíorófar an méid seo a leanas leis na hiniúchtaí sin: go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; agus ii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na gcomhaontuithe is infheidhme á n-urramú.

Clár Tithíochta Inacmhainne “Mo Bhaile II” (16400)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
378	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16400_ Clár Tithíochta Inacmhainne “Mo Bhaile II”	Garsprioc	My Home II — Comhaontú Cur Chun Feidhme idir an Banc Forbartha Heilléanach agus an Aireacht Airgeadais	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
379	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16400_ Clár Tithíochta Inacmhainne “Mo Bhaile II”	Cuspóir sonrach	Mo Theach Baile II — Comhaontuithe dlíthiúla sínithe le tairbhithe deiridh — 50 %		Céatadán (%)	0 %	50 %	R4	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dhlíthiúil déanta ag idirghabhálaithe airgeadais le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 50 % ar a laghad d’infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid ‘Mo Bhaile II’ a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
380	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16400_ Clár Tithíochta Inacmhainne “Mo Bhaile II”	Cuspóir sonrach	My Home II — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh — 100 %		Céatadán (%)	50 %	100 %	C2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dhlíthiúil déanta ag idirghabhálaithe airgeadais le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d’infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid ‘Mo Bhaile II’ a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
381	11-3.4. Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú — 16400_ Clár Tithíochta Inacmhainne “Mo Bhaile II”	Garsprioc	Mo Theach Baile II — Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht Airgeadais	Deimhniú aistrithe				C2	2026	Aistreoidh an Ghréig EUR 1000 milliún chuig an mBanc Forbartha Heilléanach le haghaidh na Saoráide.

L. COMHCHUID 4.1: CÁNACHA A DHÉANAMH NÍOS FABHRAÍ DON FHÁS AGUS FEABHAS A CHUR AR RIARACHÁN CÁNACH AGUS AR BHAILIÚ CÁNACH

Is éard atá sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige athchóirithe agus infheistíocht spriocdhírithe chun leanúint d'fheabhas a chur ar fheidhmiú an riaracháin ioncaim phoiblí agus den chomhrac i gcoinne imghabháil cánach. Ar an gcéad dul síos, áirítear sa chomhpháirt sin athchóirithe ar bheartas cánach, chun códú na reachtaíochta cánach a éascú, chomh maith le dreasachtaí a thabhairt isteach chun ríomh-idirbhearta a fheabhsú, infheistíochtaí príobháideacha glasa agus digiteacha a chur chun cinn, agus méid na bhfiontar a mhéadú. Ar an dara dul síos, tá athchóirithe agus infheistíochtaí sa chomhpháirt arb é is aidhm dóibh riarachán an ioncaim phoiblí a chlaochlú, trí phróisis a dhigitiú, agus trí thionscnaimh reachtacha a thabhairt isteach chun smuigleáil a chomhrac agus dlús a chur le haisíocaíochtaí CBL.

Rannchuidíonn an chomhpháirt leis an aistriú digiteach, trí chroíchórais dhigiteacha an Údaráis Neamhspleách um Ioncam Poiblí (IAPR) a athsholáthar agus a uasghrádú, trí phróisis uathoibrithe oifige agus oibre a thabhairt isteach, trí iniúchtaí agus rialuithe a dhigitiú, chomh maith le ríomhsheirbhísí cáiníocóirí a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú.

Tacaíonn an chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach (Moladh Tírshonrach 3 2020), athchóirithe struchtúracha chun feabhas a chur ar fheidhmiú an gheilleagair (Moladh Tírshonrach 4 2020), agus maidir le beartas cánach agus riarachán cánach (Moladh Tírshonrach 1 2022 agus Moladh Tírshonrach 1 2023). Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01) á cur san áireamh.

L.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: Claochlú digiteach iniúchtaí cánach (cód aitheantais 16611)

Is é cuspóir na hinfheistíochta i) líonadh uathoibríoch dearbhuithe cánach a éascú ii) éifeachtacht iniúchtaí cánach agus bailiú ioncaim phoiblí a fheabhsú agus iii) éifeachtacht iniúchtaí cánach a mhéadú agus smuigleáil a chomhrac. Is éard atá sa bheart an córas faisnéise gnó/anailísíochta sonraí a sheachadadh agus teacht i bhfeidhm an chórais 'ELEGXOSlive'.

Athchóiriú: Códú agus simpliú na reachtaíochta cánach (sainaitheantas birt 16643)

Is é cuspóir an bhirt trédhearcacht a fheabhsú le haghaidh reachtaíocht chánach agus chustaim agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú don riarachán cánach, do cháiníocóirí agus do ghnólachtaí.

Is éard atá sa bheart códú na reachtaíochta príomhúla agus tánaistí cánach agus custaim agus a foilsiú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe do cháiníocóirí.

Athchóiriú: Dlús a chur le haisíocaíochtaí CBL (cód aitheantais 16610) a chur chun cinn

Le IAPR, simpleofar próisis riaracháin na n-aisíocaíochtaí CBL do ghnólachtaí, trí nósanna imeachta aisíocaíochta CBL uathoibrithe a chur chun feidhme, trí chur isteach leictreonach agus trí phróiseas anailíse riosca a éascú le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht. Is é is aidhm don

phróiseas nua idirghabháil an duine a theorannú trí idirbhearta digiteacha agus dul i ngleic le moilleanna ar aisíocaíochtaí CBL. Ní mór an t-athchóiriú a bheith i gcomhréir leis an Treoir maidir le haisíocaíocht CBL (Treoir 2008/9/CE ón gComhairle). Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú: Bearta agus dreasachtaí a ghlacadh chun ríomh-idirbhearta a mhéadú (cód aitheantais 16616)

Is é is aidhm don athchóiriú an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú agus comhlíonadh cánach a fheabhsú trí ríomh-idirbhearta a chur chun cinn. Bainfidh IAPR úsáid as saoráid myDATA le haghaidh leabharchoimeád leictreonach, ríomhshonrascadh agus nascadh na gclár airgid cánach uile lena chórais TF chun líonadh uathoibríoch dearbhuithe cánach a éascú agus chun éifeachtacht iniúchtaí cánach a fheabhsú. Tabharfar cur chun feidhme dhreasachtaí cánach an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú: Sár-asbhaint de speansais FBManna maidir leis an ngeilleagar glas, fuinneamh agus an t-aistriú digiteach (beart ID 16863)

Is éard atá san athchóiriú dreasachtaí cánach le haghaidh sár-asbhaint costas chun infheistíocht ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide a neartú, i dtrealamh a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide, le cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh, agus leis an digitiú. Beidh sé i gcomhréir go hiomlán le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair. Tabharfar cur chun feidhme dhreasachtaí cánach an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú: Creat nua don chomhrac i gcoinne na smuigleála, go príomha le haghaidh táirgí atá faoi réir dleachtanna máil (tobac, alcól agus fuinneamh) (beart ID 16656)

Is é is aidhm don athchóiriú tacú leis an gcomhrac i gcoinne na smuigleála, go háirithe i gcás na dtáirgí sin atá faoi réir dleachtanna máil (tobac, alcól, fuinneamh) trí chórais rianaithe, próisis iniúchóireachta agus trealamh na gCustam a nuachóiriú chun éifeachtacht na n-iniúchtaí lasta a mhéadú. Chuige sin, ní mór uasghrádú a dhéanamh ar chórais TF IAPR atá riachtanach chun faisnéis a fháil ó bhunachair sonraí Eorpacha agus náisiúnta. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú: Cláir airgid ar líne & POS (cód aitheantais 16614)

Forbróidh IAPR creat chun nascadh clár airgid le teirminéil Pointe Díolacháin (POS) agus lena chórais TF a éascú. Áirítear an méid seo a leanas sa tionscadal: (i) sonraíochtaí a bhunú chun cláir airgid a idirnascadh le teirminéil POS chun a dheimhniú go ndéanfar gach idirbheart POS a thaifeadadh sa chlár airgid thirim agus go ndéanfar na sonraí a tháirgfear a tharchur gar d'fhíor-am chuig IAPR; agus (ii) bonneagar agus feidhmchláir a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar idirbhearta sa chlár airgid agus chun tacú leis an sásra rialaithe. Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, is é is aidhm don bheart teorainn a chur leis an acmhainneacht imghabhála cánach agus, ar deireadh, an bhearna CBL a laghdú. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht: Claochlú Digiteach an Riaracháin Cánach agus Custaim (cód aitheantais 16291)

Is é is aidhm don infheistíocht claochlú digiteach an riaracháin ioncaim agus na seirbhísí ioncaim a bhaint amach, agus é mar chuspóir cumas IAPR a neartú chun a oibleagáidí mar údarás atá go hiomlán neamhspleách a chomhlíonadh (i gcomhréir le dlí cumasúcháin IAPR 4389/2016) agus a fheidhmíocht fhoriomlán a fheabhsú trí cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine aonair agus d'fhiontair a uasghrádú. Leis an infheistíocht sin,

comhdhlúthaítear fothionscadail bonneagair dhigitigh atá le cur chun feidhme ag IAPR, arna n-aicmiú i gceithre réimse idirghabhála:

1) Croíchórais dhigiteacha a athsholáthar agus feidhmiúlacht soláthair seirbhíse a leathnú lena n-áirítear sásraí idir-inoibritheachta chórais faisnéise IAPR a chur chun feidhme le córais faisnéise sonraí bainc;
2) Uathoibriú próiseas oifige agus oibre;
3) Iniúchtaí agus rialuithe a dhigitiú; agus
4) Uasghrádú ar sheirbhísí do cháiníocóirí.

Athchóiriú: Modhnuithe ar chreat beartais cánach na Gréige (aitheantas birt: 16985)

Is é is aidhm don athchóiriú imghabháil cánach a chomhrac agus dreasachtaí a fheabhsú, trí íocaíochtaí leictreonacha a chur chun cinn agus trí struchtúr na gcánacha ar dhaoine féinfhostaithe a fheabhsú, chomh maith le neamhspleáchas oibríochtúil an riaracháin cánach a fheabhsú. Leis an athchóiriú sin, déanfar an méid seo a leanas go háirithe: cánachas ar dhaoine féinfhostaithe agus dleacht stampa a athchóiriú; (II) imghabháil cánach a chomhrac trí ghlacadh éigeantach le híocaíochtaí leictreonacha a leathnú; (III) ceanglais tuairiscithe nua a bhunú maidir le sonraí a tharchuirtear chuig an riarachán cánach agus úsáid na sonraí sin a chumasú chun críocha CBL agus Cánach Ioncaim; agus (iv) neamhspleáchas oibríochtúil, athléimneacht agus leibhéal seirbhísí custaiméirí an Údaráis Neamhspleách um Ioncam Poiblí (IAPR) a neartú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Príomh-athchóiriú 8: Cláir agus POS airgid thirim ar líne

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
188	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus riarachán cánach agus bailiú cánach a fheabhsú — 16614_Cláir airgid ar líne & POS (athchóiriú)	Garsprioc	An tÚdarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí (IAPR): Cláir airgid ar líne & Pointe Díola (POS) — Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil	Teacht i bhfeidhm an dlí				C1	2022	Teacht i bhfeidhm chinneadh an Ghobharnóra Neamhspleách um Ioncam Poiblí maidir le ceanglais theicniúla, (bunaithe ar Airteagal 12, Dlí 4308/2014) agus Cinneadh Comhpháirteach Aireachta maidir le tarchur sonraí leictreonacha chuig an Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí (bunaithe ar Airteagal 15, Dlí 4174/2013), ina leagfar amach na príomhghnéithe is gá chun cláir airgid ar líne agus córais Pointe Díolacháin (POS) a idirnascadh leis an Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar smachtbhannaí le haghaidh cláir airgid (Airteagal 54, Dlí 4174/2013).
189	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus riarachán cánach agus bailiú cánach a fheabhsú — 16614_Cláir airgid ar líne & POS (athchóiriú)	Cuspóir sonrach	An tÚdarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí: Cláir airgid ar líne & Pointe Díola (POS) — comhtháthú agus idirnascadh		Líon na gclár airgid	0	400 000	C2	2024	Comhtháthú an chórais TF agus an bhunachair sonraí ábhartha laistigh d'ardán myDATA — rinne gach gnólacht faoin gcreat dlíthiúil a gcláir airgid ar líne a idirnascadh le córais Pointe Díolacháin leis an Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí. Tuarascáil ón Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí lena bhfianaítear cur i gcrích an athchóirithe agus lena léirítear líon iomlán na gclár airgid ar líne a rinne a gcórais Pointe Díolacháin a idirnascadh leis an Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí. 400000 ar a laghad a bheidh sna cláir airgid incháilithe.

Grúpa 17: Bearta Riaracháin Cánach

- Claochlú digiteach iniúchtaí cánach (ID: 16611)
- Dlús a chur le haisíocaíochtaí CBL (ID: 16610)
- Creat nua don chomhrac i gcoinne na smuigleála, go príomha le haghaidh táirgí atá faoi réir dleachtanna máil (tobac, alcól agus fuinneamh) (ID: 16656)
- Claochlú Digiteach an Riaracháin Cánach agus Custaim (ID: 16291)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
190	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16656_Creat nua don chomhrac i gcoinne na smuigleála, go príomha le haghaidh táirgí atá faoi réir dleachtanna máil (tobac, alcól agus fuinneamh)	Garsprioc	An comhrac i gcoinne na smuigleála — treochlár na gcinntí rialála	Tuarascáil ón Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí ina bhfuil an treochlár le haghaidh na gcinntí/na gciorcal a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na smuigleála.				C1	2022	Glacfaidh an tÚdarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí treochlár (lena n-áirítear amlíne) chun na cinntí/ciorclaigh a bhaineann le hathchóiriú an chreata dhlíthiúil maidir leis an gcomhrac in aghaidh na smuigleála a eisiúint. Eiseoidh an tÚdarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí tuarascáil ar an treochlár chun na cinntí/ciorclaigh a eisiúint, ina sonrófar na céimeanna is gá chun córais faisnéise oibríochtúla ICISNET agus ELENXIS a athdhearadh, agus é mar aidhm tosaíocht éifeachtach a thabhairt do rioscaí neamhchomhlíonta agus na próifílí iniúchóireachta is fearr is féidir a ghiniúint, agus úsáid á baint as faisnéis ón Aontas Eorpach agus ó bhunachair sonraí náisiúnta.
191	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16656_Creat nua don chomhrac i gcoinne na smuigleála, go príomha le haghaidh táirgí atá faoi réir dleachtanna máil (tobac, alcól agus fuinneamh)	Garsprioc	An comhrac in aghaidh na smuigleála — teacht i bhfeidhm cinntí rialála	Tháinig cinntí rialála/ciorclaigh i bhfeidhm.				C3	2022	Teacht i bhfeidhm 15 chinneadh rialála/chiorcal arna nglacadh ag an Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí maidir le córas comhtháite nua a dhearadh chun smuigleáil a chomhrac. I gcomhréir leis an treochlár a socraíodh faoin 31 Márta 2022, bainfidh an cinneadh/ciorcal a tháinig i bhfeidhm le córas comhtháite nua a ullmhú a thacóidh leis an bpróiseas iniúchóireachta trí

										fhaireachán a dhéanamh ar idirbhearta agus nósanna imeachta custaim i bhfíor-am. Feidhmeoidh an córas sin trí dhíriú níos fearr agus níos tapúla ar na seirbhísí custaim ionchúisimh le maoirseacht lárnach agus ag na pointí ardspéise.
192	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus riarachán cánach agus bailiú cánach a fheabhsú — 16611_Claochlú digiteach iniúchtaí cánach	Garsprioc	Iniúchtaí cánach — Mo shonraí agus faisnéis bhainc	Tuarascáil ón Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí ina bhfianaítear an méid seo a leanas: a) An córas Mo shonraí a ghníomhachtú go hiomlán. an tionscadal a chur i gcrích chun go mbeidh an tÚdarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí in ann faisnéis bhainc tríú páirtí a idirnascadh agus a úsáid.				R4	2023	Gníomhachtú i. Córas myDATA agus a idirnascadh agus an úsáid a bhaineann sé as faisnéis bhainc tríú páirtí, agus é mar chuspóir leis feabhas a chur ar chomhlíontacht gnólachtaí le rialacha cánach, líonadh uathoibríoch dearbhuithe cánach a éascú agus éifeachtacht iniúchtaí cánach a fheabhsú. ii. Saoráid myDATA le haghaidh leabharchoimeád leictreonach, ríomhshonrascadh agus nascadh na gclár airgid cánach uile lena córais TF.
193	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16610_Dlús a chur le haisíocaíochtaí CBL a chur chun cinn	Garsprioc	Aisíocaíochtaí CBL lán-uathoibrithe — seoladh an chórais TF	Tuarascáil ón Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí lena bhfianaítear seoladh an chórais TF nua.				R4	2023	Cur chun feidhme an nós imeachta aisíocaíochta CBL lán-uathoibrithe agus an ardáin TF lena bhféadfar gach iarraidh ar aisíocaíocht a chur i gcrích go leictreonach, nuair nach dtagann siad faoin sampla iniúchóireachta tríd an bpróiseas anailíse riosca (90 % ar a laghad de na hiarrataí go léir in aghaidh na bliana).
195a	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16291_Claochlú Digiteach an Riaracháin Cánach agus Custaim	Garsprioc	Seachadadh i) córas faisnéise comhtháite le haghaidh Ard-Stiúrthóireacht IAPR um Sheirbhísí Airgeadais agus ii) crua-earraí oifige agus trealamh TF iompartha le haghaidh IAPR	Seachadadh an dá fhothionscadal				R4	2024	Soláthrófar na fothionscadail seo a leanas: • Faoin réimse idirghabhála ‘Croíchórais dhigiteacha a athsholáthar, bonneagar atá imithe i léig a athnuachan agus feidhmiúlacht soláthair seirbhíse a leathnú’: Córas comhtháite faisnéise d’Ard-Stiúrthóireacht IAPR um Sheirbhísí Airgeadais. • Faoin réimse idirghabhála ‘Uathoibriú próiseas oifige agus oibre’: Soláthar trealaimh le haghaidh IAPR.

194	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus riarachán cánach agus bailiú cánach a fheabhsú — 16611_Claochlú digiteach iniúchtaí cánach	Garsprioc	Seachadadh agus teacht i bhfeidhm córas a bhaineann le claochlú digiteach iniúchtaí cánach	An córas faisnéise gnó/anailísíochta sonraí a sholáthar Tuarascáil ón Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí lena bhfianaítear teacht i bhfeidhm an chórais 'ELEGXOSlive'				R4	2025	(a) An córas faisnéise gnó/anailísíochta sonraí a sholáthar. (b) Teacht i bhfeidhm chóras Elenxis Live ('ELEGXOSlive').
195	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16291_Claochlú Digiteach an Riaracháin Cánach agus Custaim	Garsprioc	Táirgí insoláthartha na chéad chéime de thimpeallacht chomhtháite TF cánach agus iniúchóireachta an Údaráis Neamhspleách um Ioncam Poiblí a chur i gcrích Seachadadh fothionscadal mar chuid de chlaochlú digiteach IAPR	Seachadadh i) na chéad chéimeanna de tháirgí insoláthartha na timpeallachta comhtháite TF ii) fothionscadail mar chuid de chlaochlú digiteach IAPR				R4	2025	Táirgí insoláthartha na chéad chéime den timpeallacht chomhtháite TF a chur i gcrích (in ionad TAXIS, TAXISnet, agus Elenxis). Is éard a bheidh sna táirgí insoláthartha sin na staidéir tionscadail uile is gá, athdhearadh agus cur chun feidhme iomlán an bhunachair sonraí, soláthar comhéadan sonraí agus cur i bhfeidhm fochóras céadchéime (lena n-áirítear clárlann chánach, cuntasaíocht). Córas faireachais le haghaidh feithiclí tráchtála agus coimeádáin arna bhunú, bunaithe ar réiteach rianaithe GPS Idirlíon ar Rudaí Nithiúla (IoT) chun oibríochtaí rianaithe a dhéanamh a thacaíonn le claochlú digiteach an Údaráis Neamhspleách um Ioncam Poiblí, trí chóras faireachais feithiclí agus coimeádán tráchtála a sheachadadh Soláthrófar na fothionscadail seo a leanas freisin: 1. Faoin réimse idirghabhála 'Croíchórais dhigiteacha a athsholáthar, bonneagar atá imithe i léig a athnuachan agus feidhmiúlacht soláthair seirbhíse a leathnú': — Córas Faisnéise Comhtháite nua do Shaotharlann Stáit Cheimiceach na Gréige; —Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna le haghaidh IAPR; agus —Uasghrádú agus Cothabháil le haghaidh Córais Faisnéise IAPR;

										2. Faoi ‘Uathoibriú próiseas oifige agus oibre’: — Seirbhísí Bainistíochta Oifige & bogearraí le haghaidh IAPR; — Uirlisí Bainistíochta Seirbhísí TF; agus — Córas Faisnéise Comhtháite nua chun tacú le Stiúrthóireacht Bainistíochta Sócmhainní Poiblí an Údaráis Neamhspleách um Ioncam Poiblí 3. Faoin réimse idirghabhála ‘Seirbhísí do cháiníocóirí a uasghrádú’: — Lárionad Seirbhíse na nÍocóirí Cánach agus Seirbhísí Ionaid Glaonna a leathnú; agus — Slándáil Sonraí 4. Faoin réimse idirghabhála ‘Iniúchtaí agus rialuithe a dhigitiú’: — Córas Bainistíochta Riosca Fiontraíochta agus Plean Leanúnachais Gnó le haghaidh IAPR.

Grúpa 18: Polasaí Cánach

- Reachtaíocht, rialacha agus nósanna imeachta cánach a chódú agus a shimpliú (ID: 16643)
- Bearta agus dreasachtaí a ghlacadh chun ríomh-idirbhearta a mhéadú (ID: 16616)
- Sár-asbhaint de chostais FBManna ar an ngeilleagar glas, ar fhuinneamh agus ar dhigitiú (ID: 16863)
- Córas dreasachta maidir le táirgiúlacht agus eisfhearadh fiontar (méid na bhfiontar a mhéadú) (ID: 16598)
- Modhnuithe ar chreat beartais cánach na Gréige (aitheantas birt: 16985

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
197	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16863_Super — asbhaint speansas ar an ngeilleagar glas, ar fhuinneamh agus ar an aistriú digiteach	Garsprioc	Sár-asbhaint le haghaidh infheistíochtaí glasa agus digiteacha FBManna	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomhúla agus tánaistí maidir le Sár-asbhaint le haghaidh infheistíochtaí glasa agus digiteacha FBManna				R4	2021	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha agus na reachtaíochta tánaistí chun sár-asbhaint a thabhairt isteach chun críoch cánach maidir le speansais cháilitheacha FBManna le haghaidh infheistíochtaí sa gheilleagar glas agus sa digitiú
198	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16616_Bearta agus dreasachtaí a ghlacadh chun ríomh-idirbhearta a mhéadú	Garsprioc	Reachtaíocht chun ríomh-idirbhearta a spreagadh	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha agus tánaistí, lena gcuirtear dreasachtaí ar fáil chun ríomh-idirbhearta a fheabhsú				R4	2021	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an gcreat dlíthiúil príomhúil agus tánaisteach lena soláthraítear dreasachtaí sonracha chun ríomh-idirbhearta a fheabhsú
199	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16643_An reachtaíocht chánach a	Garsprioc	An Sceideal maidir le Códú Cánach	Reachtaíocht thánaisteach a fhoilsiú agus coistí a chur ar bun agus amchlár um chódú cánach.				C3	2021	Sceideal Cuimsitheach le haghaidh Táirgí Insoláthartha maidir le Códú Cánach, lena n-áirítear na coistí ábhartha a chur ar bun, tráthchlár mionsonraithe ón Aireacht Airgeadais agus IAPR chun reachtaíocht chánach agus socruithe comhairliúcháin a chódú.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	chódú agus a shimpliú									
200	18-4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí príobháideacha agus trádáil a chur chun cinn — 16598_Córas dreasachta maidir le táirgiúlacht agus eiseachas fiontar (méid na bhfiontar a mhéadú)	Garsprioc	Dréachtreachtaíocht chun eisreachtú gnó a spreagadh	Dréachtaí de reachtaíocht phríomha agus thánaisteach chun eisreachtú gnó a spreagadh.				C3	2021	Dréachtaí chun críoch comhairliúcháin maidir le reachtaíocht phríomha agus thánaisteach lena soláthraítear feabhsuithe ar chreat dlíthiúil cánach, airgeadais agus ceadúnúcháin agus dreasachtaí le haghaidh cumasc, comhshónna agus éadálacha
201	18-4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí príobháideacha agus trádáil a chur chun cinn — 16598_Córas dreasachta maidir le táirgiúlacht agus eiseachas fiontar (méid na bhfiontar a mhéadú)	Garsprioc	Reachtaíocht chun eisfhearadh gnó a spreagadh	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun eisreachtú gnó a spreagadh				C1	2022	Teacht i bhfeidhm na leasuithe coibhneasta lena soláthraítear feabhsuithe ar chreat dlíthiúil na cánach, an airgeadais agus an cheadúnaithe agus dreasachtaí le haghaidh cumasc, comhshónna agus éadálacha
202	4.1. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16643_An reachtaíocht chánach a chódú agus a shimpliú	Garsprioc	Acmhainneacht a mhéadú le haghaidh códú cánach	Reachtaíocht thánaisteach a fhoilsiú chun an t-aonad um Chódú Cánach a bhunú i Stiúrthóireacht na hAireachta Airgeadais agus Soláthair Seirbhíse in IAPR.				C2	2022	Aonad cánach tiomnaithe a bhunú ag an Aireacht Airgeadais atá freagrach as comhdhlúthú agus comhsheasmhacht na reachtaíochta príomha cánach agus cinntí aireachta.; Stiúrthóireacht um Sholáthar Seirbhíse a bhunú ag IAPR, a bheidh freagrach inter alia as reachtaíocht thánaisteach a chomhdhlúthú, inniúlachtaí IAPR maidir leis an gCód Nós Imeachta Cánach a chomhordú, agus an bunachar sonraí cánach poiblí a thabhairt cothrom le dáta agus a choinneáil ar bun
203	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16643_An reachtaíocht chánach a chódú agus a shimpliú	Garsprioc	Cóid maidir le cáin ioncaim agus nós imeachta cánach a athchódú	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta códaithe maidir le cáin phríomhúil agus thánaisteach le haghaidh an Chóid Cánach Ioncaim agus an Chóid Riaracháin Cánach				C2	2023	Teacht i bhfeidhm an Chóid Cánach Ioncaim chódaithe agus an Chóid Riaracháin Cánach (reachtaíocht phríomha agus thánaisteach) chun an reachtaíocht a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an digitithe agus dhea-chleachtais an Aontais

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
204	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16643_An reachtaíocht chánach a chódú agus a shimpliú	Garsprioc	Códú cánach tosaigh agus córas faisnéise cáiníocóirí a chur i gcrích	a*:* Teacht i bhfeidhm reachtaíochta códaithe maidir le cáin phríomhúil agus thánaisteach b: Cruthúnais maidir le glacadh le táirgí insoláthartha faoi chóras bainistíochta ábhair agus suíomh gréasáin tiomnaithe a chur ar bun le haghaidh faisnéis do cháiníocóirí.				C2	2024	a. Teacht i bhfeidhm Chódú na reachtaíochta príomhúla agus tánaistí chun an reachtaíocht a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an digitithe agus dhea-chleachtais an Aontais, lena n-áirítear: - Cód CBL - Dleacht stampa - Cánacha maoine - Bailiú Fiachais Stáit (KEDE) - Cód Custaim Náisiúnta b. Córas bainistíochta ábhair a bhunú agus suíomh gréasáin tiomnaithe le haghaidh faisnéis do cháiníocóirí.
204a	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16643 _ Reachtaíocht chánach a chódú agus a shimpliú	Garsprioc	Reachtaíocht phríomha agus thánaisteach a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na gcáiníocóirí	Reachtaíocht phríomha agus thánaisteach chánach agus chustaim a fhoilsiú.				R4	2025	Foilsiú na reachtaíochta príomhúla agus tánaistí maidir le cáin agus custaim a ndearnadh measúnú uirthi i gcloch mhíle 204 ar an suíomh gréasáin tiomnaithe le haghaidh faisnéis do cháiníocóirí.
337	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16985_Modhnuithe ar chreat beartais cánach na Gréige	Garsprioc	Imghabháil cánach a chomhrac agus íocaíochtaí leictreonacha a chur chun cinn.	Creat dlíthiúil athbhreithnithe a glacadh chun íocaíochtaí leictreonacha a chur chun cinn, ceanglais tuairiscithe nua myDATA a neartú agus a leagan síos, agus úsáid myDATA chun críocha CBL a chumasú. Cóip den tuarascáil maidir le roghanna chun cánachas féinfhostaithe a athchóiriú.				R4	2023	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha agus tánaistí maidir le (i) glacadh éigeantach íocaíochtaí díreacha leictreonacha sa mhargadh miondíola a leathnú go forleathan; (II) na ceanglais maidir le comhroinnt faisnéise le haghaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a ailíniú le sainmhínithe Bhanc na Gréige; (III) oibleagáidí tuairiscithe nua myDATA a bhunú do ghnólachtaí (lena n-áirítear daoine féinfhostaithe) atá le cur i bhfeidhm maidir le tuairisceáin CBL; agus (IV) Cur i gcrích na tuarascála maidir le roghanna chun cánachas féinfhostaithe a athchóiriú.
338	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí	Garsprioc	Cánachas ar dhaoine	Creat dlíthiúil athbhreithnithe glactha				C2	2024	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta príomhúla agus tánaistí chun cánachas ar dhaoine féinfhostaithe a athchóiriú agus chun

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16985_Modhnuithe ar chreat beartais cánach na Gréige		féinfhostaithe agus dleacht stampa a athchóiriú.	maidir le cánachas féinfhostaithe agus cáin dhigiteach a chur in ionad na dleachta stampa.						laghdú forchostais féinfhostaithe a chumasú (τέλος επιτηδεύματος). Áireofar leis sin ceanglais tuairiscithe éigeantacha nua a leagan síos maidir leis an gcaoi a ndearbhaítear speansais agus ioncaim trí myDATA. Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomhúla agus tánaistí chun cáin dhigiteach nua a chur in ionad na dleachta stampa atá ann cheana.
339	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16985_Modhnuithe ar chreat beartais cánach na Gréige	Garsprioc	Neamhspleáchas oibríochtúil an Údaráis Neamhspleách um Ioncam Poiblí (IAPR) a neartú	Creat dlíthiúil athbhreithnithe chun inniúlachtaí IAPR agus na hAireachta Rialachais Dhigitigh a shoiléiriú. Cinneadh IAPR lena sainítear eochairtháscairí feidhmíochta nua le haghaidh IAPR. Síniú an Chomhaontaithe ar Leibhéal Seirbhíse, lena n-áirítear an oibleagáid maidir le tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme, ag tosú an bhliain dár gcionn.				C2	2024	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta cumasúcháin agus síniú comhaontaithe chuimsithigh ar leibhéal na seirbhíse lena ndeimhnítear na freagrachtaí agus an leithdháileadh acmhainní idir IAPR agus an Aireacht Rialachais Dhigitigh maidir le ceadúnais bogearraí ríomhaireachta agus stórála, seirbhísí gréasáin, agus bainistiú bunachar sonraí. Áireofar sa chomhaontú ar leibhéal seirbhíse foráil go gcuirfidh an dá Údarás tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme ar fáil go comhoibritheach, ag tosú an bhliain dár gcionn. Cinneadh IAPR lena sainítear eochairtháscairí feidhmíochta nua, lena n-áirítear maidir le héifeachtacht iniúchóireachta, le haghaidh IAPR; agus (ii) suirbhé bliantúil/suirbhéanna bliantúla ar shástacht custaiméirí a thabhairt isteach.
340	12-4. Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach — 16985_Modhnuithe ar chreat beartais cánach na Gréige	Garsprioc	Imghabháil cánach a chomhrac trí myDATA a úsáid chun críoch cánach ioncaim.	Creat dlíthiúil athbhreithnithe glactha chun ceanglais tuairiscithe nua myDATA a leagan síos, agus chun úsáid myDATA chun críoch cánach ioncaim a cheadú.				C2	2024	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha agus tánaistí úsáid thuairisciú myDATA ar ghnólachtaí (lena n-áirítear daoine féinfhostaithe) a chumasú le haghaidh tuairisceáin chánach ioncaim. .

M. COMHCHUID 4.2: AN RIARACHÁN POIBLÍ A NUACHÓIRIÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR TRÍ DHLÚS A CHUR LE CUR CHUN FEIDHME INFHEISTÍOCHTAÍ POIBLÍ, TRÍ FHEABHAS A CHUR AR AN GCREAT SOLÁTHAIR PHOIBLÍ, TRÍ BHEARTA FOTHAITHE ACMHAINNEACHTA AGUS TRÍD AN ÉILLIÚ A CHOMHRAC

Áirítear sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige sraith athchóirithe fadréimseacha chomh maith le hinfheistíochtaí i bhfeidhmiú an riaracháin phoiblí d'fhonn feabhas a chur ar cheapadh agus ar chur chun feidhme beartas. Áirítear sa chomhpháirt bearta chun an riarachán poiblí a nuachóiriú trí ghníomhaíochtaí sonracha chun pleanáil agus comhordú beartais agus bainistiú acmhainní daonna a neartú, agus chun an cadastar náisiúnta a chur i gcrích freisin, rud a mheastar a dhéanfaidh foráil maidir le córas éifeachtúil clárlainne talún agus a sholáthróidh deimhneacht dhlíthiúil do chearta maoine. Is é is aidhm do bhearta eile aghaidh a thabhairt ar an easpa ullmhúcháin do thionscadail le haghaidh infheistíochtaí poiblí (lena n-áirítear éilliú) agus feabhas breise a chur ar réimse na bainistíochta airgeadais phoiblí. Tacaíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le a) Riarachán Poiblí Digiteach. Tacaíonn an chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach (Moladh Tírshonrach 3 2020), athchóirithe struchtúracha chun feabhas a chur ar fheidhmiú an gheilleagair (Moladh Tírshonrach 4 2020), agus chun an t-athchóiriú atá fós gan réiteach maidir le cadastar a thabhairt chun críche, ar athchóiriú é a saothraíodh faoi fhaireachas feabhsaithe (Moladh Tírshonrach 3 de 2022 agus Moladh Tírshonrach 3 de 2023). Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01) á cur san áireamh.

M.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: Riarachán Poiblí a Athchóiriú (cód aitheantais 16972)

Is é is aidhm don athchóiriú sin leanúint de na hiarrachtaí chun an riarachán poiblí a nuachóiriú agus infheistíocht a dhéanamh ina acmhainní daonna. Is éard atá san athchóiriú gníomhaíochtaí lena mbunófar córais faisnéise chun tacú leis an gcreat pleanála straitéisí don lucht saothair agus le nósanna imeachta roghnúcháin na hArdchomhairle um Roghnú Foirne Sibhialta (ASEP) agus chun clár oiliúna mórscála do státseirbhísigh a chur i gcrích.

Athchóiriú: Trádáil neamhdhleathach a chomhrac agus maoin intleachtúil a chosaint (cód aitheantais 16703)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar an bhfreagairt i gcoinne na trádála neamhdhleathaí. Is éard atá san athchóiriú córas faisnéise, stáisiúin rialaithe agus oiliúint.

Athchóiriú: An creat náisiúnta frithéillithe a neartú (beart ID 16952)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo rannchuidiú leis an éilliú a bhrath agus a chosc. Is éard atá san athchóiriú tionscadail chun tacú le hacmhainneachtaí digiteacha agus bonneagair an Údaráis Náisiúnta Trédhearcachta.

Athchóiriú: Feabhas a chur ar an líonra státchabhrach (cód aitheantais birt 16701)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo acmhainneacht líonra na n-aonad státchabhrach ar fud na nAireachtaí a neartú agus digitiú an Láraonaid um Státchabhair a mhéadú trína chumais theicneolaíocha agus a fheidhmiúlacht oibríochtúil a uasghrádú. Is éard atá san athchóiriú athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil státchabhrach chun an Líonra Lárnach um Státchabhair (CESANET) a oibriú, chun inniúlachtaí an Láraonaid um Státchabhair agus na nAonad um Státchabhair Dhíláraithe a neartú.

Athchóiriú: Creat AML/CFT a fheabhsú (aitheantas birt 16702)

Baineann an t-athchóiriú le hardán digiteach a chur ar bun chun sonraí staidrimh atá i seilbh údaráis bhreithiúnacha, mhaoirseachta agus forfheidhmithe dlí a bhailiú, agus le feabhas a chur ar Chlár Lárnach na nÚinéirí Tairbhiúla chun rochtain dhíreach na n-údarás inniúil ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a éascú. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

Athchóiriú: Athchóiriú Cuntasaíochta (beart ID 16974)

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar chumas na Gréige tuairisciú airgeadais a tháirgeadh i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta agus beartais chuntasaíochta ar bhonn fabhraithe. Is éard atá sa bheart seo an t-aistriú de réir a chéile ó airgead tirim modhnaithe go cuntasaíocht fabhraithe agus tuairisciú airgeadais comhdhlúite laistigh den rialtas ginearálta.

Athchóiriú: Creat institiúideach nua-aimseartha le haghaidh Fiontair faoi Úinéireacht Stáit (beart ID 16657)

Leis an athchóiriú sin, cuirtear creat dlíthiúil nua-aimseartha i bhfeidhm chun fiontair phoiblí agus eagraíochtaí poiblí a oibriú agus a bhainistiú. Saineofar ann treoirlínte rialachais chorparáidigh agus rialacha sonracha maidir le bainistiú fiontar atá faoi úinéireacht stáit, amhail an bord a bheith ag ceapadh cathaoirligh, POFanna agus stiúrthóirí feidhmiúcháin, agus forálacha maidir le coistí iniúchóireachta inmheánaí a bhunú chun trédhearcacht a áirithiú. Leis an athchóiriú, bunófar clárlann dhigiteach freisin chun taifead a dhéanamh ar gach fiontar, eagraíocht agus aon eintiteas dlíthiúil eile ina bhfuil an stát rannpháirteach, lena gcuirfear chun cinn faireachán agus rialú éifeachtach ar rannpháirtíocht an stáit. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú: Comhrac Éifeachtúil an Éillithe (cód aitheantais 16978)

Tabharfar faoi shraith leasuithe i gcreat dlíthiúil na Gréige, chun feabhas a chur ar an bhfreagairt dhlíthiúil ar an éilliú. Go sonrach, cumhdóidh sé ceithre réimse: (i) dearbhuithe sócmhainní; (II) cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais; (III) An Cód Coiriúil agus an Cód um Nós Imeachta Coiriúil; agus (iv) códú na reachtaíochta a bhaineann le páirtithe polaitiúla. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

Infheistíocht: Claochlú na Bainistíochta Fioscaí agus na Maoirseachta ar Rialachas (beart ID 16705)

Is é is cuspóir don infheistíocht seo feabhas a chur ar éifeachtúlacht na bainistíochta airgeadais phoiblí. Is éard atá sa bheart seo Córas Pleanála Acmhainní Fiontraíochta Rialtais (ERP) a sholáthar don Riarachán Lárnach.

Infheistíocht: Ciste na dTaiscí agus na nIasachtaí Coinsíneachta Heilléanaí a nuachóiriú (beart ID 16940)

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo éifeachtúlacht Chiste na dTaiscí agus na nIasachtaí Coinsíneachta Heilléanacha a mhéadú. Is éard atá san infheistíocht córas digitithe agus bainistithe doiciméad cartlainne, agus córas faisnéise comhtháite don Chiste Heilléanach um Thaiscí agus Iasachtaí Coinsíneachta.

Athchóiriú: Gairmiúlú réimse an tSoláthair Phoiblí (cód aitheantais 16711)

Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí sa Ghréig agus aghaidh a thabhairt ar na laigí atá ann faoi láthair. Is éard atá san athchóiriú deimhniú státseirbhíseach ar rannpháirtíocht i gcláir thiomnaithe uas-scilithe/athscilithe faoin gcreat maidir le Gairmiú an tSoláthair Phoiblí.

Athchóiriú: Feabhas a chur ar phleanáil agus comhordú beartais (beart ID 16981)

Leis an athchóiriú, neartófar comhordú beartais, pleanáil agus forbairt beartais an riaracháin lárnaigh. Is iad na gníomhaíochtaí sonracha a chuirfear chun feidhme (i) sásra faireacháin a bhunú chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtaobh ar glacadh reachtaíocht thánaisteach mar a leagtar amach sa reachtaíocht phríomhúil; (II) ardán leictreonach a bhunú chun cur i gcrích an mheasúnaithe tionchair a éascú, rud a chomhlánóidh gach dréachtdlí; agus (iii) clár oiliúna agus nós imeachta creidiúnaithe gaolmhar a sheoladh lena ndírítear ar státseirbhísigh arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar cháilíocht na measúnuithe tionchair a ullmhaítear. Beidh 100 státseirbhíseach ar a laghad cláraithe leis an gclár oiliúna dá sheoladh a bheidh ar siúl i R4 2022. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú: An cadastar náisiúnta a chur i gcrích (aitheantas birt: 16986)

Is é is cuspóir don athchóiriú a) cmapáil shrathach a chur i gcrích ar fud na Gréige agus b) an t-aistriú iomlán ón seanchóras chun maoin a chlárú trí sheanstruchtúr na n-oifigí morgáiste, chuig an ngníomhaireacht nua ‘An Cadastar Heilléanach’. Is éard atá ann mapáil a dhéanamh ar na cearta maoine uile sa Ghréig, agus tús a chur le hoibriú na 17 n-oifig chadastracha réigiúnacha agus na 75 bhrainse réigiúnacha uile sa Ghréig, i gcomhréir le Dlí 4512/2018, agus dúnadh na 388 seanoifig morgáiste uile.

M.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Príomh-athchóiriú 9: Riarachán Poiblí a Athchóiriú

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
205	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus an t-éilliú a chomhrac — 16972_Riarachán Poiblí a Athchóiriú	Garsprioc	Riarachán poiblí — seoladh an chórais feidhmíochta/íocaíochta	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha lena mbunaítear córas píolótach luaíochta.				C2	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomhúla chun córas pá feidhmíochta a sheoladh le haghaidh líon socraithe eintiteas píolótach agus suas le 6000 státseirbhíseach a chuirfidh leis an athchóiriú níos leithne lena dtabharfar isteach córas bainistíochta chun spriocanna a shocrú (féach Garsprioc R4 2023). Cumhdófar leis an treoirthionscadal státseirbhísigh a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Beidh príomhghnéithe an chórais comhsheasmhach leis an ngreille pá aontaithe (Dlí 4354/2015).
206	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus an t-éilliú a chomhrac — 16972_Riarachán Poiblí a Athchóiriú	Garsprioc	Riarachán poiblí — creat reachtach chun sainorduithe a shoiléiriú	Teacht i bhfeidhm forálacha dlíthiúla lena modhnaítear creat reachtach eintitis an rialtais ghinearálta ar an leibhéal lárnach, réigiúnach agus áitiúil.				C3	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta príomhúla agus tánaistí athbhreithnithe chun córas leithdháilte rialachais il-leibhéil a bhunú arb é is aidhm dó freagrachtaí a shoiléiriú idir gach leibhéal riaracháin phoiblí agus aghaidh a thabhairt ar fhorluí. Leagfar amach sa chreat dlíthiúil athbhreithnithe na réimsí freagrachta do gach eintiteas a bhaineann le pleanáil agus cur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le feidhmeanna amhail dearbhú acmhainní agus freagrachtaí faireacháin agus meastóireachta.
207	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus an t-éilliú a chomhrac — 16972_Riarachán Poiblí	Garsprioc	Riarachán poiblí — córas nua luaíochta	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha lena mbunaítear an córas luaíochta.				R4	2023	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta príomha lena dtugtar isteach córas bainistíochta chun spriocanna a shocrú arb é is aidhm dó luach saothair a thabhairt d'eagraíochtaí poiblí go cothrom agus go comhsheasmhach tar éis cuspóirí réamhshocraithe a bhaint amach. Beidh príomhghnéithe an chórais comhsheasmhach leis an ngreille pá aontaithe (Dlí 4354/2015).

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	a Athchóiriú									
208	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus an t-éilliú a chomhrac — 16972_Riarachán Poiblí a Athchóiriú	Garsprioc	Oiliúint do státseirbhísigh, teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla, teacht i bhfeidhm córas faisnéise	Oiliúint do státseirbhísigh, teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla teacht i bhfeidhm córas faisnéise				R4	2025	(i) Seachadadh 225,000 oiliúint dheimhnithe do státseirbhísigh. (II) Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla chun dlús a chur le nósanna imeachta earcaíochta san earnáil phoiblí. (III) Teacht i bhfeidhm córais faisnéise don Ardchomhairle um Roghnú Pearsanra Shibhialta (ASEP); (IV) Teacht i bhfeidhm an chórais faisnéise lena dtacaítear leis an gcreat pleanála straitéisí don lucht saothair agus úsáid á baint as an intleacht shaorga.

Grúpa 19: Sciúradh airgid agus éilliú a chomhrac

- Feabhas a chur ar Chreat AML/CFT (ID: 16702)
- Trádáil neamhdhleathach a chomhrac agus maoin intleachtúil a chosaint (ID: 16703)
- An creat náisiúnta frithéillithe a neartú (ID: 16952)
- Comhrac Éifeachtúil an Éillithe (ID: 16978)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
209	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16978_Comhrac Éifeachtúil in aghaidh an Éillithe	Garsprioc	Dearbhuithe sócmhainní agus páirtithe polaitiúla	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta nua				C3	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta nua maidir leis an méid seo a leanas: (i) Dearbhuithe Sócmhainní; (II) agus códú na reachtaíochta maidir le páirtithe polaitiúla.
210	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16952_An Creat Náisiúnta Frithéillithe a neartú trí	Garsprioc	Plean gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an éillithe	Glacadh an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Éilliú ag an Údarás Náisiúnta Trédhearcachta don tréimhse 2022-2025				C3	2022	Glacfaidh an tÚdarás Náisiúnta Trédhearcachta an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Éilliú don tréimhse 2022-2025, lena n-áirítear an méid seo a leanas a shonrú: (i) gníomhaíochtaí chun trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú ar fud an riaracháin phoiblí; (II) idirghabhálacha spriocdhírithe chun éilliú a bhrath agus a chosc i réimsí ardriosca (lena n-áirítear, mar shampla, sláinte, airgeadas poiblí, infheistíochtaí); (III) idirghabhálacha rialála riachtanacha i réimsí beartais roghnaithe.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
	idirghabhálacha spriocdhírithe i réimsí an bhraite, an choisc agus na múscailte feasachta									
211	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16952_An Creat Náisiúnta Frithéillithe a neartú trí idirghabhálacha spriocdhírithe i réimsí an bhraite, an choisc agus na múscailte feasachta	Garsprioc	Cur chun feidhme an dlí maidir le Rialuithe Inmheánacha	Tuarascáil ón Údarás Náisiúnta Trédhearcachta maidir leis na córais rialaithe inmheánaigh a bunaíodh — Gníomhartha rialála arna n-eisiúint — Cinneadh Comhpháirteach Aireachta eisithe				R4	2022	Cur chun feidhme an dlí nua maidir le Rialuithe Inmheánacha sa riarachán poiblí, lena n-áirítear: (i) aonaid iniúchóireachta inmheánaí a bhunú in Aireachtaí líne; (II) eisiúint na ngníomhartha rialála chun aonaid iniúchóireachta inmheánaí agus coistí iniúchóireachta a bhunú in eintitis rialtais áitiúil (1 chéimst agus 2^{chéim}), ollscoileanna, ospidéil — aonaid sláinte, údaráis neamhspleácha, agus eintitis dhlíthiúla d'eintitis rialtais áitiúil; (III) Cinneadh Comhpháirteach Aireachta a eisiúint chun na critéir a leagan síos maidir le comhar na n-aonad iniúchóireachta inmheánaí le saineolaithe seachtracha. Soláthróidh an tÚdarás Náisiúnta Trédhearcachta, i gcomhar leis an Aireacht Gnóthaí Baile, formhaoirseacht agus treoir d'eintitis rialtais ghinearálta chun córas Rialaithe Inmheánaigh atá comhleanúnach agus feidhmiúil a chur i bhfeidhm. Éascóidh an tÚdarás Náisiúnta Trédhearcachta féinmheasúnú píolótach maidir le gnéithe bunúsacha an chórais rialaithe inmheánaigh. Chuir an Chúirt Iniúchóirí Heilléanach iniúchtaí san áireamh ina plean oibre bliantúil chun measúnú a dhéanamh ar shocruithe rialaithe inmheánaigh ar fud eintitis an rialtais ghinearálta.
211a	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16952_An Creat Náisiúnta Frithéillithe a neartú trí idirghabhálacha spriocdhírithe i réimsí an bhraite, an choisc	Garsprioc	Tionscadail infheistíochta a chur i gcrích chun tacú le hacmhainneachtaí digiteacha agus bonneagair an Údaráis Náisiúnta Trédhearcachta	Tionscadail infheistíochta a chur i gcrích chun tacú le hacmhainneachtaí digiteacha agus bonneagair an Údaráis Náisiúnta Trédhearcachta				R4	2025	Tionscadail infheistíochta a chur i gcrích chun tacú le hacmhainneachtaí digiteacha agus bonneagair an Údaráis Náisiúnta Trédhearcachta.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
	agus na múscailte feasachta									
212	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus an t-éilliú a chomhrac — 16702_Creat AML/CFT a fheabhsú	Garsprioc	Creat Feabhsaithe maidir le Frithsciúradh Airgid (AML) agus maidir le Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (CFT)	Ardán chun sonraí staidrimh a seoladh a bhailiú; feabhsuithe ar an gclárlann speisialta um úinéireacht thairbhiúil curtha i gcrích				C2	2024	(i) Seoladh an ardáin chun sonraí staidrimh atá i seilbh na n-údarás inniúil náisiúnta a bhailiú (i.e. breithiúnach, maoirseachta agus forfheidhmithe dlí); (II) Feabhas a chur ar Chlár Lárnach na nÚinéirí Tairbhiúla chun rochtain dhíreach na n-údarás inniúil ar an bhfaisnéis sin a éascú; (III) Clár Lárnach na nÚinéirí Tairbhiúla a idirnascadh le cláir faoi seach Bhallstáit an Aontais trí ardán ábhartha an Aontais.
213	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16703_Trádáil neamhdhleathach a chomhrac agus maoin intleachtúil a chosaint	Garsprioc	Córas faisnéise a chruthú, agus stáisiúin rialaithe agus oiliúint a sheachadadh chun trádáil neamhdhleathach a chomhrac	Córas faisnéise a chruthú, agus stáisiúin rialaithe agus oiliúint a sheachadadh chun trádáil neamhdhleathach a chomhrac				C2	2025	— Córas faisnéise a chruthú le haghaidh rialuithe chun trádáil neamhdhleathach a chomhrac agus gluaiseacht earraí agus seirbhísí a rialú. — Seachadadh stáisiún rialaithe (10 bhfoirgneamh réamhdhéanta ISOBOX). - Oiliúint a sholáthar don fhoireann iniúchóireachta agus do shaoránaigh.

Grúpa 20: An riarachán poiblí a fheabhsú

- govERP (ID: 16705)
- Athchóiriú cuntasaíochta (ID: 16974)
- Creat institiúideach nua-aimseartha le haghaidh Fiontair faoi Úinéireacht Stáit (ID: 16657)
- Feabhas a chur ar an líonra Státchabhrach (ID: 16701)
- Ciste na dTaiscí agus na nIasachtaí Coinsíneachta Heilléanaí a nuachóiriú (ID: 16940)
- Gairmiúlú réimse an tSoláthair Phoiblí (ID: 16711)
- An cadastar náisiúnta a chur i gcrích (ID: 16986)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
214	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16701_An líonra státchabhrach a fheabhsú	Garsprioc	Líonra feabhsaithe státchabhrach	Teacht i bhfeidhm an chreata fheabhsaithe státchabhrach				R4	2022	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an gcreat dlíthiúil státchabhrach chun an Líonra Lárnach um Státchabhair (CESANET) a oibriú, chun inniúlachtaí an Láraonaid um Státchabhair agus na nAonad Díláraithe um Státchabhair a neartú
215	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16981_Pleanáil agus comhordú beartais a fheabhsú	Garsprioc	Pleanáil agus comhordú beartais — measúnú tionchair	Seoladh clár oiliúna agus roghnaíodh 100 státseirbhíseach chun freastal air.				R4	2022	Tar éis sheoladh an ardáin leictreonaigh le haghaidh measúnú tionchair, seolfar clár oiliúna agus nós imeachta creidiúnaithe gaolmhar le 100 státseirbhíseach ar a laghad cláraithe, lena n-áirítear státseirbhísigh a roghnaíodh do na ‘brainsí feidhmiúcháin’ (Dlí 4622/2019, Airteagal 104) arb é is aidhm dó feabhas a chur ar cháilíocht na measúnuithe tionchair a ullmhaítear agus úsáid an ardáin leictreonaigh a éascú.
216a	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí	Garsprioc	Leasú ar an Straitéis Náisiúnta um Sholáthar	Tháinig leasú ar an Straitéis Náisiúnta				R4	2023	Teacht i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta leasaithe maidir le Soláthar

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
	dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16711_Professionisation of Public Procurement domain		Poiblí 2021-2025	maidir le soláthar poiblí i bhfeidhm trí ghníomh reachtach tánaisteach						Poiblí 2021-2025 trí reachtaíocht thánaisteach
216	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16711_Professionisation of Public Procurement domain	Garsprioc	Réimse an tSoláthair Phoiblí a Ghairmiú — reachtaíocht nua	Tháinig reachtaíocht nua i bhfeidhm; grinnstaidéar curtha i gcrích				C2	2024	(i) Teacht i bhfeidhm reachtaíochta nua lena ndéantar foráil maidir le sruthanna oibre gairmiúla do bhaill foirne a bhíonn ag déileáil le soláthar poiblí, grúpaí scileanna sonracha agus glacadh dreasachtaí airgeadais agus neamhairgeadais i gcomhréir iomlán leis an ngreille pá aontaithe (Dlí 4354/2015) gan aon díolúine a shocrú. D'fhéadfadh moill a bheith ar theacht i bhfeidhm dreasachtaí airgeadais agus neamhairgeadais a ghlacadh; (II) An staidéar domhain a chur i gcrích chun struchtúr agus freagrachtaí Ard-Stiúrthóireacht um Sholáthar Poiblí na hAireachta Forbartha atá inniúil ar nósanna imeachta soláthair láraithe a chur i gcrích ar an leibhéal náisiúnta a atheagrú.
217	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus an t-éilliú a chomhrac — 16940_Nuachóiriú a dhéanamh ar an gCiste Heilléanach um Thaiscí agus Iasachtaí Coinsíneachta	Garsprioc	Córas digitithe cartlainne agus bainistithe doiciméad a chruthú, agus córas faisnéise comhtháite don Chiste Heilléanach um Thaiscí agus Iasachtaí Coinsíneachta	Córas digitithe cartlainne agus bainistithe doiciméad a chruthú, agus córas faisnéise comhtháite don Chiste Heilléanach um Thaiscí agus Iasachtaí Coinsíneachta				C2	2025	Na córais seo a leanas a chruthú don Chiste Heilléanach um Thaiscí agus Iasachtaí Coinsíneachta: (i) digitiú cartlainne agus córas bainistithe doiciméad; (II) córas faisnéise comhtháite.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
219	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus an t-éilliú a chomhrac — 16974_Athchóiriú Cuntasaíochta	Garsprioc	Athchóiriú Cuntasaíochta: Ráitis airgeadais chomhdhlúite don Rialtas Ginearálta	Beartais chuntasaíochta fabhraithe a fhoilsiú agus ráitis airgeadais chomhdhlúite a thiomsú don Rialtas Ginearálta.				R4	2025	(i) Reachtaíocht maidir le beartais chuntasaíochta fabhraithe le haghaidh an rialtais ghinearálta a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta le haghaidh na hearnála poiblí (ii) Foilsiú, ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta Geilleagair agus Airgeadais, liosta na n-eintiteas uile a chumhdaítear le nós imeachta um chomhdhlúthú ráiteas airgeadais 2025 (tréimhse tuairiscithe 2023). (iii)Na ráitis airgeadais chomhdhlúite arna dtáirgeadh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, lena n-áirítear an mhodheolaíocht agus na paraiméadair a úsáideadh.
220	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16705_Claochlú Digiteach na Bainistíochta Fioscaí agus na Maoirseachta Fioscaí sa Rialachas agus sa Sonrascú Leictreonach	Garsprioc	Pleanáil Acmhainní Fiontraíochta an Rialtais (govERP)	Soláthar Phleanáil Acmhainní Fiontraíochta an Rialtais (govERP) chun tacú le hullmhú an bhuiséid.				R4	2025	i) Claochlú digiteach an chreata bainistíochta agus maoirseachta airgeadais a dhéanamh trí Phleanáil Acmhainní Fiontraíochta an Rialtais (govERP) a fhorbairt agus é a úsáid chun tacú le hullmhú an bhuiséid. Níl cur i bhfeidhm govERP maidir le forghníomhú an bhuiséid mar chuid de bheart STA.
221	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac —	Cuspóir sonrach	Cláir uas-scilithe/athscilithe don Soláthar Poiblí a chur i gcrích		Líon na ndeimhnithe a bronnadh	0	4 500	R4	2025	4500 deimhniú a bhronntar ar státseirbhísigh tar éis dóibh a bheith rannpháirteach i gcláir thiomnaithe uas-scilithe/athscilithe faoin gcreat maidir le Gairmiú an tSoláthair Phoiblí.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
	16711_Professionisation of Public Procurement domain									
341	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16986_An cadastar náisiúnta a thabhairt chun críche	Cuspóir sonrach	Mapáil chadastrach — 85 % a chur i gcrích		% de na cearta maoine iomlána arna n-uaslódáil lena dtaispeáint go poiblí, de réir fhorálacha Dhlí 2308/1995 arna leasú le hAirteagal 3 de Dhlí 4821/2021	79 %	85 %	R4	2023	Bhain 85 % de chearta maoine na Gréige céim na taispeána poiblí amach.
342	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16986_An cadastar náisiúnta a thabhairt chun críche	Cuspóir sonrach	Mapáil chadastrach — 95 % a chur i gcrích		% de na cearta maoine iomlána arna n-uaslódáil lena dtaispeáint go poiblí, de réir fhorálacha Dhlí 2308/1995 arna leasú le hAirteagal 6 de Dhlí 4821/2021	85 %	95 %	C2	2024	Bhain 95 % de chearta maoine na Gréige céim na taispeána poiblí amach.
343	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus tríd an éilliú a chomhrac — 16986_An cadastar náisiúnta a thabhairt chun críche	Garsprioc	Aistriú chuig struchtúr eagraíochtúil nua an Chadastair Heilléanaigh — Cur i gcrích iomlán	Cinntí oifigiúla Bhord Stiúrthóirí an Chadastair Heilléanaigh maidir leis na hoifigí agus na brainsí cadastracha a oscailt agus a oibríochtú ar fud chríoch iomlán na Gréige, agus na seanoifigí morgáiste a dhúnadh.				C2	2024	Tar éis ghlacadh chinntí oifigiúla Bhord Stiúrthóirí an Chadastair Heilléanaigh, tá an t-aistriú chuig struchtúr eagraíochtúil nua an Chadastair Heilléanaigh curtha i gcrích. Go sonrach, i) tá na hoifigí cadastracha atá fágtha do réigiúin Thessaloniki, na Créite agus na nDóideacáinise oscailte agus oibríochtúil; II) tá na 18 mbrainse eile oscailte agus oibríochtúil; agus iii) tá na 223 seanoifig mhorgáiste atá fágtha dúnta.
344	13-4.2. An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le cur chun feidhme infheistíochtaí poiblí, trí fheabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, trí bhearta fothaithe acmhainneachta agus	Cuspóir sonrach	Mapáil chadastrach — críochnú		% de na cearta maoine iomlána arna n-uaslódáil lena dtaispeáint go poiblí, de réir fhorálacha Dhlí 2308/1995	95 %	100 %	C2	2025	Tá an mhapáil chadastrach ar chearta maoine sa Ghréig curtha i gcrích, agus tá gach ceart maoine ar fud chríoch na Gréige tar éis céim na taispeána poiblí a bhaint amach.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
	tríd an éilliú a chomhrac — 16986_An cadastar náisiúnta a thabhairt chun críche									

N. COMHCHUID 4.3: ÉIFEACHTÚLACHT AN CHÓRAIS CEARTAIS A FHEABHSÚ

Sa chuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige, tá roinnt athchóirithe fadréimseacha chomh maith le hinfheistíochtaí arb é is aidhm dóibh éifeachtacht agus éifeachtúlacht chóras ceartais na Gréige a fheabhsú trí athbhreithniú uaillmhianach a thabhairt isteach ar léarscáil bhreithiúnach na tíre, trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhonneagair, trí bhearta a ghlacadh chun acmhainneachtaí digiteacha an chórais ceartais a mhéadú, trí fheidhm na gcúirteanna a nuachóiriú, trí phóilíní breithiúnacha a chur ar bun, agus trí oideachas (idir oideachas tosaigh agus oideachas ar feadh an tsaoil) na ngiúistísí agus na foirne cléireachais a leathnú agus a uasghrádú. Meastar go dtacóidh na bearta le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sna moltaí tírshonracha maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach (Moladh Tírshonrach 2 2019, Moladh Tírshonrach 3 2020) agus athchóirithe struchtúracha chun feidhmiú an gheilleagair a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 4 2020). Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01) á cur san áireamh.

N.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht: Foirgnimh agus athchóirithe breithiúnacha nua (beart ID 16292)

Is é cuspóir an bhirt an córas breithiúnach a dhéanamh níos éifeachtúla trí shaoráidí tógála breithiúnacha a fheabhsú. Is éard atá sa bheart infheistíocht chun foirgnimh bhreithiúnacha a thógáil agus a athchóiriú nach ndéanann an t-athbhreithniú ar an léarscáil bhreithiúnach difear dóibh agus chun na maoine uile atá faoi úinéireacht na mbreithiúna nó a dheonaítear dóibh a chlárú ar ardán leictreonach atá ann cheana.

Athchóiriú: Claochlú Digiteach an Cheartais (R-Cheartas) (beart ID 16727)

Is é is cuspóir don athchóiriú uirlisí agus bonneagar TF a chur ar fáil do bhreithiúna agus d'fhoireann bhreithiúnach chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an ualach cásanna agus dlús a chur le riar an cheartais. Is éard atá sa bheart digitiú doiciméad, feabhas a chur ar chóras coimeádta taifead na gcúirteanna sibhialta agus coiriúla agus digitiú na gcúirteanna sibhialta agus pionósacha, cúirt na n-iniúchtaí agus an taifead coiriúil náisiúnta

Athchóiriú: Scileanna agus scileanna digiteacha do bhreithiúna agus d'fhostaithe breithiúnacha (foireann bhreithiúnach) (beart ID 16733)

Rachaidh Scoil Náisiúnta na mBreithiúna faoi roinnt athruithe institiúideacha maidir lena feidhm agus lena clár oideachais; déanfar athbhreithniú freisin ar a chritéir roghnúcháin iarrthóirí, chun timpeallacht staidéir níos roghnaithí agus níos iomaíche a chur ar fáil, agus catagóirí breise mac léinn á n-admháil ag an am céanna (breithiúna cúirte giúistísí agus breithiúna chúirt na n-iniúchtaí); cuirfidh sé cúrsaí breise ar fáil freisin arb é is aidhm dóibh scileanna nua a sholáthar, agus béim á leagan ar scileanna bainistíochta agus digiteacha, agus ar ábhair atá ábhartha d'fheidhmiú dualgas breithiúnach, de réir dhlí 4871/2021; áireofar san athchóiriú oiliúint éigeantach ar feadh an tsaoil a chur ar fáil do bhreithiúna in ábhair atá fíor-riachtanach chun a ndualgais a chomhlíonadh ag oiliúnóirí arna roghnú freisin ag Scoil Náisiúnta na mBreithiúna de réir dhlí 4871/2021. Ar deireadh, cruthófar clár oideachais nua do Chléirigh Bhreithiúnacha laistigh de Scoil Náisiúnta na mBreithiúna, chun oiliúint agus

oiliúint ar feadh an tsaoil a chur ar fáil don fhoireann chléireachais maidir le hábhair atá fíor-riachtanach chun a ndualgais a chomhlíonadh, a seirbhís a bhainistiú agus a eagrú, scileanna digiteacha, an dlí nós imeachta agus substainteach.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú: Dlús a chur le riar an cheartais (cód aitheantais 16575)

Is é cuspóir an bhirt dlús a chur le riar an cheartais. Is éard atá i gceist leis an mbeart athbhreithniú a dhéanamh ar an léarscáil bhreithiúnach shibhialta/pheannaideach agus riaracháin trí chúirteanna a bhunú, a dhíothú nó a athdháileadh i ngach ceantar breithiúnach, oiliúint a chur ar fáil maidir le réiteach malartach díospóidí do chomhairleoirí dlí nó d'idirghabhálaithe agus córas digiteach aontaithe a chur ar fáil d'ionaid idirghabhála.

N.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Grúpa 21: Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais ceartais

Is iad seo a leanas na bearta a áirítear sa ghrúpa sin:

- Foirgnimh Bhreithiúnacha Nua agus Athchóiriú (ID: 16292)
- Claochlú Digiteach an Cheartais (R-Cheartas) (ID: 16727)
- Scileanna agus scileanna digiteacha do bhreithiúna agus d'fhostaithe breithiúnacha (foireann bhreithiúnach) (ID: 16733)
- Dlús a chur le riar an cheartais (ID: 16575)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
222	14-4.3. Éifeachtúlacht an chórais ceartais a fheabhsú — 16292_Foirgnimh Bhreithiúnacha Nua	Garsprioc	Sainaithint — Foirgnimh Incháilithe	An liosta a chomhlánú				C3	2021	Liosta foirgneamh a thiomsú nach ndéanann an t-athbhreithniú ar an léarscáil bhreithiúnach difear dóibh.
223	14-4.3. Éifeachtúlacht an chórais ceartais a fheabhsú — 16575 Dlús a chur le riar an cheartais	Garsprioc	Tacaíocht theicniúil — Uirlis Feidhmíochta Bhreithiúnaí	Dámhachtain tairisceana le haghaidh tacaíocht theicniúil				C3	2022	Dámhachtain tairisceana le haghaidh tacaíocht theicniúil chun an Uirlis Feidhmíochta Bhreithiúnaí a fhorbairt bunaithe ar spriocanna straitéiseacha, lena dtugtar isteach KPInna oibiachtúla (am chun dualgas a chur i gcrích, feidhmíocht aonair i dtéarmaí ama, cumarsáide, spreagtha etc.) de réir roinne agus/nó catagóire cléirigh agus lena soláthraítear sonraí cruinne oibiachtúla maidir le leithdháileadh bónas; beidh bónais iníoctha sa chéad ráithe tar éis dheireadh na bliana ábhartha, ar bhonn fheidhmíocht na bliana sin. Beidh an uirlis sealadach agus i gcomhsheasmhacht iomlán leis an ngreille pá aontaithe (Dlí 4354/2015) gan aon díolúine a shocrú maidir le riaráistí cúirte a dhíothú.
224	14-4.3. Éifeachtúlacht an chórais ceartais a fheabhsú — 16733_Scileanna agus scileanna digiteacha do	Cuspóir sonrach	Oiliúint — Breithiúna agus Cléirigh		Líon na mbreithiúna atá cláraithe i scoil	0	10	C1	2022	10 mbreitheamh cúirte giúistísí cláraithe i scoil náisiúnta na mbreithiúna

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	bhreithiúna agus d'fhostaithe breithiúnacha (foireann bhreithiúnach)				náisiúnta na mbreithiúna					
225	14-4.3. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais cheartais — 16575 Dlús a chur le riar an cheartais	Garsprioc	Póilíní Breithiúnacha — Reachtaíocht thánaisteach	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				C3	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta tánaistí uile (i bhfoirm foraitheanta ón Uachtarán nó cinntí aireachta, de réir mar is iomchuí) is gá chun an dlí maidir leis na Póilíní Breithiúnacha a chur chun feidhme go hiomlán chun cabhrú le hobair na nÚdarás Breithiúnach agus Ionchúiseach leis an méid seo a leanas: • cúnamh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí in ábhair a éilíonn saineolas teicniúil nó gairmiúil; • réamhscrúduithe agus réamh-imscrúduithe a dhéanamh; • barántais a fhorghníomhú; • cúnamh a sholáthar maidir le hiarrataí ar chúnamh breithiúnach a chur isteach nó a fhreagairt; • doiciméid agus gníomhartha nós imeachta a sheirbheáil; • Breithiúnais a fhorfheidhmiú; • orduithe a ghardáil agus a chothabháil i dtithe cúirte; • gníomhartha nós imeachta eile a chuir na cúirteanna inniúla agus na hionchúisitheoirí poiblí de chúram air
226	14-4.3. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais cheartais — 16575 Dlús a chur le riar an cheartais	Garsprioc	Léarscáil bhreithiúnach — reachtaíocht phríomha — reachtaíocht riaracháin	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R4	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha chun athbhreithniú a dhéanamh ar an léarscáil bhreithiúnach le haghaidh ceartas riaracháin.
227	14-4.3. Éifeachtúlacht an chórais ceartais a	Garsprioc	Foirgnimh Bhreithiúnacha	Liosta na dtionscadal				R4	2022	Liosta na dtionscadal a choigeartú i gcomhréir leis an athbhreithniú ar an léarscáil bhreithiúnach mar a glacadh sa dlí í.

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	fheabhsú — 16292_Foirgnimh Bhreithiúnacha Nua		a Thógáil agus a Athchóiriú — Coigeartú Liosta — Tairiscintí a sheoladh	athchóirithe i gcomhréir leis an dlí ábhartha maidir leis an athbhreithniú ar an léarscáil bhreithiúnach, de réir gharsprioc 14 4.3/R4 2022; seoladh tairiscintí						Seoladh na dtairiscintí maidir le cúirteanna riaracháin. Leagfar amach i dtéarmaí tairisceana go mbainfear amach le foirgnimh nuathógtha Príomhéileamh Fuinnimh (PED) atá 20 % níos ísle ar a laghad ná ceanglas NZEB (foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh, treoracha náisiúnta).
228	14-4.3. Éifeachtúlacht an chórais ceartais a fheabhsú — 16733_Scileanna agus scileanna digiteacha do bhreithiúna agus d'fhostaithe breithiúnacha (foireann bhreithiúnach)	Cuspóir sonrach	Oiliúint — Breithiúna agus Cléirigh		Líon na mbreithiúna atá cláraithe i scoil náisiúnta na mbreithiúna	10	25	C1	2023	Tá 14 bhreitheamh breise ón gcúirt ghiúistís cláraithe i scoil náisiúnta na mbreithiúna, tá breitheamh amháin ón gcúirt iniúchóireachta cláraithe i scoil náisiúnta na mbreithiúna. Fágfaidh sé sin go mbeidh 25 bhreitheamh san iomlán rannpháirteach in oiliúint.
229	14-4.3. Éifeachtúlacht an chórais cheartais a fheabhsú — 16727 Claochlú Digiteach an Cheartais (R-Cheartas)	Garsprioc	Uasghrádú a dhéanamh ar Chórais Taifead & Córais Ceartais TF	Tuarascálacha iniúchóireachta tionscadail chun a dheimhniú go bhfuiltear ag cloí le hoibleagáidí conarthacha				C2	2023	Fianaise oifigiúil a fháil, trí bhíthin doiciméadacht iomchuí (deimhnithe maidir le cur i gcrích, prótacail maidir le glacadh cáilíochtúil agus cainníochtúil agus sonraisc eisithe) maidir le feidhmíocht chuí agus phoncúil na ngníomhaíochtaí conarthacha uile atá dlite faoin dáta a chuirtear faoi bhráid an iniúchóra sheachtraigh iad, i gcomhréir le féilirí tionscadail, lena gcumhdaítear gach gné den dá fhothionscadal, (córais taifeadta cúirte agus uasghráduithe ar chórais ceartais TF (OSDDY-PP, Cúirt na nIniúchóirí, Taifead Coiriúil Náisiúnta), ar bhealaí iomchuí, (amhail tuarascálacha iniúchóireachta tionscadail, deimhnithe maidir le seachadadh cáilíochtúil/cainníochtúil agus fianaise ar eisíocaíocht).
230	14-4.3. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais cheartais — 16575 Dlús a chur le riar an cheartais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm — Uirlis Feidhmíochta na gCléirigh Bhreithiúnacha	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta príomha agus tánaistí				C2	2023	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta príomha agus tánaistí chun córas bónais sealadach a chur ar bun a bheidh bunaithe ar Uirlis Feidhmíochta um Chléirigh Bhreithiúnacha a fhorbairt lena leagfar síos spriocanna straitéiseacha agus lena dtabharfar isteach KPInna oibiachtúla (amhail am chun dualgas a chur i gcrích, feidhmíocht aonair i dtéarmaí ama, cumarsáide agus

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										spreagtha) de réir roinne agus/nó de réir catagóir cléireach agus lena soláthrófar sonraí cruinne oibiachtúla maidir le leithdháileadh bónas; bónais a bheidh iníoctha sa chéad ráithe tar éis dheireadh na bliana ábhartha, ar bhonn fheidhmíocht na bliana sin.
Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
313	17-4.6. Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú — 16653_Claochlú Digiteach na hEarnála Agraibhia	Garsprioc	Claochlú Digiteach thionscadail na hEarnála Agraibhia a chur i gcrích	Seachadadh 1) Claochlú Digiteach na hEarnála Talmhaíochta agus 2) Tionscadail Talmhaíochta Réamhbhreathnaitheacha				R4	2024	Seachadadh 1) Claochlú Digiteach na hEarnála Talmhaíochta agus 2) Tionscadail Talmhaíochta Réamhbhreathnaitheacha.
313a	17-4.6. Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú — 16653_Claochlú Digiteach na hEarnála Agraibhia	Garsprioc	Claochlú Digiteach thionscadail na hEarnála Agraibhia a chur i gcrích	An síneadh le tionscadal Chlaochlú Digiteach na hEarnála Talmhaíochta a chur i gcrích				R4	2025	Síneadh le Claochlú Digiteach na hEarnála Talmhaíochta a chur i gcrích.
314	17-4.6. Príomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a n-athléimneacht a fheabhsú — 16626_Claochlú eacnamaíoch na nEarnálacha Talmhaíochta agus Dobharshaothraithe	Garsprioc	Claochlú eacnamaíoch na talmhaíochta agus an dobharshaothraithe a thabhairt chun críche	Tionscadail a cuireadh i gcrích				R4	2025	350 tionscadal a cuireadh i gcrích

R. COMHCHUID 4.7: FEABHAS A CHUR AR AN IOMAÍOCHAS AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA AGUS ONNMHAIRÍ A CHUR CHUN CINN

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus eiseachadadh eacnamaíoch a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna struchtúracha fadtéarmacha agus trí thimpeallacht ghnó a chruthú a chuideoidh le gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt. Is éard atá ann bearta chun fás mhéid na ngnólachtaí a spreagadh chun barainneachtaí scála a bhaint amach agus chun cabhrú leo dul isteach i margaí eachtracha, ualaí riaracháin iomarcacha ar ghnólachtaí a bhaint, comhlíonadh agus cothrom iomaíochta a chothú trí fhaireachas margaidh éifeachtach, agus creat rialála níos simplí agus níos intuartha a chruthú. Comhlánaítear na bearta sin leis an togra chun tacaíocht iasachta a úsáid faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun soláthar dreasachtaí airgeadais don earnáil phríobháideach a éascú, arb é is aidhm dó infheistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn. Meastar go gcuirfear an tacaíocht iasachta sin i dtreo an gheilleagair trí thrí bhealach éagsúla, is iad sin institiúidí airgeadais (trí cheannacháin bannaí corparáideacha nó iasachtaí sindeacáite), ardán cothromais, agus úsáid cuid d'urrann náisiúnta InvestEU na Gréige. Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach (Moladh Tírshonrach 3 2020, agus Moladh Tírshonrach 2 2019). Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01) á cur san áireamh.

R.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú: Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus chun cáilíocht agus sábháilteacht na timpeallachta sin a uasghrádú (beart ID 16543)

Is é is cuspóir don athchóiriú an timpeallacht ghnó a dhéanamh níos fabhraí don infheistíocht, iontráil gnólachtaí agus cruthú post a éascú, agus faireachas margaidh éifeachtach a áirithiú. Is éard atá san athchóiriú idirghabhálacha rialála, riaracháin agus TF chun nósanna imeachta agus ceanglais a bhaineann le gníomhaíocht ghnó a shimpliú, chun deimhneacht rialála a éascú, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa chreat faireachais margaidh.

Athchóiriú: Éascaíocht maidir le gnó a dhéanamh (cód aitheantais birt 16591)

Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus an t-ualach riaracháin agus rialála ar ghnólachtaí a laghdú. Tá sé d'aidhm ag an athchóiriú freisin feabhas a chur ar rangú na Gréige i dtáscairí idirnáisiúnta, go háirithe 'Doing Business' de chuid an Bhainc Dhomhanda, eadhon creidmheas a fháil, leictreachas a fháil, maoin a chlárú, agus cead tógála a fháil, trí nósanna imeachta, am agus costas a laghdú agus trí chreat reachtach cobhsaí intuartha a áirithiú. Go sonrach, is éard atá ann sraith idirghabhálacha chun castacht na bpróiseas, an costas agus an t-am a bhaineann le gach ceann de na réimsí thuasluaite a laghdú, chomh maith le hoiliúint a chur ar bhaill foirne na hearnála poiblí a bhfuil baint acu le próisis agus gníomhaíochtaí for-rochtana den sórt sin do phríomhpháirtithe leasmhara. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

Athchóiriú: Córas dreasachta le haghaidh táirgiúlachta agus eisfhearadh fiontar (méid na bhfiontar a mhéadú) (beart ID 16598)

Is é is aidhm don athchóiriú dul i ngleic leis na laigí a bhaineann le fiontair na Gréige a bheith beag den chuid is mó. Cruthóidh sé réimse dreasachtaí cánach, agus dreasachtaí eile, chun daoine féinfhostaithe agus micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide a spreagadh chun barainneachtaí scála a mhéadú trí chumaisc, comhshónna, éadálacha agus scéimeanna comhair agus ardáin amhail comhfhiontair, braislí a chuirfidh táirgiúlacht níos airde agus onnmhairí méadaithe chun cinn freisin. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2022.

R.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Príomh-athchóiriú 10: Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus a uasghrádú ó thaobh cáilíochta agus sábháilteachta de — Éasca gnó a dhéanamh

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
317	18-4.7. Iomaíochas a fheabhsú agus infheistíochtaí príobháideacha agus onnmhairí a chur chun cinn — 16543_Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus chun cáilíocht agus sábháilteacht na timpeallachta sin a uasghrádú	Garsprioc	An beartas cáilíochta agus an creat rialála nua do bhonneagar cáilíochta a bhunú	Straitéis náisiúnta a ghlacadh maidir le bonneagar cáilíochta sa Ghréig), agus an rialachán cumasúcháin is gá a ghlacadh maidir le caighdeánú, méadreolaíocht, creidiúnú agus measúnú comhréireachta trí ghníomhartha reachtacha is gá (tabhair tagairt san Iris Oifigiúil); agus leasuithe reachtacha a ghlacadh ar dhlí 3325/2005 (Cuid B a bhaineann le gníomhaíochtaí monaraíochta a bhunú, a leathnú agus a nuachóiriú i Réigiún na hAtaice)				C2	2024	a) Creat rialála, eagrúcháin agus oibríochtúil nua-aimseartha a fhorbairt le haghaidh Bonneagar Cáilíochta sa Ghréig, i gcomhréir le Rialachán 765/2008 maidir le creidiúnú comhlachtaí um measúnú comhréireachta; agus (b) teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat rialála a bhaineann le gníomhaíochtaí monaraíochta a shuiteáil san Ataic d'fhonn deireadh a chur le srianta atá ró-ard agus nach bhfuil i gcomhréir le cuspóirí beartais. Cumhdófar le raon feidhme (b) aonaid thionsclaíocha nua a bhunú agus nuachóiriú na n-aonad atá ann cheana agus atá ag feidhmiú san Ataic, chomh maith le hathlonnú agus leathnú suiteálacha atá ann cheana san Ataic.
318	18-4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí príobháideacha agus	Garsprioc	Feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó — gnó a éascú	—I gcás gníomhaíochtaí lena gceanglaítear reachtaíocht:				C2	2024	An t-athchóiriú a chur i gcrích chun castacht na nósanna imeachta, an t-am agus an costas a laghdú i gceithre fholimistéar: creidmheas a fháil, nasc leictreachais a fháil, maoin a chlárú, agus cead tógála a fháil

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	onnmhairí a chur chun cinn — 16591_Éascacht gnó a dhéanamh			Foilsiú reachtaíochta san Iris Oifigiúil (tagairt na hIrise Oifigiúla) —Maidir le feidhmeanna idir-inoibritheachta, ardáin agus clárlanna: Córais a oibríochtú (arna fhianú le tuarascáil) —Seachadadh trealaimh le haghaidh trealaimh (arna fhianú le tuarascáil agus cruthúnas ar cheannach) —Feachtais a chur i gcrích agus treoirlínte a eisiúint (arna fhianú le treoirlínte/ciorclaigh eisithe)						Go sonrach, áireofar san athchóiriú na fothionscadail agus na gníomhaíochtaí seo a leanas: 1. Creidmheas a fháil —Creat rialála nua-aimseartha iontaofa a bhunú maidir le hurrúis i sócmhainní sochorraithe —Clár d'idirbhearta slána a bhunú 2. Cead Tógála a Fháil — Idir-inoibritheacht oibríochtúil a bhaint amach idir córas ríomhsheirbhísí le haghaidh ceadanna tógála agus córais phoiblí eile — Feachtais for-rochtana a chur chun feidhme le páirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach —Feistiú agus oiliúint foirne —Treoirlínte a chuirtear ar fáil ar líne — Sceideal na dtáillí ar fáil ar líne —Feidhmeanna cigireachta digití stáit don Roinn Dóiteáin 3. Leictreachas a Fháil —Na ceanglais maidir le cur i bhfeidhm ar HEDNO a shimpliú/a laghdú agus an córas chun méadair chearnacha a dhearbhú a aontú do Bhardais 4. Maoin a chlárú — Ríomhardán a chruthú lena gcuirfear ar chumas ceannaitheoirí na ceanglais uile a chomhlíonadh maidir le maoin a aistriú ar líne
319	18-4.7. Iomaíochas a fheabhsú agus infheistíochtaí príobháideacha agus onnmhairí a chur chun cinn — 16543_Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus chun cáilíocht agus	Garsprioc	An timpeallacht ghnó — simpliú agus faireachas margaidh a cheadúnú	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla agus cur i gcrích na ngníomhaíochtaí TF agus riaracháin faoi na hathchóirithe				R4	2025	— Na feidhmiúlachtaí nua a mholtar sa mheasúnú tionchair ex post ar an athchóiriú ceadúnúcháin a rinneadh a chomhtháthú sa chóras digiteach chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cheadúnú, — Teacht i bhfeidhm an dlí leasaithe 4442/16 chun na próisis cheadúnúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua a áireamh, (ceaintíní, seomraí idirlín, eagrú coinbhinsiún agus seónna trádála, gníomhaíochtaí cúraim leanaí, saoráidí tithíochta cúraim shóisialta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, spánna neamhtheiripeacha agus ionaid suathaireachta,

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	sábháilteacht na timpeallachta sin a uasghrádú									aonaid súdaireachta shaorga, agus stóráil bád i limistéir thalún), i gcomhréir le prionsabail Dhlíthe 4442/2016 agus 4512/2018, — Foilsiú an chódaithe riaracháin (*διοικητική κωδικοποίηση*) gníomhartha dlíthe 3325/2005, 3982/2011, 4302/2014 agus 4442/2016, — Straitéis náisiúnta faireachais margaidh táirgí a fhoilsiú dá dtagraítear i Rialachán 1020/2019, agus — Teacht i bhfeidhm an chórais nua faireachais ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha faoi reachtaíocht 4512/18, trí theacht i bhfeidhm gníomhartha dlí le haghaidh réimsí cigireachta na cosanta tomhaltóirí, na sláinte poiblí, na sláinte agus na sábháilteachta ceirde, agus shábháilteacht na mbonneagar; agus chun córas a bhunú i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar údaráis chigireachta sna réimsí cigireachta seo a leanas: cosaint tomhaltóirí, sláinte phoiblí, sláinte agus sábháilteacht cheirde, sábháilteacht bonneagar, sábháilteacht bia, cosaint an chomhshaoil, agus sábháilteacht táirgí —Uirlisí TF a sholáthar chun próisis feidhmeanna faireachais margaidh táirgí a éascú.

R.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

Infheistíocht: Saoráid Iasachta (cód aitheantais 16980)

Baineann an infheistíocht le húsáid tacaíochta iasachta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun soláthar dreasachtaí airgeadais don earnáil phríobháideach a éascú, agus chun infheistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn. Bainfidh an tSaoráid Iasachta úsáid as bealaí dáileacháin éagsúla, eadhon institiúidí airgeadais (trí cheannacháin bannaí corparáideacha nó iasachtaí sindeacáite (EUR 13268 milliún), ardán cothromais (EUR 600 milliún), agus urrann an Bhallstáit de Chlár InvestEU (EUR 800 milliún).

I gcás chainéal dáileacháin na n-institiúidí airgeadais, cuirfear iasachtaí ar fáil trí Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFI) agus trí bhainc thráchtála (CB). Cumhdóidh na hiasachtaí arna soláthar ag an Stát uasmhéid 50 % de na costais infheistíochta, le rannpháirtíocht na n-institiúidí airgeadais ag 30 % ar a laghad, agus rannpháirtíocht féichiúnaithe ag 20 % ar a laghad.

Iasachtaí ar cuireadh síneadh leo faoin tSaoráid Iasachta a aisíocadh laistigh de na 3 bliana tosaigh ó bhunú na Saoráide Iasachta, féadfar iad a athúsáid le haghaidh eisíocaíochtaí iasachta nua de chuid na Saoráide Iasachta. Mura ndéanfar amhlaidh, cuirfear athshreabha uile na Saoráide Iasachta i dtreo an chuntais leithscartha a úsáidfear go heisiach chun fónamh d'fhiachas poiblí agus, ar an gcaoi sin, cuideoidh siad le tacú le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí.

Ní mhaoineoidh an tSaoráid Iasachta ach tionscadail incháilithe. Go sonrach, áiritheoidh IFI agus CB an méid seo a leanas maidir leis na hinfheistíochtaí cistithe:

i. beidh glanluach láithreach dearfach aige, lena n-áiritheofar go mbeidh an cinneadh maidir le maoiniú bunaithe ar chritéir fhónta eacnamaíocha;

ii. tá siad ailínithe leis na cúig cholún straitéiseacha a leagtar síos don tSaoráid Iasachta, eadhon an t-aistriú glas, an digitiú, an t-eiseachadadh, barainneachtaí scála trí chumaisc agus éadálacha, an nuálaíocht (T & F);

iii. cloígh leis na rialacha maidir le Státchabhair.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sna comhaontuithe i gcomhthéacs na Saoráide Iasachta:

i. cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh;

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach3; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha4; (III) gníomhaíochtaí agus

[3] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[4] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola5 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla6; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

iii. a cheangal go bhfíorófar comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtionscadal le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Ina theannta sin, déanfaidh an tSaoráid Iasachta foráil maidir le gealltanas do chainéal dáileacháin na n-institiúidí airgeadais 48.98 % ar a laghad de na cistí a infheistiú chun tacú leis an aistriú aeráide agus 24.19 % de na cistí chun tacú leis an aistriú digiteach, agus úsáid á baint as an modheolaíocht in Iarscríbhinní VI agus VII den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Fíoróidh iniúchóirí neamhspleácha comhlíonadh DNSH agus an sprioc aeráide 48.98 % agus an sprioc dhigiteach 24.19 % roimh gach iarraidh ar eisíocaíocht.

Infheistíocht: Instealladh caipitil isteach sa Bhanc Forbartha Heilléanach (beart ID 16403)

Is é is aidhm don bheart seo tacú le hacmhainneacht fáis gheilleagar na Gréige trí choigeartú struchtúrach a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta poiblí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus neamhéifeachtúlachtaí laistigh den gheilleagar. Is éard a bheidh sa bheart instealladh caipitil EUR 2 bhilliún isteach sa Bhanc Forbartha Heilléanach.

Glacfaidh an Banc Forbartha Heilléanach beartas infheistíochta nua chun an caipiteal breise a úsáid. Áireofar sa bheartas infheistíochta tuairisc ar an táirge airgeadais nó ar na táirgí airgeadais mar aon leis an gcineál tairbhithe deiridh incháilithe a bhfuil coinne leis go dtacóidh an caipiteal breise leo ar dtús, lena n-áirítear an amlíne a bhfuil coinne léi maidir le cur chun feidhme agus méid ionchasach gach táirge airgeadais. Úsáidfidh an Banc Forbartha Heilléanach an córas iniúchóireachta agus rialaithe céanna le haghaidh an chaipitil bhreise a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach air i gcomhréir le hAirteagal 157 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ceanglófar leis an mBeartas Infheistíochta go gcomhlíonfaidh an táirge airgeadais nó na táirgí airgeadais a dtacaíonn an caipiteal breise leo an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa bheartas infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach7, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála

[5] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[6] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[7] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise

Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha8, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[9] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[10]. Thairis sin, i gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí, eisiafar ón mbeartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas substaintiúil acu11 sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara12; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail a astaíonn go leor CO213; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol14; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt15dramhaíola, (v) próiseáil breosla núicléach, táirgeadh fuinnimh núicléach. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtairbhithe deiridh.

---

sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[8] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[9] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[10] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[11] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[12] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[13] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[14] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[15] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Tá comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna faoin mbeart seo faoi réir chomhlíonadh sásúil gharsprioc 384 d’athchóiriú 16405 — Measúnú Cholún ar an mBanc Forbartha Heilléanach.

Athchóiriú: Measúnú colúin ar an mBanc Forbartha Heilléanach (beart ID 16405)

Is é is cuspóir don bheart seo a áirithiú go bhfuil na socruithe iomchuí curtha i bhfeidhm ag an mBanc Forbartha Heilléanach chun cistí an Aontais a chur chun feidhme. Is éard atá sa bheart sin measúnú a dhéanamh ar cholún an Bhainc Forbartha Heilléanaigh.

R.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Saoráid Iasachta (16980)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
320	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Garsprioc	Comhaontuithe oibríochtúla le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais	Comhaontú oibríochtúil le hInstitiúid Airgeadais Idirnáisiúnta amháin sínithe				C3	2021	Creat-socrú oibríochtúil a ghlacadh a úsáidfear le haghaidh gach comhaontaithe iasachta le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus na comhaontuithe oibríochtúla idir an Aireacht Airgeadais agus Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta amháin ar a laghad a shíniú. Leagfar amach an méid seo a leanas sa chreatshocrú oibríochtúil: a) Critéir maidir le rialachas, roghnú, faireachán agus iniúchadh, agus comhroinnt caillteanas mar a leanas i. An creat rialachais: a. Beidh an chinnteoireacht bunaithe ar chritéir fhónta eacnamaíocha agus beidh sí ar neamhthuilleamaí ón rialtas. b. Déanfaidh IFI meastóireacht ar iarrataí ar chistiú agus déanfaidh sé cinneadh bunaithe ar a gcritéir inmheánacha. Áiritheoidh IIÉ go bhfuil glanluachanna láithreacha dearfacha ag na hinfheistíochtaí cistithe, go bhfuil siad ailínithe leis na colúin straitéiseacha le haghaidh na Saoráide Iasachta agus go gcomhlíonann siad na rialacha maidir le Státchabhair. c. Déanfaidh Coiste tiomnaithe de chuid an Bhoird Infheistíochta faireachán ar an gcur chun feidhme, gan baint a bheith aige leis an bpróiseas roghnúcháin. Tuairisceoidh IIÉ do Choiste an Bhoird Infheistíochta go tráthrialta. ii. Méid na heisíocaíochta a dhéanfar i dtráinsí agus na módúlachtaí maidir le faireachán agus iniúchadh: a. Socrófar eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) chun faireachán a dhéanamh ar iasachtaí eisíoctha a d'fhéadfadh a

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										bheith ina dtagarmharcanna freisin chun tráinsí breise a scaoileadh go coinníollach. b. Tá trí leibhéal seiceálacha ar incháilitheacht beartaithe: (i) measúnú arna dhéanamh ag an institiúid airgeadais a sholáthraíonn an maoiniú; (II) measúnú arna dhéanamh ag iniúchóir deimhnithe neamhspleách sula soláthrófar maoiniú; agus (iii) measúnú ex post arna dhéanamh ag iniúchóir deimhnithe neamhspleách. Déanfaidh iniúchóirí neamhspleácha measúnú ar incháilitheacht na n-infheistíochtaí de réir na gcritéar roghnúcháin agus ar chomhlíonadh na rialacha ábhartha maidir le Státchabhair. iii. Caillteanais ar iasachtaí (bannaí nó sindeacáitithe): Beidh an Stát agus an IFI rannpháirteach pari passu. Déanfar gach cinneadh maidir le hathstruchtúrú a leithdháileadh ar na hinstitiúidí airgeadais. iv. Eisiafar athmhaoiniú iasachtaí gan íoc. b) Critéir roghnúcháin chun an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) a chomhlíonadh maidir le gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht, lena gceanglaítear go n-úsáidfidh iniúchóir neamhspleách díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus seiceálacha éigeantacha ar chomhlíonadh dlí le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. C) Gealltanas 38.5 % ar a laghad de na cistí a infheistiú chun tacú leis an aistriú aeráide agus 20.8 % de na cistí chun tacú leis an aistriú digiteach, agus úsáid á baint as an modheolaíocht in Iarscríbhinní VI agus VII de Rialachán RRF.
321	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas	Garsprioc	Glao ar bhainc thráchtála a	Seoladh an ghlao				C3	2021	Creat-socrú oibríochtúil a ghlacadh a úsáidfear le haghaidh gach comhaontaithe iasachta le bainc thráchtála agus glao a

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP		sheoladh							sheoladh ar roghnú banc tráchtála lena n-áirítear: critéir maidir le rialachas, roghnú, faireachán agus iniúchadh, agus comhroinnt caillteanas de réir na bprionsabal céanna leo sin maidir le hiasachtaí a chuirtear trí IFI mar a thuairiscítear thuas (garsprioc uimh. 320). Ní sholáthrófar aon ráthaíocht stáit ar iasachtaí arna síneadh ag bainc thráchtála faoi chuimsiú na Saoráide Iasachta. b) Critéir roghnúcháin chun an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) a chomhlíonadh maidir le gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht, lena gceanglaítear go n-úsáidfidh iniúchóir neamhspleách díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus seiceálacha éigeantacha ar chomhlíonadh dlí le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. C) Gealltanas 38.5 % ar a laghad de na cistí a infheistiú chun tacú leis an aistriú aeráide agus 20.8 % de na cistí chun tacú leis an aistriú digiteach, agus úsáid á baint as an modheolaíocht in Iarscríbhinní VI agus VII de Rialachán RRF.
322	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Garsprioc	Comhaontú le haghaidh ardán cothromais	Comhaontú sainordaithe sínithe				C1	2022	Síniú an chomhaontaithe sainordaithe idir an Aireacht Airgeadais agus an Banc Forbartha Heilléanach le haghaidh Infheistíochtaí, a bhainisteoidh Ciste Cistí Mezzanine agus Equifund Innovate Now. Áireofar sa chomhaontú sainordaithe na critéir roghnúcháin chun Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) na gcuideachtaí dá dtugtar tacaíocht a chomhlíonadh, lena gceanglaítear go n-úsáidfidh iniúchóir neamhspleách díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus seiceálacha éigeantacha ar chomhlíonadh dlí le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.
323	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a	Garsprioc	Comhaontú ranníocaíochta InvestEU	Comhaontú Ranníocaíochta sínithe				C1	2022	Síniú Chomhaontú Ranníocaíochta InvestEU idir an Aireacht Airgeadais agus an Coimisiún Eorpach, lena n-áirítear: a) na critéir roghnúcháin chun Treoir Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01) na

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP									gcuideachtaí dá dtugtar tacaíocht a chomhlíonadh, lena gceanglaítear go n-úsáidfidh iniúchóir neamhspleách díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus seiceálacha éigeantacha ar chomhlíonadh dlí le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. b) Gealltanas 38.5 % ar a laghad de na cistí a infheistiú chun tacú leis an aistriú aeráide agus 20.8 % de na cistí chun tacú leis an aistriú digiteach, agus úsáid á baint as an modheolaíocht in Iarscríbhinní VI agus VII de Rialachán RRF.
324	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Cuspóir sonrach	EUR 586.4 milliún de chistí institiúidí airgeadais sínithe le tairbhithe deiridh		Céatadán na gcistí a síníodh	0	5	R4	2022	Síníodh EUR 586.4 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta STA a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus comhroinnte caillteanais, na Treorach Teicniúla maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus na sprice aeráide 38.5 % agus na sprice digití 20.8 %.
325	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Cuspóir sonrach	EUR 3518.4 milliún de chistí institiúidí airgeadais sínithe le tairbhithe deiridh		Céatadán na gcistí a síníodh	5	30	R4	2023	Síníodh EUR 3518.4 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta STA a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus le bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus roinnte caillteanas, na Treorach Teicniúla maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus na sprice aeráide 38.5 % agus na sprice digití 20.8 %.
325a	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a	Cuspóir sonrach	EUR 4518.4 milliún de chistí institiúidí airgeadais		Méid (EUR) na gcistí sínithe	3 518.4	4 518.4	C2	2024	Síníodh EUR 4518.4 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta STA a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus le bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP		sínithe le tairbhithe deiridh							neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus roinnte caillteanas, na Treorach Teicniúla maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an rannchuidithe leis an sprioc aeráide 38.5 % agus leis an sprioc dhigiteach 20.8 %.
326	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Cuspóir sonrach	EUR 7064 mhilliún de chistí institiúidí airgeadais sínithe le tairbhithe deiridh		Méid (EUR milliún)	4 518.4	7 064	R4	2024	Síníodh EUR 7064 mhilliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta STA a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus le bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus roinnte caillteanas, na Treorach Teicniúla maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an rannchuidithe leis an sprioc aeráide 41.5 % agus leis an sprioc dhigiteach 20.8 %.
327	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Cuspóir sonrach	EUR 9800 milliún de chistí institiúidí airgeadais sínithe le tairbhithe deiridh		Méid (milliún EUR)	7 064	9 800	R4	2025	Síníodh EUR 9800 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta STA a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus le bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus roinnte caillteanas, na Treorach Teicniúla maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an rannchuidithe leis an sprioc aeráide 48.98 % agus leis an sprioc dhigiteach 24.19 %.
327a	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Cuspóir sonrach	EUR 11500 milliún de chistí institiúidí airgeadais sínithe le tairbhithe deiridh		Méid (EUR milliún)	9 800	11 500	C1	2026	Síníodh EUR 11500 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta STA a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus le bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus roinnte caillteanas, na Treorach Teicniúla maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus an rannchuidithe leis an sprioc aeráide

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										48.98 % agus leis an sprioc dhigiteach 24.19 %.
328	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Cuspóir sonrach	EUR 13268 milliún de chistí institiúidí airgeadais sínithe le tairbhithe deiridh		Méid (EUR milliún)	11 500	13 268	C2	2026	Síníodh EUR 13268 milliún (lena n-áirítear táillí bainistíochta) de chistí saoráide iasachta STA a bhaineann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus le bainc thráchtála leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an sainordú a shainítear sa gharsprioc agus tar éis d'iniúchóirí neamhspleácha fíorú ex-ante a dhéanamh ar chomhlíonadh critéar rialachais, roghnúcháin, faireacháin agus iniúchóireachta agus roinnte caillteanas, ar an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) agus ar an rannchuidiú leis an sprioc aeráide 48.98 % agus leis an sprioc dhigiteach 24.19 %.
328a	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Garsprioc	An tSaoráid Iasachta — Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht Airgeadais	Deimhniú aistrithe				C2	2026	Aistreoidh an Ghréig EUR 13268 milliún chuig Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus chuig bainc thráchtála le haghaidh na Saoráide Iasachta.
329	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le cistí — EUR 500 milliún		Méid (EUR milliún)	0	500	R4	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlí déanta ag Banc Forbartha Heilléanach na nInfheistíochtaí le cistí ar mhéid is gá chun EUR 500 milliún ar a laghad den tacaíocht chothromais a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
329a	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Cuspóir sonrach	Comhaontuithe dlíthiúla sínithe le cistí — EUR 600 milliún		Méid (EUR milliún)	500	600	C1	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlí déanta ag Banc Forbartha na nInfheistíochtaí Heilléanacha le cistí ar mhéid is gá chun EUR 600 milliún ar a laghad den tacaíocht chothromais a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
330	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas	Cuspóir sonrach	Formheas oibríochtaí		Méid (EUR milliún)	0	500	R4	2025	Formheasann Coiste Infheistíochta InvestEU oibríochtaí infheistíochta dar luach EUR 500 milliún de mhéid

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP		InvestEU de EUR 500 milliún							foriomlán an mhaoinithe a spriocdhírítear air (nó na hinfheistíochta a shlógtar).
330a	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — Saoráid Iasachta 16980_RRP	Cuspóir sonrach	Formheas oibríochtaí InvestEU de EUR 800 milliún		Méid (EUR milliún)	500	800	C2	2026	Formheasann Coiste Infheistíochta InvestEU oibríochtaí infheistíochta dar luach EUR 800 milliún de mhéid foriomlán an mhaoinithe a spriocdhírítear air (nó na hinfheistíochta a shlógtar).

Instealladh caipitil isteach sa Bhanc Forbartha Heilléanach (16403)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscaire cainníochtúil (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
382	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16403_Instealladh caipitil isteach sa Bhanc Forbartha Heilléanach	Garsprioc	Beartas infheistíochta	Beartas infheistíochta a ghlacadh				C2	2026	Beartas nua infheistíochta a ghlacadh don Bhanc Forbartha Heilléanach maidir leis an instealladh caipitil breise a úsáid.
383	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16403_Instealladh caipitil isteach sa Bhanc Forbartha Heilléanach	Garsprioc	Instealladh caipitil	Deimhniú aistrithe				C2	2026	Aistreoidh an Ghréig EUR 2 bhilliún chuig an mBanc Forbartha Heilléanach chun a caipiteal a mhéadú. Chomh maith leis an instealladh caipitil isteach sa Bhanc Forbartha Heilléanach arb ionann é agus infheistíocht RRF, tarchuirfidh an Ghréig tuarascáil ina leagfar amach na gníomhaíochtaí a rinne an Banc Forbartha Heilléanach faoin 31 Lúnasa 2026 chun an beartas infheistíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear na céimeanna a glacadh chun na táirgí airgeadais a chur chun feidhme a bhfuiltear ag súil go dtacóidh an caipiteal breise leo ar dtús, chomh maith leis na céimeanna a bhfuiltear ag súil leo chun na táirgí sin a chur chun feidhme tuilleadh.

Measúnú colúin ar an mBanc Forbartha Heilléanach (16405)

Sraith Uimh.	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscaire cainníochtúil (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir			
384	4.7. Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn — 16405_Measúnú colún ar an mBanc Forbartha Heilléanach	Garsprioc	Tá measúnú colúin déanta ar an mBanc Forbartha Heilléanach	Déantar measúnú colúin ar an mBanc Forbartha Heilléanach chun cistí an Aontais a chur chun feidhme				C2	2026	Déanann iniúchóir seachtrach neamhspleách measúnú dearfach ar cholún an Bhainc Forbartha Heilléanaigh.

T. COMHCHUID 5.1: REPowerEU REFORMS

T.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

